


# Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath,

## Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite
## Don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2018

Clár

| | Leathanach |
|---|---|
| Tuarascáil an Phríomhoifigigh Eatramhaigh Airgeadais | 2 – 7 |
| Ráiteas Freagrachtaí | 8 |
| Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach | 9 – 15 |
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Bord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath ar na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite | 16 – 18 |
| Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite: | |
| Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile maidir le hIoncam Cuimsitheach | 19 |
| Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile maidir le hAthruithe sa Chúlchiste | 20 |
| Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile maidir leis an Staid Airgeadais | 21 |
| Ráiteas Comhdhlúite maidir le Sreabhadh Airgid | 22 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite | 23 – 51 |
| Ciorclán 13/2014 - bainistíocht ar dheontais ó chistí Státchiste agus cuntasacht i leith na gcistí sin | 52 |

## Tuarascáil an Phríomhoifigigh Eatramhaigh Airgeadais


Cuirim i láthair Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath ("an Ollscoil", "Coláiste na Tríonóide"), a cheadaigh an Bord an 27 Márta 2019. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite freisin de réir Chaighdeán Tuairiscíochta Airgeadais 102 (FRS 102) agus an Ráitis Chleachtais Mholta ("SORP") - Cuntasaíocht d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais (2015), arna eisiúint ag Bord HE/FE SORP sa RA, ar ghlac an Ollscoil leis go toilteanach. Sa chomhthéacs seo, rinne an Ollscoil athbhreithniú ar a chuid beartas cuntasaíochta agus rinne sé breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama chun léargas fíor agus cothrom ar ghnóthaí na hOllscoile amhail an 30 Meán Fómhair 2018 a chinntiú.

Áirítear gnóthais na hOllscoile agus a gnóthas fochuideachta sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite de réir mar atá leagtha amach i nóta 28. Tá míniú níos mionsonraithe tugtha ar bhunús an ullmhaithe sa Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar leathanaigh 23 go 27.

Tá achoimre ar thorthaí 2017/2018 leagtha amach i dTábla 1 thíos, agus tugtar comparáid chomh maith le blianta eile agus treochtaí le cúig bliana anuas. Thuairisc an Ollscoil barrachas réasúnta €0.9m in 2017/18, i gcomparáid le heasnamh €3.5m in 2016/17 agus easnamh €9.4m, €14m agus €21.9m sna 3 bliana roimhe sin faoi seach. Gan gnóthachain agus caillteanais infheistíochta san áireamh, thaifead an Ollscoil easnamh €6.2m in 2017/18 i gcomparáid le heasnamh €13.1m roimh ghnóthachain agus caillteanais eile in 2016/17. B'ionann tuilleamh roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh (EBITDA) agus €13.7m in 2017/18, a léiríonn méadú 26% ar an EBITDA €10.9m a taifeadadh sa bhliain roimhe sin.

| Tábla 1 Achoimre ar Thorthaí | | FRS102 | | | | GAAP na hÉireann |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Athshonraithe | | | |
| | Treolínte 5 bliana | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 |
| | | €m | €m | €m | €m | €m |
| Deontais Stáit | | 48.7 | 44.5 | 44.0 | 44.5 | 47.3 |
| Táillí Acadúla | | 149.0 | 137.3 | 130.5 | 128.9 | 122.2 |
| Deontais agus conarthaí taighde | | 99.7 | 100.1 | 92.2 | 85.2 | 78.0 |
| Ioncam eile | | 59.8 | 53.4 | 50.6 | 44.5 | 51.2 |
| Ioncam ó infheistíocht* | | 7.0 | 6.0 | 6.8 | 7.0 | 7.0 |
| Deonacháin agus dearlaicí | | 15.0 | 14.9 | 11.7 | 12.9 | - |
| Ioncam Iomlán** | | 379.2 | 356.2 | 335.8 | 323.0 | 305.7 |
| Costais foirne | | 263.0 | 245.9 | 234.7 | 231.1 | 225.7 |
| Speansais oibríochta eile | | 102.5 | 99.4 | 92.7 | 94.5 | 89.4 |
| Iomlán na speansas oibríochta | | 365.5 | 345.3 | 327.4 | 325.6 | 315.1 |
| **Tuillimh roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh (EBITDA)** | | **13.7** | **10.9** | **8.4** | **(2.6)** | **(9.4)** |
| Lúide: | | | | | | |
| Dímheas agus diúscairt (glan ar amúchadh) | | (15.8) | (20.1) | (34.4) | (19.8) | (17.0) |
| Ioncam glan-úis / (iníoctha) | | (4.0) | (3.9) | (4.6) | (3.6) | (3.4) |
| Cánachas | | (0.1) | - | - | - | - |
| Dímheas roimh ghnóthachain agus caillteanais eile | | (6.2) | (13.1) | (30.6) | (26.0) | (29.8) |
| Móide: | | | | | | |
| (Caillteanas)/Gnóthachan ar mhaoin infheistíochta a athluacháil | | (0.3) | 4.5 | 11.6 | 9.9 | 7.9 |
| Gnóthachan ar infheistíocht | | 7.4 | 5.1 | 9.6 | 2.1 | - |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain** | | 0.9 | (3.5) | (9.4) | (14.0) | (21.9) |

* Ní bhaineann ioncam úis le hioncam infheistíochta
** Ioncam iomlán gan amúchadh deontas caipitil ná ús ar ioncam san áireamh




**Fíor 1**

B'ionann an t-ioncam comhdhlúite (gan amúchadh na ndeontas caipitil agus ioncam úis san áireamh), €379.2m (2016/17: €356.2m), agus méadú €23m nó 6.5% sa bhliain, agus léirigh sin an rath leanúnach atá ar Choláiste na Tríonóide mic léinn a mhealladh agus a bhonn ioncaim neamh-Státchiste a éagsúlú.


B'ionann an t-ioncam ó tháillí acadúla agus €149m in 2017/18, ardú €11.7m ar an mbliain, agus léirigh sin fás 2.6% ar líon na mac léinn ó 17,630 in 2016/17 go dtí 18,081 in 2017/18, agus méadú ar an meascán de mhic léinn neamh-AE ó 13% go dtí 15% den bhonn mac léinn iomlán.

Bhí an t-ioncam taighde seasmhach i gcónaí ag €99.7m (2016/17: €100.1m) agus tháinig méadú €6.4m ón mbliain roimhe ar ioncam eile go dtí €59.8m, arna thiomáint ag fás leanúnach sna hioncaim thráchtála.

| Bliain | AE | Neamh-AE | Iomlán |
|---|---|---|---|
| 2017/18 | 85% | 15% | 18,081 |
| 2016/17 | 87% | 13% | 17,630 |
| 2015/16 | 89% | 11% | 17,511 |
| 2014/15 | 90% | 10% | 17,080 |

**Tábla 2**

Bhí deonacháin agus ioncam dearlaice seasmhach ag €15m in 2017/18 (2016/17: €14.9m) and tháinig méadú €4.2m ar dheontais ón stát go dtí €48.7m bliain i ndiaidh bliana.





**Fíor 2**

**B'ionann an caiteachas comhdhlúite (gan dímheas agus ús iníoctha san áireamh) don bhliain agus €365.5m (2016/17:** €345.3m), méadú €20.2m sa bhliain. Bhí sin den chuid is mó mar gheall ar chostais foirne níos airde €17.1m mar thoradh ar líon fostaithe níos airde (acadúil, taighde agus tráchtáil) agus aistriú pá luathaithe arna cheadú ag an Stát faoi Chomhaontú Bhóthar Lansdún (tharla an incrimint pá 1% i nDeireadh Fómhair 2017). Tá méadú tagtha ar chostais foirne tríd is tríd de réir leibhéal gníomhaíochta arb ionann iad agus 69.4% den ioncam iomlán (2016/17: 69.0%). Tháinig méadú 3.1% ar chostais oibríochta eile bliain ar bhliain, mar gheall go príomha ar an méadú ar ghníomhaíocht a bhaineann leis an méadú ar ioncam tráchtála. Féach nótaí 8 agus 9 de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite chun miondealú breise ar ioncam a fháil.

## Caiteachas Caipitil agus Sreabhadh Airgid

In 2017/2018, rinne an Ollscoil €68m a infheistiú i gcaiteachas caipitil ar phríomhthionscadail bhonneagair mar Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide agus Cearnóg na Clólainne, chomh maith le hinfheistíocht leanúnach a dhéanamh sna háiseanna atá ar an gcampas cheana féin. Léiríonn méid na hinfheistíochta an tiomantas láidir atá ann campas de scoth an domhain a chur ar fáil dár mic léinn agus dár bhfoireann agus tá pleananna don todhchaí go maith chun cinn d'fhás spriocdhírithe i réimsí sonracha lena n-áirítear Teilgcheártа Foghlama E3 (tionscadal uaillmhianach agus nuálach chun saineolas innealtóireachta, teicneolaíochta agus eolaíocht a lánpháirtiú), Ceantar Nuálaíochta na Canálach Móire agus cóiríocht bhreise do mhic léinn.




Caipitil Carnach
5 bliana
Caiteachas

€165m

**Fíor 3**

B'ionann iarmhéideanna airgid agus infheistíochtaí i sócmhainní reatha agus €187.3m amhail an 30 Meán Fómhair 2018 (2017: €217.8m) a léirigh eis-sreabhadh airgid €30.4m sa bhliain. Táimid in áit mhaith fós chun an clár caipitil reatha a mhaoiniú agus chun athinfheistíocht a dhéanamh i sócmhainní dearlaice ag teacht le straitéisí infheistíochta ceadaithe. Tá Beartas cuimsitheach Cistíochta i bhfeidhm ag an Ollscoil a ndéanann an Coiste Airgeadais athbhreithniú go rialta air d'fhonn riosca a íoslaghdú.


Amhail an 30 Meán Fómhair 2018, b'ionann an fiachas bainc agus €145m, agus bhain sé le hiasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta chun tionscadail bhonneagair a mhaoiniú mar Institiúid na nEolaíochtaí Bithleighis, Coláiste na Tríonóide, Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide agus Cearnóg na Clólainne. Síníodh saoráid iasachta eile €100m leis an EIB an 5 Deireadh Fómhair 2018. Ní dhearnadh aon tarraingt anuas déanta go fóill ar an tsaoráid sin. Bainfear úsáid as an tsaoráid sin chun tionscadail bhonneagair amach anseo a mhaoiniú.

Chomhlíon an Ollscoil a cúnaint bhainc go léir ag deireadh na bliana agus leagtar amach i dTábla 3 thíos fiachas na hOllscoile (iasachtaí agus léasanna airgeadais) mar chéatadán de na glansócmhainní.

**Tábla 3 – Fiachas mar % de Ghlansócmhainní**

| | FRS102 | | | | GAAP na hÉireann |
|---|---|---|---|---|---|
| | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 |
| Fiachas mar % de ghlansócmhainní | 25% | 25% | 25% | 17% | 16% |

**Deontais Taighde agus Conarthaí**




**Fíor 4**


B'ionann leibhéal an ioncaim taighde do 2017/18 a taifeadadh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (tomhaiste ar bhonn an chaiteachais taighde i rith na bliana agus ní ar an ioncam deontais a fuarthas) leibhéal na bliana roimhe sin ag c.€100m. B'ionann luach na ndámhachtainí nua a daingniú sa bhliain agus €113m (2016/17: €115m). Áiríodh sna Dámhachtainí Nua in 2017/2018 deontas €4.6m ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann chun tacú le Taighde um Eangach Chliste agus Taighde um Chathair Chliste chomh maith le €3.6m ón mBord Taighde Sláinte chun tacú le Gníomhaíochtaí Taighde Cliniciúil. In 2017/18 b'ionann an cóimheas ioncaim taighde Státchiste/neamh-Státchiste agus 55:45 (2016/17: 59:41).

Lean an rath atá ar Choláiste na Tríonóide maoiniú AE a mhealladh in 2017/18 agus b'ionann luach na ngradam nua a maoiníodh faoin gclár Horizon 2020 agus €24m (2016/17: €23m). Tá Coláiste na Tríonóide chun cinn go náisiúnta faoin H2020 agus tá maoiniú iomlán de €89m faighte aige go dtí seo ón mbliain 2014, agus sáraíonn sin an íostarraingt iomlán a rinneadh faoi Chreatchlár 7. Mar thoradh air sin, tá an Ollscoil rangaithe sa 34ú háit san Eoraip i measc na nInstitiúidí Ardoideachais ar fad (HEInna) maidir le luach na gconarthaí a síníodh. Tá 48% de gach dámhachtain a bhronn an Chomhairle Eorpach um Thaighde (ERC) in Éirinn ó 2014 bainte amach ag an Ollscoil. Is cuid lárnach de straitéis taighde Choláiste na Tríonóide é an méid deiseanna agus is féidir i ndáil le taighde den scoth a dhéanamh trí chláir an AE a thapú, agus is cuid lárnach chomh maith é nascadh le hollscoileanna eile san Eoraip trí bhallraíocht a ghlacadh i líonraí acadúla. Mar thoradh air sin go léir, tugadh cuireadh dúinn anuraidh dul isteach i gConradh Ollscoileanna Taighde na hEorpa, nó LERU. Cumann é seo ina bhfuil 23 ollscoil dian-taighde Eorpacha, atá tiomanta don luach a bhaineann le teagasc ar ardchaighdeán laistigh de thimpeallacht taighde iomaíoch idirnáisiúnta. Mar bhall de LERU, cuidíonn an Ollscoil le tionchar a imirt ar pholasaí ag leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ag leibhéal ballstáit mar líonra a bhfuil meas air seachas ina aonar, agus déanann dea-chleachtais idir comhaltaí a fhorbairt agus aontaíonn gníomhartha i gcomhar.

Cé go bhfuil an timpeallacht taighde fós iomaíoch, baineann an Ollscoil tairbhe i gcónaí as rath na Straitéise Éagsúlachta Taighde, a dhíríonn ar mhaoiniú AE, tionscail agus maoiniú eile a thagann as foinsí eile seachas an Státchiste. Tá ráta aisghabhála íseal na gcostas indíreach 17.9% a baineadh amach in 2017/18 i gcomórtas le ráta 59% an Chostais Iomlán Eacnamaíochta (FEC) fós ina ábhar imní.

Beidh gá le dul i ngleic leis an mbearna maoinithe sin má tá an Ollscoil chun leanúint de thaighde ag leibhéal de scoth an domhain a tháirgeadh.

### Ciste Dearlaice Choláiste na Tríonóide




**Fíor 5**

Is éard atá i gCistí Dearlaice Choláiste na Tríonóide, cistí buana a chuireann tacaíocht airgid ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí áirithe Ollscoile feasta, lena n-áirítear cathaoireacha, scoláireachtaí agus comhaltachtaí a bhronntar ar dhaoine, taighde, tionscadail chaipitil agus lear mór spriocanna eile acadúla. B'ionann iomlán na gcistí arna gcoinneáil ag an gCiste Dearlaice agus €201m amhail an 30 Meán Fómhair 2018, atá anois ag sárú an spriocluacha de €180m a leagadh amach i bPlean Straitéiseach na hOllscoile 2014-2019.

Ón mbliain 1996 i leith, tá luach €34m i ndearlaicí nua curtha leis an gciste (€3.3m in 2017/18) agus tá glan-luachmhéadú €120m curtha ar fáil, gan torthaí san áireamh agus baineadh úsáid astu sin chun ranníocaíocht ioncaim i dtreo ghníomhaíochtaí na hOllscoile a mhaoiniú.

**Tábla 4 – Aischur Infheistíochta**

| | *Aischur Iarbhír | **Tagarmharc |
|---|---|---|
| **2018** | 7.5% | 9.2% |
| **2017** | 5.8% | 4.8% |
| **2016** | 10.0% | 9.8% |
| **2015** | 5.1% | 6.2% |
| **2014** | 15.3% | 15.2% |

* Tuairisceáin Bhliantúlaithe (glan ar tháillí bainistíochta)
** Tuairisceáin Thagarmhairc Chomhiomlána

Bhain an Ciste glan-aischur de 7.5% amach in 2017/2018 agus fuair an Ollscoil ranníocaíocht oll-ioncaim €7m dá bharr. Léirítear i dTábla 4 feidhmíocht iarbhír an Chiste Dearlaice i gcomparáid le tuairisceán comhiomlán tagarmhairc de réir bliana ó 2014-2018. In 2017, i ndiaidh athbhreithniú mionsonraithe, rinneadh athstruchtúrú suntasach ar an bpunann chun an sealbhas ioncaim sheasta a laghdú agus rinneadh athinfheistiú i gciste gnáthscaireanna domhanda (iar-Bhreosla Iontaise). Amhail an 30 Meán Fómhair 2018, bhí dídhílsiú iomlán déanta ar an bpunann ó Ioncam Seasta agus coinníodh na cistí sin mar airgead tirim ag deireadh na bliana. Déanfaidh an Ollscoil na cistí sin a athinfheistiú i mbonneagar idirnáisiúnta agus i sócmhainní maoine in 2018/19.

### Soláthar

Leantar den Straitéis Soláthair a chur ar fáil agus baineadh sábháil c.€1.3m amach in 2017/18 (FY16/17:c.€3.3m) fud na gcatagóirí caiteachais ar fad lena n-áirítear Oibreacha Caipitil. Áirítear i measc fachtóirí a bhfuil tionchar acu ar an bhfigiúr sábhála níos ísle líon níos lú de thairiscintí ar mhór-scála ó chláir taighde, tairiscintí nach bhfuil bronnta go fóill i mbliain fhioscach nua agus deiseanna lagaithe mar gheall gur tairgeadh conarthaí roimhe seo. Mhéadaigh gníomhaíocht ar fud na gcatagóirí eile a bhain le Saotharlann & Taighde, ICT, Saoráidí, Taisteal, AD, Margaíocht agus Seirbhísí Gairmiúla anuraidh agus tionóladh 92 chomórtas aonair. Gné ar leith amháin ab ea Plean Soláthair Ilbhliantúil 3 bliana a chur ar fáil don tSeirbhís Soláthair Oideachais agus don HEA. Beidh leibhéal níos airde de chomhoibriú lárnach agus glacadh éigeantach le conarthaí rialtais i gceist leis an riachtanas seo atá bunaithe ar

ghníomhaireachtaí chun gach conradh reatha a chlárú agus gach tairiscint a sháróidh €25k a chomhordú (gan tionscadail chaipitil san áireamh).

### Cáilíocht an Iniúchta

Mar ab amhlaidh le blianta roimhe seo, ba mhaith liom d'aird a tharraingt ar an tuairim iniúchta cáilithe a d'eisigh KPMG, na hiniúchóirí atá ceaptha ag an mBord. Tá sócmhainn infhaighte shochair scoir san áireamh i gcónaí ag an Ollscoil sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais i ndáil leis an Máistirscéim Pinsin, Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, Scéim Pinsin Shamplach agus an Forlíonadh Pinsin (ag teacht le hollscoileanna eile in Éirinn) chun aitheantas a thabhairt don mhaoiniú atá dlite ón Stát i ndáil le gach dliteanas sochair scoir a mhaoinítear anois ar bhonn “íoc mar a thuilltear”. Tá sé curtha in iúl ag an HEA go bhfuil sé cuí ag an Ollscoil sócmhainní pinsin a áireamh ar an mbonn sin. Mar sin féin, is í tuairim KPMG nár ghlac an Stát le hoibleagáid fhoirmiúil, a raibh reachtaíocht mar bhun taca faoi, maidir leis an Scéim Shamplach Pinsin agus Forlíonadh Pinsin amhail an 30 Meán Fómhair 2018 agus tá tuairim iniúchta cáilithe acu ar an mbonn sin. Ba chóir a thabhairt ar aird gur cuireadh bonn reachtúil faoin Scéim Shamplach, nuair a ritheadh Ionstraim Reachtúil 393 de 2018, faoinar glacadh na rialacha i ndáil le Rialachán a bhí ann cheana i ndáil le Comhaltaí Scéim Pinsin na Seirbhísí Poiblí 2014 (IR 582 de 2014) mar rialacha na Scéime Samplaí, faoi réir athruithe áirithe mar a shonraítear in IR 393 de 2018. Mar sin, measann an Ollscoil go bhfuil sé réasúnach, ar chomhairle a fháil ó na comhairleoirí dlí atá againn, tagairt don Stát a bheith ag cur ráthaíocht 'de facto' ar fáil i leith na Scéime Samplaí. Féachfaidh an Ollscoil, arís, le tuilleadh soiléirithe a fháil ón HEA i ndáil leis an gcáilíocht iniúchta atá eisithe ag KPMG a bhaineann leis an Scéim Samplach.
Ní mór a thabhairt ar aird chomh maith, nár eisigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) cáiliú maidir leis seo, mar go léiríonn aithint na sócmhainne i ndáil le maoiniú pinsin maidir leis an Scéim Shamplach Pinsin agus an Forlíonadh Pinsin go gcuirfidh an Stát maoiniú ar fáil chun freastal ar dhliteanais shochair scoir de réir mar a bhíonn siad dlite. Tá bonn tuisceana sa chur chuige cuntasaíochta seo go gcuirfear aon ioncam a ghineann an Ollscoil i bhfeidhm ar dtús i dtreo costas reatha agus go bhfreastalóidh aon mhaoiniú ón Stát ar aon easnamh sócmhainní chun dliteanais shochair scoir a mhaoiniú amach anseo.

### Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPI-anna)

Leagtar amach sa tábla seo a leanas achoimre ar phríomhtháscairí feidhmíochta (KPI-anna) agus léirítear an fheidhmíocht a baineadh amach i gcomórtas le spriocanna 2019 mar atá leagtha amach i bplean straitéiseach 5 bliana na hOllscoile 2014-2019.

| FRS102 | | | | | | | GAAP na hÉireann |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| KPI-anna | Sprioc 2019 | Stádas RAG | 2018 | 2017 athshonraithe | 2016 athshonraithe | 2015 athshonraithe | 2014 |
| EBITDA [1] mar % den ioncam | 6.0% | A | 3.6% | 3.1% | 2.5% | -0.8% | -3.1% |
| Barrachas Iomlán mar % den ioncam [2] | 3.0% | A | 0.2% | -1.0% | -2.8% | -4.3% | -7.1% |
| Ioncaim Státchiste/Neamh-Státchiste [3] | 40:60 | G | 40:60 | 41:59 | 43:57 | 44:56 | 45: 55 |
| Cóimheas Pá/Neamhphá [4] | 65: 35 | A | 72:28 | 71:29 | 72:28 | 71: 29 | 72: 28 |
| Pá mar % d'Ioncam Oibríochta | 65% | A | 69% | 69% | 69% | 72% | 74% |
| Glan-Sócmhainní | €800m | G | €812m | €811m | €805m | €815m | €909m |
| Luach an Chúlchiste Dearlaice | €180m | G | €201m | €189m | €181m | €169m | €165m |

**Tábla 5**

[1] Tuilleamh roimh ús, cháin, dhímheas agus amúchadh, laguithe aon uaire agus amúchadh
[2] Ioncam roimh ghnóthachain/chaillteanais neamhréadaithe agus amúchadh
[3] Gan maoiniú Stáit maidir le pinsin, íocaíochtaí SUSI agus amúchadh deontas caipitil san áireamh (arna gcomhaontú san earnáil)
[4] Gan costais dhímheasa, laguithe aon uaire agus úis san áireamh

## Conclúid

Chonacthas sa bhliain airgeadais 2017/18 go raibh feabhas leanúnach ar staid airgeadais na hOllscoile agus baineadh barrachas amach den chéad uair le blianta fada. I bhfianaise na ndúshlán airgeadais a bhí ag an Ollscoil le blianta beaga anuas, is mór an sásamh é go bhfuil feabhas á chur ar fáil i gcónaí maidir leis na straitéisí chun ioncam neamh-Státchiste a ghiniúint (mic léinn iarchéime agus idirnáisiúnta, tráchtálú, daonchairdeas, taighde agus rannpháirtíocht tionscail). Cé go bhfuil feidhmíocht airgeadais na hOllscoile ag neartú, tá dúshláin mhóra ann i gcónaí áfach i ndáil le hinbhunaitheacht airgeadais níos fadtéarmaí a bhaint amach. Tá neamhchinnteacht i gcónaí ann don earnáil maidir le tiomantas an Rialtais do mholtaí thuarascáil Cassells (atá fós le réiteach agus gan aon amlíne socraithe maidir le réiteach) agus do shampla maoinithe fadtéarmach a bhunú. Níl ach 13% den ioncam iomlán i gceist le deontais stáit anois agus is cinnte go bhfuil maoiniú breise ollmhór fós ag teastáil ón Stát chun an fás tuartha ar rátaí déimeagrafacha agus rannpháirtíochta a bhfuiltear ag súil leis a shásamh agus chun caighdeán taithí a bhíonn ag mic léinn a choinneáil.

Leanfaidh an Ollscoil de bheith ag díriú ar straitéisí chun ioncam a ghiniúint agus tuilleadh torthaí ón infheistíocht leanúnach atáthar a dhéanamh i gcláir chaipitil a chur ar fáil. I mí Iúil 2018, i gcomhar leis an Rialtas agus le hollscoileanna eile Bhaile Átha Cliath, sheol Coláiste na Tríonóide a phlean chun Ceantar Nuálaíochta iomaíoch ar bhonn domhanda d'Éirinn a chruthú, bunaithe ar champas nua de chuid Choláiste na Tríonóide a fhorbairt ag Cé na Canálach Móire. Cé nach bhfuil an tionscadal ar mhórscála seo ach ag na luathchéimeanna pleanála, is iontach an fhís í seo d'Éirinn agus is tionscadal uaillmhianach atá ann chomh maith. I mí Feabhra 2019, sheol an Ollscoil a tríú straitéis Caidrimh Dhomhanda, a thiomáinfidh tuilleadh fáis ar ioncam amach anseo. Seolfaidh an Ollscoil a céad fheachtas cuimsitheach daonchairdiúil riamh a bheidh dírithe ar infheistíocht a dhéanamh sa bhfoireann agus sna mic léinn trí shraith d'ollúntachtaí agus scoláireachtaí bunathraitheacha agus tríd infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt mhór caipitil agus i dtionscadail bhonneagair taighde. Beidh Scoil Ghnó nua de chuid Choláiste na Tríonóide ag oscailt i mBealtaine 2019, a chuideoidh cur leis an bhfás mór atá tagtha ar líon na mac léinn atá ag freastal ar an Scoil Ghnó agus a chuideoidh cur leis an gcáil atá uirthi. Leanaimid d'infheistíocht a dhéanamh i gcóiríocht mac léinn agus táthar ag meas go dtabharfar an fhorbairt atáthar a dhéanamh ar Chearnóg na Clólainne ag deireadh na bliana 2019.

Táimid tiomanta i gcónaí do staid airgeadais na hOllscoile a fheabhsú ach a bheith dírithe go hiomlán ag an am céanna ar mhisean na hOllscoile taithí mac léinn den scoth, teagasc ar ardchaighdeán chomh maith le taighde ar ardchaighdeán a chur ar fáil do na mic léinn. Féachfaimid le hinfheistíocht straitéiseach a dhéanamh i mbonneagar na hOllscoile chun bun taca a chur faoin bhfás atá tagtha uirthi agus chun borradh a chur faoin rathúlacht amach anseo.

Peter Reynolds
**Príomhoifigeach Eatramhach Airgeadais**

**Ráiteas Freagrachtaí**

Éilítear ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath cloí le hAcht na nOllscoileanna, 1997, agus gach cuntas ceart agus gnáth a choimeád i bhfoirm a fhéadfaidh An tÚdarás um Ard-Oideachas a cheadú maidir le hairgead a fhaightear agus a chaitear. Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ceanglaítear mar a leanas ar an Ollscoil:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhleanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama;
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a fhaisnéisiú agus a mhíniú; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Ollscoil lena gnó.

Tá an Ollscoil freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais na hOllscoile agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Acht na nOllscoileanna, 1997 agus go n-ullmhaítear iad de réir chaighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn.

Tá an Ollscoil freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar gnó na hOllscoile ar shlí cheart agus rialta agus as na sócmhainní uile faoina rialú oibríochta agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

| | |
|---|---|
| ___________________ | ___________________ |
| AN DR. PATRICK PRENDERGAST | PETER REYNOLDS |
| PROPAST | PRÍOMHOIFIGEACH EATRAMHACH AIRGEADAIS |

27 Márta 2019

### Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach

Thar ceann Bhord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath, admhaímid go bhfuil freagracht iomlán air as córais rialaithe inmheánaigh na hOllscoile; a chlúdaíonn gach rialú ábhartha lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonta chomh maith le córais bhainistithe riosca a thacaíonn le beartais, aidhmeanna agus cuspóirí na hOllscoile agus maoinithe agus sócmhainní poiblí agus eile a bhfuil an Bord freagrach astu á gcosaint ag an am céanna.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach chun bainistiú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le go dteipfeadh orainn beartais a chomhlíonadh, aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach nó gnóthaí a dhéanamh ar bhealach eagraithe agus dlisteanach seachas deireadh a chur leis an riosca. Dá bhrí sin, ní féidir leis ach dearbhú réasúnach a chur ar fáil seachas dearbhú cinnte i leith earráid ábhartha.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar phróiseas leanúnach atá leagtha amach chun na príomhrioscaí a bhaineann le beartais, aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach a aithint; chun nádúr agus méid na rioscaí sin a mheas; agus chun iad a bhainistiú go héifeachtach, go héifeachtúil agus go heacnamaíoch. Bhí bainistiú riosca mar chuid lárnach de bhainistiú na hOllscoile i gcónaí. Tá creat bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ó 2006 agus leanfar ar aghaidh á athbhreithniú agus á mheas ar bhonn leanúnach.

Go sonrach:

(i) Seo a leanas na príomhnósanna imeachta rialaithe atá i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh timpeallacht rialaithe éifeachtach i bhfeidhm san Ollscoil:

- Tuairisciú rialta chuig na Coistí Boird ábhartha agus chuig an mBord ar na gnéithe airgeadais agus dlí a bhaineann le mórthionscadail agus a chinntiú go bhfuil clocha míle tábhachtacha á gcur i gcrích;
- Áirítear ar théarmaí tagartha Phríomhchoistí an Bhoird maoirsiú a dhéanamh ar thionscnaimh mhóra laistigh dá réimse freagrachta agus faigheann an Bord miontuairiscí óna gcruinnithe;
- Feidhmíonn Déin Dáimhe agus Cinn Scoile, réimsí Riaracháin agus Seirbhíse agus iad ag comhlíonadh feidhmeanna, de réir beartas ar Róil agus ar Fhreagrachtaí maidir le cúrsaí airgeadais a cheadaíonn an Coiste Airgeadais agus an Bord;
- Déanann an Bord, an Coiste Airgeadais agus Grúpa Oifigeach Feidhmiúcháin na hOllscoile, grúpaí Stiúrtha agus coistí ábhartha eile athbhreithniú ar phróifíl riosca na dtionscnamh móra roimh agus i rith chur i bhfeidhm na mórthionscadal;
- Cuireann Oifig an Chisteora Tuarascálacha Eisceachtaí Rialaithe le chéile agus déanann an Coiste Airgeadais breithniú orthu ar bhonn débhliantúil. Déantar gníomhartha a chomhaontú chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a aithníodh;
- Déanann Grúpa Bainistíochta Riosca, Grúpa Oifigeach Feidhmiúcháin, Bord agus Coiste Iniúchta na hOllscoile breithniú ar Chlár Riosca Ardleibhéil na hOllscoile agus tá sé á athbhreithniú agus á nuashonrú i láthair na huaire;
- Déanann an Coiste Iniúchta, a fhaigheann tacaíocht ón bhfeidhm Iniúchta Inmheánaigh, athbhreithniú ar scóip agus ar éifeachtúlacht rialuithe inmheánacha na hOllscoile, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonta agus tuairiscíonn sé go rialta chuig an mBord;
- Tugadh isteach beartas chun calaois airgeadais líomhnaithe a aimsiú agus chun freagairt di i Nollaig 2001; áirítear ar an mbeartas seo freisin soláthairtí maidir le calaois a thuairisciú do na húdaráis chuí. Chuathas i mbun athbhreithniú a dhéanamh ar Bheartas Calaoise na hOllscoile in 2017/18 agus cheadaigh an Bord an beartas athbhreithnithe go foirmeálta an 30 Eanáir 2019.
- Tá lámhleabhair nósanna imeachta agus treoirlínte ar ghníomhaíochta na hOllscoile ar fáil do gach comhalta foirne.

(ii) Baintear úsáid as na próisis seo a leanas chun rioscaí eagrúcháin a aithint agus chun na himpleachtaí airgeadais a bhaineann leo a mheas:

- Ghlac an Bord le Beartas Bainistithe Riosca i Meitheamh 2015. Tá an beartas cothrom le dáta seo á chur i bhfeidhm trí phróiseas bainistithe riosca foirmiúil a bhaineann le gach réimse den Ollscoil, ó réimsí acadúla go réimsí riaracháin, ó thaobh na rioscaí a mheas agus a bhainistiú lena n-áirítear impleachtaí airgeadais, ar bhealach struchtúrtha;
- Déanann Grúpa Bainistíochta Riosca an Clár Riosca Ardleibhéil a bhreithniú agus a athbhreithniú don Ollscoil;
- Cuirtear an Bord ar an eolas faoi Rioscaí Ardleibhéil agus úinéirí riosca na hOllscoile agus faoi na céimeanna atá á nglacadh chun iad a bhainistiú. Tá cur i bhfeidhm an Bheartais Riosca agus lánpháirtiú na bainistíochta riosca isteach in oibríocht na hOllscoile á fhorbairt i gcónaí agus á neadú i gcónaí i struchtúir bhainistíochta na hOllscoile; Cheap an Ollscoil Príomhoifigeach Riosca i mí Iúil 2018;
- Áirítear ar gach togra mór a chuirtear faoi bhráid an Bhoird measúnú riosca tionscadail, lena n-áirítear na rioscaí airgeadais bainteacha;
- Tá cur chuige earnálach ó chomhlachtaí idir-institiúide a bhfuil an Ollscoil mar bhall dóibh agus ó fhochuideachtaí Choláiste na Tríonóide comhaontaithe. Cuireann Stiúrthóirí Choláiste na Tríonóide ar na comhlachtaí sin tuarascálacha ar fáil don Bhord gach sé mhí anois faoi na ceannteidil seo a leanas:
    - Ainm;
    - Institiúidí Rannpháirtíochta;
    - Cuspóirí;
    - Mórghníomhaíochtaí Leanúnacha;

- Pleananna Amach Anseo;
- Diallas (más ann) ó bhunchuspóirí;
- Nádúr agus tábhacht na rioscaí maidir le heintiteas agus tábhacht ó thaobh na hOllscoile de;

(iii) Mionsonraí faoi na mórchórais faisnéise atá i bhfeidhm, mar shampla buiséid, agus an modh chun comparáid a dhéanamh idir torthaí iarbhíre agus buiséid i rith na bliana;

- Tá samhail buiséadaithe bunlíne forbartha ag an Ollscoil chomh maith le samhail réamhaisnéise airgeadais 5 bliana. Déanann sé próiseas buiséadaithe bliantúil agus ceadaíonn an Coiste Airgeadais agus an Bord na meastacháin bhliantúla. Déantar buiséid a athbhreithniú in aghaidh feidhmíocht iarbhír chomh maith le hathréamhaisnéisiú a dhéanamh sa ráithe don Ollscoil agus cuirtear faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus an Ghrúpa Pleanála gach ráithe iad mar chuid de phacáiste tuairiscithe Buaicphointí Airgeadais agus Feidhmíochta. Tá tuarascálacha míosúla ar fáil agus tá oiliúint agus tacaíocht curtha ar fáil do lucht sealbhóirí buiséid ar iarratas.

(iv) Leantar nósanna imeachta sárchleachtais chun dul i ngleic le himpleachtaí airgeadais a bhainfeadh le mór-rioscaí gnó, ina measc:

- Tá próiseas údaraithe struchtúrtha ag an Ollscoil a mheaitseálann leis na teorainneacha airgeadaíochta a theastaíonn don údarás sínithe ar idirbhearta airgeadais, laistigh de chuntais shonracha chuig an ngrád cuí laistigh de gach réimse; tá freagracht foriomlán ag an gCeann Scoile/Feidhme as an údarás sínithe a tharmligean laistigh dá réimse féin. Faoi struchtúr airgeadais déabhlóidithe, tá an Déan Dáimhe/Ceann na Rannóige cuntasach don Bhord tríd an gCoiste Airgeadais as gach cúrsa airgeadais a bhaineann lena D(h)ámh/Rannán féin.

- Foilsíonn an Rannóg Seirbhísí Airgeadais nósanna imeachta mionsonraithe maidir le hidirbhearta airgeadais a láimhseáil ar láithreán gréasáin na hOllscoile. Cuireann an Oifig sin oiliúint ar fáil don fhoireann ar bhonn rialta freisin. Déantar beartais agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is cuí;

- Tá gairmithe airgeadais ina gcomhaltaí de na Coistí seo a leanas:
  - An Coiste Iniúchta
  - An Coiste Airgeadais
  - An Coiste Acmhainní Daonna
  - Coiste Beartais na nEastát
  - An Coiste um Shaol na Mac Léinn;

- Cuireann Comhpháirtithe Airgeadais (Comhairleoirí Airgeadais Dámh/Rannán) comhairle agus tacaíocht dhíreach ar fáil don phobal Acadúil agus do Rannóga maidir le cúrsaí airgeadais.

- Bhunaigh Coláiste na Tríonóide Oifig Bainistithe Clár ('PMO') a rinne forbairt ar phróisis rialachais i leith tionscadail chaipitil ar fud an hOllscoile agus a chuir i bhfeidhm iad. Féachtar faoi phróiseas caighdeánach rialachais chuimsithigh tionscadail na hOllscoile ar shaolré tionscadal caipitil mar shraith de Chéimeanna seicheamhacha faoina bhféadfar monatóireacht a dhéanamh seasta ar thionscadail. Bíonn Geata idir gach céim ina dtugtar faoi athbhreithniú foirmeálta chun a chinneadh an rachfar chun cinn le tionscadal agus an maoiniú atá le cur ar fáil. Tá ceadú ag Céim an Gheata ar cheann de roinnt próiseas éigeantach atá i bhfeidhm a chaithfidh gach tionscadal caipitil a leanúint, ceadú tionscadal san áireamh chomh maith le próiseas tosaíochta agus próiseas bainistithe athbhreithnithe. Tacaíonn na próisis seo le bainistiú, monatóireacht agus rialú tionscadal len iad a choinneáil laistigh de rialachas tionscadal caipitil ar fud na hOllscoile. Ní mór Urraitheoir Tionscadail acadúil a bheith le gach tionscadal caipitil chomh maith le ceannaire Oifigeach Feidhmiúcháin chomh maith le coiste stiúrtha agus Cathaoirleach seachtrach agus monatóir neamhspleách nuair is cuí.

  Déanann Grúpa Athbhreithnithe Caipitil (CRG), atá comhdhéanta de Phríomhoifigeach Oibríochta (COO), Príomhoifigeach Airgeadais (CFO), Sparánaí agus Ceann de PMO cás gnó do gach tionscadal ar fiú €50,000 nó níos mó é a athbhreithniú agus déantar dul chun cinn gach Tionscadal Caipitil a athbhreithniú chuile mhí ag an CRG. An CRG atá freagrach as dul chun cinn a cheadú trí Chéimeanna an Gheata, na chéad tráinsí buiséid eile a scaoileadh, athruithe scóip srl agus cuirtear breithnithe buiséid ar aghaidh lena gceadú chuig Grúpa Oifigeach Feidhmiúcháin an Choláiste. Déanann an CRG athbhreithniú freisin ar chlár riosca gach Tionscadail Caipitil chomh maith le monatóireacht ar spleáchas na dtionscadal leanúnach ar an a chéile.

(v) Nósanna Imeachta maidir le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha:

- An mhaoirseacht a dhéanann Príomhchoistí an Bhoird le tuairisciú rialta ar shaincheisteanna ar chóir a aird a dhíriú orthu trí mhiontuairiscí na gcoistí seo agus trí thuairiscí ó Chathaoirleacha na gCoistí atá ina mbaill tofa ar an mBord, seachas an Coiste Airgeadais arna stiúradh ag an bPropast agus an Coiste Iniúchta arna stiúradh ag ball seachtrach neamhspleách.
- Clár d'athbhreithnithe ardchaighdeáin seachtracha ar réimsí acadúla as a dtéann na torthaí isteach i gcláir rioscaí na réimsí aonair. Athbhreithnithe ardchaighdeáin ar Scoileanna, ar chláir agus ar Sheirbhísí Tacaíochta á treorú ag riachtanais an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta 2012;

- An Coiste Iniúchta bunaithe ar thuarascálacha ón Iniúchóir Inmheánach ar stádas na rialuithe inmheánacha; déantar na tuarascálacha seo de réir chlár oibre a leag Coiste Iniúchta na hOllscoile síos agus déanann sé athbhreithniú ar rialuithe ar fud feidhmeanna éagsúla na hOllscoile ar bhonn riosca. Chomh maith le miontuairiscí dá chuid cruinnithe ar fad a chur ar fáil don Bhord, tuairiscíonn an Coiste Iniúchta chuig an mBord ar bhonn bliantúil agus eisíonn sé ráiteas bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánach; déantar freagra ar an tuairisc sin a ullmhú ansin ón nGrúpa Oifigeach Feidhmiúcháin le cur faoi bhráid an Bhoird lena mheas chomh maith. Cuireann an tOifigeach Feidhmiúcháin eolas nuashonraithe ar fáil faoi dhó sa bhliain don Bhord.
- Tuairiscí ó iniúchóirí seachtracha na hOllscoile agus ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste arna meas ag an gCoiste Iniúchta agus ag an gCoiste Airgeadais;

(vi) Deimhniú maidir le hAthbhreithniú ar Éifeacht an Chórais um Rialú Inmheánach:

- Deimhníonn Coláiste na Tríonóide go raibh na próisis mhonatóireachta agus athbhreithnithe thuasluaite (Alt (v)) i bhfeidhm i rith na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018 agus nach bhfuil aon saincheisteanna ábhartha a bhaineann le héifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh sainaitheanta a éilíonn nochtadh sa ráiteas seo seachas sna míreanna seo a leanas a leagtar amach thíos.

  - Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, tugadh anailís ar an seanfhiachas ar fad a bhí gan íoc laistigh de chóras airgeadais na mac léinn chun críche. Léiríodh sna torthaí de bharr réiteach neamhiomlán i dtréimhsí roimhe sin, gur rangaíodh €1.7m go mícheart mar fhiachas SUSI nuair ba cheart an fiachas sin a aistriú chuig cuntas na mac léinn. Tá méadú €1m curtha ar an soláthar do dhrochfhiacha a bhaineann le Táillí Acadúla i ndáil le mic léinn atá imithe as an Ollscoil de bharr gur measadh go raibh sé níos deacra an fiachas sin a aisghabháil. Tá an Ollscoil fós ag dul i ndiaidh na mac léinn sin atá i gceist chun na táillí ar fad atá gan íoc a fháil ar ais. Aithníodh fiachas seachtrach urraíochta €10m chomh maith le linn an athbhreithnithe seo a bhí gan íoc. Cuireadh méadú €0.2m ar an soláthar do dhrochfhiacha a bhain le Táillí Acadúla a bhain le cásanna nach bhfuil caidreamh gníomhach leanúnach ag an Ollscoil leis an urraitheoir seachtrach cuí. Tá an Ollscoil fós ag dul i ndiaidh gach fiachas agus tá sonraisc agus ráitis eisithe againn i leith na méideanna atá dlite. Tá feabhas curtha ag an Ollscoil ar rialuithe sa réimse sin chun aon chliseadh eile sa phróiseas, lena n-áirítear réitigh mhíosúla chomh maith le tuairisciú ráithiúil ar fhiachas, a chosc.

  - Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, bhí ocht sárú ann i ndáil le próisis slándála faisnéise a cinneadh a bhí le tuairisciú chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) bunaithe ar an gcritéar don tuairisciú. Tuairiscíodh na sáruithe sin chuig an DPC. Tá gach tuairisc ar shárú aitheanta agus dúnta ag an DPC. Níl aon chás dlí tógtha in aghaidh na hOllscoile i ndáil le sáruithe sonraí. Mar fhreagra ar sháruithe slándála faisnéise, rachaidh Tionscadal Cumarsáide Comhaontaithe II atá pleanáilte, a bhfuil urraíocht déanta ag Seirbhísí TE air, i ngleic le líon laigí slándála faisnéise a aithníodh sna sáruithe sonraí pearsanta. Laghdóidh na bearta breise atá curtha i bhfeidhm, oiliúint i ndáil le slándáil TE don fhoireann agus oiliúint i ndáil le húsáid éifeachtach a bhaint as uirlisí roinnte sonraí mar Microsoft SharePoint ina measc, an baol go nochtfar sonraí pearsanta trí bhotún.

  - Le linn na bliana an 30 Meán Fómhair 2018 tugadh faoi athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaiteachas tairisceana ar fad, €114m. I ndiaidh an athbhreithnithe measadh go raibh €18.9m de chaiteachas na hOllscoile díolmhaithe agus measadh nach raibh €1.9m ag comhlíonadh na reachtaíochta soláthair reatha maidir le ceanglais tairisceana phoiblí. Le linn na bliana, bhain an Ollscoil úsáid as seirbhísí agus creatlaí na hOifige um Sholáthar Rialtais agus na Seirbhíse Soláthair Oideachais, nuair a bhí gá. Leanann an Ollscoil ar aghaidh ag obair i dtreo comhlíonadh iomlán leis na treoirlínte ábhartha go léir.

  - Déantar an córas bainistithe riosca a athbhreithniú agus a scagadh ar bhonn leanúnach. Is cáipéis bheo í clár riosca na hOllscoile agus déanann Grúpa Oifigeach Feidhmiúcháin na hOllscoile, an Coiste agus an Bord Iniúchta athbhreithniú uirthi. Tháinig nuashonraithe ar an gclár rioscaí de bharr ionadaithe ó réimsí acadúla, taighde, oibríochta agus airgeadais. Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh maidir le riosca a leabú ag an leibhéal aonaid áitiúil i.e. sna scoileanna agus sna rannóga agus an luach atá le bainistiú riosca mar uirlis luachmhar maidir le barr feabhais a chur ar fheidhmíocht a léiriú.

De réir alt 2.11 dár gCód Rialachais a chloíonn go hiomlán leis an gcód a d'eisigh an HEA in 2012, is mian linn an méid seo a leanas a chur in iúl:

(i) **Ceanglais Reachtúla:** Aithníonn an Bord go bhfuil sé freagrach as comhlíonadh gach ceanglas reachtúil atá infheidhme leis an Ollscoil mar atá leagtha amach in Acht na nOllscoileanna 1997 agus i reachtaíocht ábhartha eile.

Lena chinntiú gur féidir le dlí bunúsach an Choláiste agus na hOllscoile tacaíocht cheart agus chuí a thabhairt don Ollscoil agus í a eagrú i gceart agus go cuí, leas agus ord a Pobal a chosaint, agus a misean agus cuspóirí a chur chun cinn, ceadaíodh leasuithe ar

na Caibidlí agus athbhreithnithe ar na Sceidil a ghabhann le Reachtanna 2010 ag Comhchruinniú an Bhoird agus na Comhairle an 20 Eanáir, 2016 a bhaineann le:

- Aonaid acadúla agus riaracháin, le Coistí (lena n-áirítear an Coiste Airgeadais), agus le hathbhreithnithe iarmhartacha a bhaineann le Oifigigh;
- Toghcháin;
- Teidil Acadúla;
- Buan-orduithe an Bhoird agus na Comhairle;
- Iompar foirne.

I ndiaidh aontú na gComhaltaí, cheadaigh na Cuairteoirí na leasuithe arna moladh agus tháinig siad i bhfeidhm ar 3 Márta 2016.

(ii) **Cód Rialachais agus Cóid Iompair:** Ag cruinniú an 19 Meitheamh 2013, ghlac an Bord le cód Rialachais maidir le Rialachas na hOllscoile, agus le cód iompair do chomhaltaí Boird agus do bhaill foirne na hOllscoile. Tá an Ollscoil fós ag cloí le Cód Rialachais na nOllscoileanna 2012 agus tá sí rannpháirteach go gníomhach tríd an IUA leis an Údarás um Ard-Oideachas i ndáil le Cód Rialachais athbhreithnithe don Earnáil a fhorbairt.

(iii) **Forbairtí lena mBaineann Suntas Airgeadais:** Féach Tuarascáil an Phríomhoifigigh Eatramhaigh Airgeadais ar leathanaigh 2 agus 7 le haghaidh mionsonraí faoi fhorbairtí lena mbaineann suntas airgeadais. Cé go bhfuil an chosúlacht air go bhfuil an leibhéal maoinithe ón Stát cobhsaithe, leanann an Ollscoil ag díriú ar phríomhstraitéisí giniúna ioncaim neamh-Státchiste.

(iv) **Beartas an Rialtais maidir le Pá:** Tá an Ollscoil tiomanta an Beartas Pá Poiblí agus na creataí ábhartha faoi Acht na nOllscoileanna 1997 a chomhlíonadh. In aon chás ina dtarlaíonn neamhchomhlíonadh, leanann an Ollscoil le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an HEA agus an Roinn Oideachais agus Scileanna chun an cheist a réiteach.

Sa chás go bhfuil íocaíocht de bhreis ar bharr an scála, baintear úsáid as an gCreat Imeachta agus tugtar fógra don HEA agus leantar le pléití de réir mar is gá. Maidir le cásanna nach dtagann faoin gCreat Imeachta, déantar plé leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, mar is cuí. Cloímid le téarmaí Chomhaontuithe Bhóthar Haddington, Bhóthar Lansdún, comhaontuithe Cobhsaíochta na hEarnála Poiblí agus leis an Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI) 2015 maidir le pá agus incrimintí.

(v) **Tuairisciú Airgeadais, Iniúchadh Inmheánach, Soláthar agus Diúscairt Sócmhainní**: Maidir le tuairisciú airgeadais agus nithe gaolmhara, dearbhaítear an méid seo a leanas:

(a) Tá na nósanna imeachta iomchuí go léir i bhfeidhm chun ráitis airgeadais bhliantúla a thairgeadh.

(b) Tá Coiste Iniúchta i bhfeidhm ó 1998 agus faoi láthair tá Cathaoirleach seachtrach, neamhspleách agus beirt chomhaltaí seachtracha neamhspleácha agus tuairiscíonn sé don Bhord ar bhonn bliantúil. Tacaíonn feidhm iniúchta inmheánaigh le hobair an Choiste a thuairiscíonn díreach chuige.

(c) Tá triúr ball seachtracha a bhfuil taithí airgeadais acu ar an gCoiste Airgeadais chomh maith.

(d) Soláthar: Tá polasaithe agus nósanna imeachta soláthair curtha i bhfeidhm ag an Ollscoil agus ceanglaítear gach caiteachas neamhphá a fháil i gcomhréir leis na polasaithe agus nósanna imeachta sin. Aithníonn an Ollscoil luach an tsoláthair agus an gá atá le comhlíonadh iomlán agus leanann sí leis na rioscaí ábhartha a íoslaghdú.

i. Nósanna imeachta soláthair:
Cloíonn Coláiste na Tríonóide le nósanna imeachta soláthair agus tá tacar de Pholasaithe & Nósanna Imeachta Soláthair ceadaithe coinnithe ag an gColáiste ón mbliain 2000. Eascraíonn na gnéithe comhlíonta ó rialacha agus ó threoirlínte Rialtais. Tá leagan cothrom le dáta á réiteach faoi láthair agus déanfar tagairt dhíreach ann do 'Treoirlínte um Sholáthar Poiblí Earraí agus Seirbhísí ' an OGP, Leagan 2, Eanáir 2019.

ii. Neamhchomhlíonadh soláthair:
Déantar gach Foréileamh Ceannaigh maidir le hEarraí agus Seirbhísí os cionn €5,000 gan CBL san áireamh a threorú go huathoibríoch chuig Soláthar lena gceadú. Ag an tráth sin, is féidir a mheas go tapa cibé an ndearnadh tairiscint mar is ceart maidir le caiteachas agus go raibh na bearta cuí i bhfeidhm nuair ba ghá. Ina theannta sin, déantar monatóireacht ar na leibhéil caiteachais in aghaidh an tsoláthróra ar bhonn rialta d'fhonn luachanna caiteachais go dtí seo a sheiceáil. Baineann sin le ceannacháin aonair charnacha go háirithe i.e. sa chás is nach bhfuil aon ghníomh neamhchomhlíontach a bhfuil eolas air ag tarlú. Ar deireadh, cuireann an Rannóg Seirbhísí Airgeadais oiliúint ar fáil don fhoireann ar fad i gcúrsaí Soláthair.

iii. Soláthar neamhiomaíoch:
Cé go dtugtar an tosaíocht is airde do chomhlíontacht, d'fhéadfadh sé tarlú uaireanta go mbeadh tionchar ag próisis agus ag creataí an OGP ar na cúrsaí sin. Tuigeann an Ollscoil agus glacann an Ollscoil leis gur le déanaí a cuireadh an OGP agus na gníomhaireachtaí gaolmhara leis an tírdhreach comhlíontachta agus go nglacfaidh sé am gníomhaíochtaí tairisceana agus conartha a ailíniú.

Chuige seo, tá 47% den soláthar neamhiomaíoch atá againn nasctha leis an mbaint atá againn le dhá phróiseas foinsithe de chuid an OGP. Maidir leis an gcéad cheann, a bhain le Seirbhísí Dlí (€0.7m), éilíodh go gcuirfí síneadh le conarthaí a bhí níos faide anonn ná na dátaí bunaidh bailí agus, maidir leis an dara ceann, Seirbhísí Earcaíochta (€0.2m), cuireadh deireadh le próiseas pleanáilte de chuid an CGP. Rachfar i mbun oibre ar an dá phróiseas sa Bhliain Airgeadais 18/19. Tá an t-iarmhéid €0.1m atá fanta déanta suas de chaiteachas carnach ar luach íseal ina bhfuil naoi ndíoltóir ar leithligh. Tá sé i gceist againn dul i ngleic leo sin via OGP agus próisis tairisceana áitiúla sa bhliain airgeadais reatha.

iv. Plean soláthair corparáideach (CPP):
Tá Straitéis Soláthair comhaontaithe agus tá monatóireacht á dhéanamh uirthi ón mbliain 2015 i leith. Ina theannta sin, tá CPP atá ag teacht le teimpléad sainithe forbartha agus curtha ar aghaidh lena cheadú.

v. An Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP):
Is é an polasaí atá againn a bheith ag idirghníomhú go hiomlán leis an gníomhaireachtaí éagsúla a chuireann seirbhísí ar fáil dúinn, lena n-áirítear an OGP agus an tSeirbhís Soláthair Oideachais (EPS). Áirítear as pholasaí sin chomh maith úsáid a bhaint as gach creat atá oiriúnach.

vi. Nósanna imeachta seanbhunaithe na hOllscoile a rialaíonn diúscairt sócmhainní. A mhéid is fearr is eol dúinn agus a chreidimid tá an Ollscoil ag cloí leo go hiomlán.

(vi) **Treoirlínte chun Tionscadail Chaipitil a Mheas agus a Bhainistiú:** Tá nósanna imeachta curtha ar bun ag an Ollscoil chun comhlíonadh na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Oideachais in 2005 a éascú, maidir le Tionscadail Chaipitil a mheas agus a bhainistiú. Lena chois sin, tá nósanna imeachta ar leith curtha i bhfeidhm ag Coláiste na Tríonóide chun tionscadail chaipitil a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu faoi Ghrúpa Athbhreithnithe Caipitil, arb iad atá ina mbaill ann, an Sparánaí/Stiúrthóir Tionscnamh Straitéiseach, an Príomh-Oifigeach Oibríochta agus an Príomhoifigeach Eatramhaigh Airgeadais. Déantar tionscadail mhóra a bhainistiú in Oifig tiomnaithe Bainistíochta Tionscadal trí shraith céimeanna ceadaithe d'fhonn a chinntiú go gceadaítear tionscadail dá leithéid mar is ceart agus go ndéantar dianmhonatóireacht orthu. Ina theannta sin, i gcás tionscadal mór, ceapann an Bord Monatóir Boird Neamhspleách a bhfuil sé de dhualgas air tuairisciú chuig an mBord. Cloíonn an Ollscoil le Creat Bainistithe Oibreacha Caipitiúla, samhail dea-chleachtais arna maoirsiú ag Coiste Conarthaí Tógála an Rialtais.

(vii) **Beartas Taistil:** Tá beartas taistil agus nósanna imeachta gaolmhara i bhfeidhm ag an Ollscoil. Tá an beartas agus na nósanna imeachta ar fáil do gach ball foirne ar láithreán gréasáin na hOllscoile. Tá oiliúint i leith an bheartais sin san áireamh sa lá oiliúna ionduchtúcháin foirne AD do bhaill foirne nua. Tá forbairt déanta ar an mbeartas agus ar na nósanna imeachta ag féachaint do riachtanais na Roinne Airgeadais maidir le ciorcláin taistil, agus do riachtanais na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil le costais na bhfostaithe. Tuairiscítear eisceachtaí ábhartha chuig an gCoiste Airgeadais ar bhonn rialta agus déantar gníomh cuí. Cheadaigh an Bord athbhreithniú ar an bPolasaí Taistil ag cruinniú an 23 Márta 2016. Lena chois sin, cheadaigh an Bord Polasaí athbhreithnithe Fáilteachais agus Siamsaíochta ar an dáta sin.

(viii) **Luach ar Airgead:** Lean an Ollscoil na treoirlínte ar luach ar airgead a bhaint amach i gCaiteachas Poiblí mar atá leagtha amach san óráid a thug an tAire Airgeadais an 20 Deireadh Fómhair 2005.

(ix) **Dlíthe Cánach a Chomhlíonadh:** Tá an Ollscoil tiomanta dlíthe cánachais a chomhlíonadh go hiomlán. Déantar saincheisteanna ar bith a aithnítear i rith na bliana a fhiosrú agus a réiteach. Tá an Ollscoil lán-tiomanta a chinntiú go n-íoctar dliteanais chánach ar na dátaí a mbíonn siad dlite.

(x) **Cosaint Leanaí:** Cheadaigh an Bord Beartas Cosanta Leanaí an 29 Feabhra 2012 agus tá ár gcuid beartas agus nósanna imeachta á dtabhairt cothrom le dáta de bharr forbairtí dlí atá tagtha chun cinn le gairid. Cuirfear Oiliúint agus riachtanais ar fáil don Ollscoil i réimse na Cosanta Leanaí freisin, de réir mar is gá.

(xi) **Táillí agus Costais an Údaráis Rialachais:** Ní íoctar aon táillí le comhaltaí an Údaráis Rialachais.

Tá baill sheachtracha an Bhoird i dteideal táillí ballraíochta €279 in aghaidh na bliana don Seomra Coiteann Sinsearach. Níor éiligh baill an Bhoird aon chostais eile sa bhliain airgeadais 2017/18.

Íocadh tuarastal €195,604 leis an bPropast sa tréimhse an 1 Deireadh Fómhair 2017 go 30 Meán Fómhair 2018. De bhun Reacht na hOllscoile, tá sé de cheanglas ar an bPropast, de réir théarmaí a chonradh fostaíochta, a bheith ina chónaí ar an gcampas i dTeach an Phropaist. Tá seisean ina chónaí ag Uimh. 1 Sráid Grafton ar feadh a thionachta 10 mbliana agus faigheann sochar cánach breise d'fhóntais a thabhaítear d'úsáid phearsanta.

(xii) **Fochuideachtaí:** Deimhnímid go n-áirítear Oifigigh Shinsearacha de chuid an Choláiste ar Bhord Stiúrthóirí na bhfochuideachtaí trádála. Táirgeann gach fochuideachta a cuid ráiteas airgeadais féin, a bhfuil iniúchadh neamhspleách déanta orthu agus áirítear iad sna ráitis airgeadais chomhdhlúite seo. Cuirtear ráitis airgeadais iniúchta na bhfochuideachtaí i láthair an Bhoird agus an Choiste Airgeadais.

(xiii) **Tuairisciú de Mheon Macánta - An tAcht um Fhaisnéisiú Cosanta 2014** Cheadaigh an Bord Beartas Faisnéisiú Cosanta don Ollscoil an 22 Meitheamh 2016, agus tá an Beartas sin foilsithe ar leathanach gréasáin Beartas na hOllscoile. Tá oiliúint don Ghrúpa Faisnéisiú Cosanta agus do bhaill foirne ábhartha eile á cur ar fáil faoi láthair ar bhonn sceidealaithe.

(xiv) **Cruinnithe den Choiste Iniúchta:** Leagtar amach thíos deimhniú ar líon na gCruinnithe den Bhord (Údarás Rialachais) a bhí ann le linn na bliana airgeadais 2017/18 agus taifead ar na baill a d'fhreastail orthu.

Bhí 11 chruinniú den Bhord ann i mbliain airgeadais 2017/18, agus tá taifead ar na baill a d'fhreastail orthu thíos.

Comhaltaí Ex-Officio:
An Propast (An Dr Patrick Prendergast) (11), an Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil (An tOllamh Chris Marsh) (11), Léachtóir Sinsearach/Déan an Léinn Fochéimithe (An tOllamh Gillian Martin) (10), An Cláraitheoir (An tOllamh Paula Murphy) (10), Sparánaí/Stiúrthóir na Nuálaíochta Straitéisí, (An tOllamh Veronica Campbell) (11).

Comhaltaí tofa:
An tOllamh Deirdre Ahern (11), An tOllamh Sarah Alyn Stacey (8), An tOllamh Sylvia Draper (8), Sheila Dunphy Uasal (3)*, Stephanie Farrell Uasal (9), An Dr Darren Fayne (10), An tOllamh Robert Gilligan (9), an tUasal James Keogh (9), An tOllamh Claire Laudet (11), An tOllamh Brian Lucey (6), An tOllamh Catherine McCabe (11), An tOllamh Rachel Moss (10), An tOllamh Eunan O'Halpin (8), An tOllamh Diarmuid R. Phelan (9), An tOllamh Aiden Seery (11), An tOllamh Richard Timoney (10), Mary Foody Uasal (3)**.

Comhaltaí seachtracha:
An Dr Olive Braiden (9), An tUasal Tony Keohane (1)***.

Comhaltaí mac léinn:
An tUasal Kevin Keane (11), An tUasal Damien McClean (10), Alice MacPherson Uasal (10), An tUasal Shane Collins (11).

I measc beartas eile, agus le cois na mbeartas atá luaite thuas, cheadaigh an Bord na beartais seo a leanas le linn na bliana airgeadais 2017/18:
- An Beartas Bainistithe Neamhláithreachtaí
- An Beartas Leasaithe maidir le Turais ar an gCampas
- An Beartas maidir le Sábháilteacht Dóiteáin
- An Beartas Atharthachta

*D'éirigh 3 as 6 as i Márta 2018, ** Ceapadh 3 as 4 i Márta 2018, *** D'éirigh 1 as 5 as i mí Feabhra 2018

(xv) **Cruinnithe den Choiste Iniúchta**: Leagtar amach thíos deimhniú ar líon na gCruinnithe den Choiste Iniúchta le linn na bliana airgeadais 2017/18 agus taifead ar na baill a d'fhreastail orthu.

Bhí 8 gcruinniú den Choiste Iniúchta ann in 2017/18 agus tá taifead ar na baill a d'fhreastail orthu thíos.

Comhaltaí seachtracha:
Oliver Cussen (Cathaoirleach) (7), Ann Duffy (7) Dermot McCarthy (4)*.

Tinreamh na mBall:
An tOllamh Joe Barry (8), An tOllamh Ruth Byrne (8), An tOllamh Robbie Gilligan (7).

*as 4 chruinniú a d'fhéadfadh a bheith ann

(xvi) **Cruinnithe den Choiste Airgeadais:** Leagtar amach thíos deimhniú ar líon na gCruinnithe den Choiste Airgeadais le linn na bliana airgeadais 2017/18 agus taifead ar na baill a d'fhreastail orthu.

Bhí 6 gcruinniú den Choiste Airgeadais ann le linn na bliana airgeadais 2017/18 agus tá taifead ar na baill a d'fhreastail orthu thíos.

Tinreamh na mBall:
An Propast (an Dr Patrick Prendergast) (Cathaoirleach) (6), An Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil (An tOllamh Chris Morash) (5), An Príomhoifigeach Airgeadais (An tUasal Ian Mathews) (6), An Príomhoifigeach Oibríochta (Geraldine Ruane Uasal) (5), Sparánaí/Stiúrthóir na Bainistíochta Straitéisí (An tOllamh Veronica Campbell) (5), An Cláraitheoir (An tOllamh Paula Murphy) (3), An tOllamh Brian Lucey (2), Uachtarán Aontas na Mac Léinn (Kevin Keane) (5), Uachtarán Nua Aontas na Mac Léinn (1)*, Déan na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta (An tOllamh Darryl Jones) (5).

Comhaltaí seachtracha:
Caroline Curtis Uasal (6), An tUasal Jon Gorringe (6), An tUasal Liam Kavanagh (5).

I Láthair
An Leas-Phríomhoifigeach Airgeadais (Louise Ryan Uasal) (5), An Stiúrthóir Riosca agus Pleanála Airgeadais (Deirdre Savage) (6), Uachtarán GSU (6) Uachtarán Nua an GSU (1)*.

* d'fhreastail ar chruinniú deireadh na bliana in Iúil 2018.

(xvii) **Athbhreithniú ar fheidhmíocht an Údaráis Rialachais** Tionóladh próiseas féinmheasúnaithe ar an mBord (An tÚdarás Rialála) in 2018 agus tá na moltaí a d'eascair as sin á meas nó á gcur i bhfeidhm i láthair na huaire.

Thar ceann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

| | |
|---|---|
| ___________________________ | _____________________ |
| AN DR PATRICK PRENDERGAST | PETER REYNOLDS |
| PROPAST | PRÍOMHOIFIGEACH EATRAMHACH AIRGEADAIS |

**27 Márta 2019**

## Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Bord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

### 1. Tuarascáil ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

***Tuairim cháilithe***

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis chomhdhlúite agus ar ráitis airgeadais Ollscoile ("ráitis airgeadais") Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath don bhliain an 30 Meán Fómhair 2018 ar leathanaigh 18 go 47 atá comhdhéanta de ráitis chomhdhlúite agus Ollscoile ar ioncam cuimsitheach, ráitis chomhdhlúite agus Ollscoile ar athruithe sa chúlchiste, ráitis chomhdhlúite agus Ollscoile ar an staid airgeadais, ráitis chomhdhlúite ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha a leagtar amach i nóta 1. Is é an creat tuairiscithe airgeadais atá curtha i bhfeidhm lena n-ullmhú ná Dlí na hÉireann agus FRS 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn".

Is é ár dtuairim, cé is moite den tionchar airgeadais a bhaineann leis an infháltas ón Stát a ndéantar tagairt dó sna hailt ar Bhunús na Tuairime Cáilithe, tugann na ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na hOllscoile:

- léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na hOllscoile, amhail an 30 September 2018, agus ar bharrachas an Ghrúpa agus na hOllscoile faoi dheireadh na bliana céanna sin; agus
- ullmhaíodh i gceart iad de réir FRS 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn.

***Bunús na tuairime cáilithe***

Mar a mhínítear níos mine i Nóta 29 leis na ráitis airgeadais, aithníodh sócmhainn a léiríonn infháltas ón Stát, arbh ionann í agus luach oibleagáid sochair scoir na hOllscoile maidir lena scéimeanna sochair scoir shainithe, agus aithníodh an méid sin i ráitis airgeadais na hOllscoile (agus aithníodh méid comhionann sna cúlchistí ioncaim agus caiteachais) ar an mbonn go mbreithneoidh an Bord go raibh dliteanais sochair scoir na hOllscoile ráthaithe ag an Stát. Chomh maith leis sin, taifeadadh gnóthachain nó caillteanais a mheaitseálann gluaiseachtaí sna dliteanais sochair scoir seo i rith na bliana sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach don bhliain.

Is é ár dtuairim, cé gur thug achtú an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 i Meitheamh 2009 agus an t-Ordú Aistrithe a bhí mar thoradh air dar dháta 31 Nollaig 2009, Achtú an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, ar an Stát freagracht a ghlacadh as aon easnamh sa mhaoiniú a thiocfaidh chun cinn sa Mháistirscéim Pinsin arna feidhmiú ag an Ollscoil agus i Scéim Aonair um Phinsean na Seirbhísí Poiblí , níor chlúdaigh reachtaíocht den sórt sin scéimeanna sochair scoir shainithe Eiseamláireach agus Forlíonadh arna bhfeidhmiú ag an Ollscoil. In éagmais glacadh foirmiúil ón Stát maidir leis an oibleagáid easnaimh i scéimeanna pinsin shochair sainmhínithe Scéim Shamplach agus Forlíonadh Pinsin na hOllscoile a mhaoiniú, is é ár dtuairimse nach bhfuil sé oiriúnach an pinsean infhaighte a bhaineann le heasnaimh na scéimeanna sin a aithint i ráitis chomhdhlúite agus Ollscoile amhail an 30 Meán Fómhair 2018 agus 30 Meán Fómhair 2017.

Is é ár dtuairim nach bhfuil an chóireáil a glacadh ag teacht le riachtanais an FR S102 Alt 21 "Soláthair agus Teagmhais" mar gheall go bhfanann an t-infháltas teagmhasach ó thaobh nádúir mar a bhaineann leis an Scéim Shamplach agus Forlíonadh Pinsin go dtí go nglacann an Stát leis an oibleagáid go foirmiúil.

Dá réir sin, (i) ní mór laghdú €623,838,000 a dhéanamh ar an tsócmhainn pinsin infhaighte, na glansócmhainní agus ioncam agus caiteachas - cúlchistí gan srian i ráitis airgeadais Chomhdhlúite agus Ollscoile don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018 agus (ii) ba chóir an t-easnamh iomlán sa Ráiteas Comhdhlúite maidir le hIoncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018 a athshonrú mar chaillteanas €4,901,000.

Lena chois sin, i ndáil leis an mbliain roimhe, (i) ní mór laghdú €623,940,000 a dhéanamh ar an tsócmhainn pinsin infhaighte, na glansócmhainní agus ar ioncam agus caiteachas - cúlchiste neamhshrianta sa ráiteas Comhdhlúite ar an staid airgeadais agus i ráiteas na hOllscoile ar an staid airgeadais amhail an 30 Meán Fómhair 2017 agus (ii) ba chóir easnamh €42,701,000 tar éis cánach a athshonrú sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach leis an toradh don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017.

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (Éire) (ISAnna (Éire) agus an dlí infheidhme. Tá tuilleadh cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid faoi Fhreagrachtaí an Iniúchóra i leith Iniúchadh na Ráiteas Airgeadais inár dtuarascáil. Táimid neamhspleách ar an nGrúpa agus ar an Ollscoil ag teacht le ceanglais eiticiúla atá ábhartha dár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus tá ár gcuid freagrachtaí eiticiúla comhlíonta againn de réir na gceanglas sin.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte againn leordhóthanach agus oiriúnach chun bunús a chur ar fáil dár dtuairim.

***Níl aon ní le tuairisciú againn maidir le gnóthas leantach***

Tá sé de dhualgas orainn a thuairisciú má chinnimid go bhfuil an úsáid atá á baint as bunús an ghnóthais leantaigh mí-oiriúnach nó má tá neamhchinnteacht ábhartha nár luadh a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar úsáid an bhunúis sin do thréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais. Níl aon ní le tuairisciú againn ina leith sin.

***Eolas Eile***

Is é an Bord atá freagrach as an eolas eile a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais. Tá an t-eolas eile comhdhéanta den eolas a chuimsítear i dTuarascáil an Phríomhoifigigh Eatramhaigh Airgeadais, sa Ráiteas Freagrachtaí, sa Ráiteas ar Rialachas agus Rialú Inmheánach, agus sa ráiteas ar Bhainistíocht ar Dheontais ó Chistí Státchiste agus Cuntasacht i leith na gCistí sin, agus ní hionann é is an t-eolas atá sna ráitis airgeadais agus i dtuarascáil an iniúchóra. Ní áirítear inár dtuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile agus, dá réir, ní thugaimid tuairim iniúchta, seachas mar a luaitear go sainráite thíos, ná aon chonclúid dearbhaithe de chineál ar bith air.

Tá sé d'fhreagracht orainn an t-eolas eile a léamh agus, trí sin a dhéanamh, a bhreith cibé, bunaithe ar ár n-obair iniúchta ar na ráitis airgeadais, an bhfuil míráiteas ábhartha san eolas sin nó an bhfuil sé ag teacht leis na ráitis airgeadais nó le heolas an iniúchta atá againn. Bunaithe ar an obair sin amháin, tuairiscíonn muid, seachas i gcás na dtionchar iarmhartach a bhaineann leis an ábhar a bhfuil cur síos déanta air sa chuid Bunús na Tuairime Cáilithe inár dtuarascáil, nach bhfuil aon mhíráiteas ábhartha eile aitheanta againn san eolas eile.

***Nithe nach mór dúinn a thuairisciú faoi théarmaí ár gcomhaontaithe***

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta.

Is é ár dtuairim go raibh taifid chuntasaíochta na hOllscoile leordhóthanach chun cead a thabhairt na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil an Phríomhoifigigh Eatramhaigh Airgeadais ag teacht leis na ráitis airgeadais.

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais d'Ollscoileanna na hÉireann, tá dualgas orainn tuairisciú duit mura bhfuil an ráiteas maidir le rialachas agus córas an smachtaithe airgeadais inmheánaigh, faoi mar atá curtha san áireamh sa Ráiteas Rialachais agus Smachtú Inmheánach ar leathanach 9 go 15, ag teacht leis an bhfaisnéis a bhfuilimidne ar an eolas faoi de bharr ár gcuid obair iniúchta ar na ráitis airgeadais, agus tuairiscímid duit mura bhfuil. Níl aon ní le tuairisciú againn ina leith sin.

## 2. Freagrachtaí faoi seach agus srianta maidir lena n-úsáid

***Freagrachtaí an Bhoird i leith na ráiteas airgeadais***

Faoi mar a míníodh níos iomláine sa Ráiteas Freagraíochtaí ar leathanach 8, tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus ní foláir dó a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom, agus as rialú inmheánach den chineál sin de réir mar a mheastar atá de dhíth chun go mbeifear in ann ráitis airgeadais atá saor ó mhíráiteas ábhartha a ullmhú, cibé más calaois nó earráid is cúis leo.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá an Bord freagrach as cumas an Ghrúpa agus na hOllscoile leanúint ar aghaidh ina ghnóthas leantach a mheas, ag nochtadh, nuair is cuí, ábhar a bhaineann le gnóthas leantach agus úsáid a bhaint as bunús an ghnóthais leantaigh, sin mura bhfuil sé i gceist ag an mbainistíocht an Grúpa agus an Ollscoil a leachtú nó deireadh a chur le hoibríochtaí, nó mura bhfuil aon rogha réalaíoch eile ann ach sin a dhéanamh.

***Freagrachtaí an Iniúchóra i leith iniúchadh na ráiteas airgeadais***

Is iad ár gcuid cuspóirí cinnteacht réasúnta a chur ar fáil cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé an calaois nó earráid is cúis leo, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina bhfuil ár dtuairim. Is cinnteacht ag ardleibhéal atá i gceist le cinnteacht réasúnta, ach ní dearbhú é sin go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna (Éire) ar aon mhíráiteas ábhartha má bhíonn a leithéid i gceist ann. Is féidir le míráitis teacht chun cinn de bharr calaoise nó earráide agus breithnítear gur míráitis ábhartha atá i gceist, as féin nó go comhiomlán, más rud é go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíochta a ghlacfadh úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Tá cuntas níos mine le fáil ar ár bhfreagrachtaí ar láithreán gréasáin an IAASA ag https://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsiblities_for_audit.pdf

***An Cuspóir atá leis an obair iniúchta a rinneamar agus iadsan a bhfuilimid freagrach dóibh***

Rinneadh an tuarascáil seo don Bhord, mar chomhlacht, agus dó sin amháin de réir reachta na hOllscoile. Thugamar faoin obair iniúchta ionas go bhféadfaimis a lua leis an mBord na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leis i dtuarascáil na n-iniúchóirí agus chun na críche sin amháin. Chomh fada is a cheadaítear faoin dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid freagracht i leith aon duine eile ach amháin an Ollscoil agus an Bord, as an obair iniúchta, as an tuarascáil seo nó as na tuairimí a chruthaíomar.

**Cliona Mullen** **27 Márta 2019**
**Do KPMG agus thar a cheann**
**KPMG**
**Gnólacht Chúntóirí Cairte agus Iniúchta Reachtúla**
**1 Plás an Stócaigh**
**Faiche Stiabhna**
**Baile Átha Cliath 2**

## An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

| | | Bliain dar críoch 30 M. F. 2018 | | Bliain dar críoch 30 M. F. 2017 Athshonraithe (nóta 31)* | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | Comhdhlúite €'000 | Ollscoil €'000 | Comhdhlúite €'000 | Ollscoil €'000 |
| **Ioncam** | | | | | |
| Deontais Stáit | 2 | 48,660 | 48,660 | 44,489 | 44,489 |
| Táillí acadúla | 3* | 148,950 | 146,244 | 137,323 | 137,323 |
| Deontais taighde agus conarthaí | 4 | 99,680 | 99,680 | 100,073 | 100,073 |
| Ioncam eile | 5 | 59,846 | 63,957 | 53,418 | 55,593 |
| Ioncam infheistíochta | 6 | 7,048 | 7,060 | 6,208 | 6,206 |
| Amúchadh deontas caipitil | 21 | 8,751 | 8,751 | 9,578 | 9,578 |
| **Ioncam iomlán roimh dheonacháin agus dhearlaicí** | | **372,935** | **374,352** | **351,089** | **353,262** |
| Deonacháin agus dearlaicí | 7 | 14,974 | 16,389 | 14,945 | 6,859 |
| **Ioncam iomlán** | | **387,909** | **390,741** | **366,034** | **360,121** |
| | | | | | |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Costais foirne | 8 | 263,048 | 258,707 | 245,893 | 242,313 |
| Costais oibríochta eile | 9 | 102,481 | 106,710 | 99,362 | 101,248 |
| Ús agus costais airgeadais eile | 10* | 3,936 | 3,936 | 4,194 | 4,194 |
| Dímheas | 12 | 24,587 | 24,564 | 25,773 | 25,752 |
| Lagú Maoine | 12 | - | - | 3,868 | 3,868 |
| **Caiteachas iomlán** | | **394,052** | **393,917** | **379,090** | **377,375** |
| | | | | | |
| **Easnamh roimh ghnóthachain agus chaillteanais eile** | | **(6,143)** | **(3,176)** | **(13,056)** | **(17,254)** |
| (Caillteanas)/gnóthachan ar athluacháil maoine | 14 | (285) | (285) | 4,495 | 4,495 |
| Gnóthachan ar infheistíochtaí | 17/22 | 7,436 | 7,350 | 5,085 | 4,975 |
| | | | | | |
| **Barrachas/(easnamh) roimh cháin** | | **1,008** | **3,889** | **(3,476)** | **(7,784)** |
| Cánachas | 11 | (125) | - | - | - |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain** | | **883** | **3,889** | **(3,476)** | **(7,784)** |
| | | | | | |
| Gnóthachan achtúireach i ndáil le scéimeanna | 29 | 42,974 | 42,974 | 49,971 | 49,971 |
| Gluaiseacht ar shochar scoir infhaighte | 29 | (42,974) | (42,974) | (49,971) | (49,971) |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach iomlán don** | | **883** | **3,889** | **(3,476)** | **(7,784)** |
| | | | | | |
| Arna léiriú ag: | | | | | |
| Ioncam cuimsitheach dearlaice iomlán don bhliain | 22 | 12,727 | 12,727 | 7,251 | 7,251 |
| (Caillteanas)/ioncam cuimsitheach srianta | 23 | (6,855) | (237) | 4,534 | (2,533) |
| Caillteanas cuimsitheach neamhshrianta | * | (4,989) | (8,601) | (15,261) | (12,502) |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach iomlán don** | | **883** | **3,889** | **(3,476)** | **(7,784)** |

Baineann gach mír ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí leanúnacha.
* Féach nóta 31 chun coigeartú na bliana roimhe a fháil

## Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile maidir le hAthruithe sa Chúlchiste

| | An Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais | | | Cúlchiste | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | Dearlaic | Srianta | Neamhshrianta | Cúlchiste | |
| **Comhdhlúite** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2016 – athshonraithe** | 181,309 | 12,287 | 103,120 | 517,993 | 814,709 |
| Barrachas/(easnamh) ón ráiteas ioncaim agus caiteachais | 7,251 | 12,083 | (22,810) | - | (3,476) |
| Scaoileadh cistí teoranta a caitheadh sa bhliain | - | (7,549) | 7,549 | - | - |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | 7,251 | 4,534 | (15,261) | - | (3,476) |
| | | | | | |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2017 – athshonraithe** | 188,560 | 16,821 | 87,859 | 517,993 | 811,233 |
| Barrachas/(easnamh) ón ráiteas ioncaim agus caiteachais | 12,727 | 9,613 | (21,457) | - | 883 |
| Scaoileadh cistí teoranta a caitheadh sa bhliain | - | (16,468) | 16,468 | - | - |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | 12,727 | (6,855) | (4,989) | - | 883 |
| | | | | | |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2018** | 201,287 | 9,966 | 82,870 | 517,993 | 812,116 |

| | Cúlchiste ioncaim agus caiteachais | | | Cúlchiste | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | Dearlaic | Srianta | Neamhshrianta | Cúlchiste | |
| **Ollscoil** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2016 – athshonraithe** | 181,309 | 2,985 | 95,738 | 517,993 | 798,025 |
| Barrachas/(easnamh) ón ráiteas ioncaim agus caiteachais | 7,251 | - | (15,035) | - | (7,784) |
| Scaoileadh cistí teoranta a caitheadh sa bhliain | - | (2,533) | 2,533 | - | - |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | 7,251 | (2,533) | (12,502) | - | (7,784) |
| | | | | | |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2017 – athshonraithe** | 188,560 | 452 | 83,236 | 517,993 | 790,241 |
| Barrachas/(easnamh) ón ráiteas ioncaim agus caiteachais | 12,727 | - | (8,838) | - | 3,889 |
| Scaoileadh cistí teoranta a caitheadh sa bhliain | - | (237) | 237 | - | - |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | 12,727 | (237) | (8,601) | - | 3,889 |
| | | | | | |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2018** | 201,287 | 215 | 74,635 | 517,993 | 794,130 |

Leagtar amach i nóta 31 coigeartú na bliana roimhe ina n-athluaitear na cúlchistí tosaigh

## Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

| | | Bliain dar críoch 30 M. F. 2018 | | Bliain dar críoch 30 M. F. 2017 Athshonraithe (nóta 31)* | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | Comhdhlúite €'000 | Ollscoil €'000 | Comhdhlúite €'000 | Ollscoil €'000 |
| **Sócmhainní Neamh-reatha** | | | | | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | 12* | 991,553 | 991,458 | 940,005 | 939,977 |
| Sócmhainní dearlaice agus infheistíochta | 13 | 168,015 | 168,015 | 188,271 | 188,271 |
| Maoin Infheistíochta | 14 | 45,730 | 45,730 | 54,515 | 54,515 |
| | | **1,205,298** | **1,205,203** | **1,182,791** | **1,182,763** |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Trádáil agus infháltais eile | 15 | 79,680 | 82,816 | 68,277 | 68,592 |
| Fardail | 16 | 569 | 555 | 599 | 591 |
| Infheistíochtaí | 17 | 32,150 | 30,167 | 32,166 | 30,269 |
| Airgead tirim nó a choibhéis | 25 | 155,171 | 135,014 | 185,615 | 166,487 |
| | | **267,570** | **248,552** | **286,657** | **265,939** |
| Lúide: Suimeanna iníoctha – méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 18* | (219,402) | (219,167) | (208,646) | (208,992) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **48,168** | **29,385** | **78,011** | **56,947** |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **1,253,466** | **1,234,588** | **1,260,802** | **1,239,710** |
| Suimeanna iníoctha – méideanna a bheidh dlite tar éis bliana amháin | 19 | (441,350) | (440,458) | (449,569) | (449,469) |
| **Forálacha** | | | | | |
| Dliteanais shochair scoir | 29 | (1,674,748) | (1,674,748) | (1,701,923) | (1,701,923) |
| Sócmhainn infhaighte shochair scoir | 29 | 1,674,748 | 1,674,748 | 1,701,923 | 1,701,923 |
| **Glansócmhainní iomlána** | | **812,116** | **794,130** | **811,233** | **790,241** |
| **Cúlchistí srianta** | | | | | |
| Ioncam agus caiteachas - dearlaic Bhuan | 22 | 201,287 | 201,287 | 188,560 | 188,560 |
| Ioncam agus caiteachas - srianta | 23 | 9,966 | 215 | 16,821 | 452 |
| **Cúlchistí neamhshrianta** | | | | | |
| Ioncam agus caiteachas - neamhshrianta | * | 82,870 | 74,635 | 87,859 | 83,236 |
| Cúlchiste athluachála | 24 | 517,993 | 517,993 | 517,993 | 517,993 |
| **Cúlchistí iomlána** | | **812,116** | **794,130** | **811,233** | **790,241** |

* Féach nóta 31 chun coigeartú na bliana roimhe a fháil

Cheadaigh Bord na hOllscoile na ráitis airgeadais ó leathanaigh 19 go 50 an 27 Márta 2019 agus tá siad sínithe thar ceann an Bhoird ag:

______________________ ______________________

AN DR PATRICK PRENDERGAST
PROPAST

PETER REYNOLDS
PRÍOMHOIFIGEACH EATRAMHACH AIRGEADAIS

27 Márta 2019

## Ráiteas Comhdhlúite maidir le Sreabhadh Airgid

| | Nóta | 2018 | Athshonraithe 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| **Sreabhadh Airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas/(easnamh) don bhliain | | 883 | (3,476) |
| **Coigeartú i leith míreanna neamhairgid** | | | |
| Dímheas | 12 | 24,587 | 25,773 |
| Lagú Maoine | 12 | - | 3,868 |
| Amúchadh deontas caipitil iarchurtha | 21 | (8,751) | (9,578) |
| (Caillteanas)/gnóthachan ar athluacháil maoine infheistíochta | 14 | 285 | (4,495) |
| Gnóthachan ar infheistíochtaí | 17/22 | (7,436) | (5,085) |
| **Coigeartú i leith míreanna caipitil oibre** | | | |
| Laghdú/(méadú) ar fhardail | | 30 | (11) |
| Méadú ar infháltais | | (14,580) | (5,663) |
| Ardú ar shuimeanna iníoctha | | 8,002 | 6,684 |
| **Coigeartú i leith gníomhaíochtaí infheistíochta nó airgeadais** | | | |
| Ioncam infheistíochta | 6 | (7,048) | (6,208) |
| Ús iníoctha | 10 | 3,936 | 4,194 |
| Dearlaicí nua a fuarthas | 22 | (3,341) | (1,943) |
| **Glan (eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | | **(3,433)** | **4,060** |
| **Sreabhadh Airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Deontais chaipitil faighte | | 6,907 | 7,573 |
| Ioncam infheistíochta | | 7,048 | 6,208 |
| Diúscairt ar infheistíochtaí sócmhainní neamh-reatha | | 43,638 | 16,500 |
| Íocaíochtaí chun infheistíochtaí sócmhainní neamh-reatha a fháil | | (15,930) | (23,697) |
| Íocaíochtaí chun infheistíochtaí eile a fháil | | - | (344) |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta a fháil | | (66,493) | (34,332) |
| Aistrithe chuig/(ó) thaiscí | | - | 117,647 |
| Airgead tirim dearlaice nua a fuarthas | | 3,341 | 1,943 |
| **Glan (eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(21,489)** | **91,498** |
| **Sreabhadh Airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadais** | | | |
| Ús íoctha | | (1,597) | (1,601) |
| Gné chaipitil d'íocaíochtaí cíosa leas airgeadais | | (444) | (274) |
| Gné úis d'íocaíochtaí cíosa leas airgeadais | 10 | (3,481) | (3,500) |
| **Glan eis–sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(5,522)** | **(5,375)** |
| **(Laghdú)/méadú ar airgead tirim agus a choibhéis sa bhliain** | | **(30,444)** | **90,183** |
| Airgead tirim agus a choibhéis ag tús na bliana | 25 | 185,615 | 95,432 |
| Airgead tirim agus a choibhéis ag deireadh na bliana | 25 | 155,171 | 185,615 |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 1. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

#### Bunús an ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais freisin de réir Chaighdeán Tuairiscíochta Airgeadais 102 (FRS 102) agus an Ráitis Chleachtais Mholta ("SORP") - Cuntasaíocht d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais (2015), arna eisiúint ag Bord HE/FE SORP sa RA, ar ghlac an Ollscoil leis go toilteanach. Is eintiteas sochair phoiblí í an Ollscoil agus, dá bhrí sin, tá riachtanas ábhartha sochair phoiblí na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhme curtha i bhfeidhm aici.

#### Coinbhinsiún cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, arna mhionathrú ag athluacháil talún agus foirgneamh áirithe agus sócmhainní dearlaice a dtuairiscítear ag a luach cóir.

#### Bunús comhdhlúite

Cuimsítear i ráitis airgeadais chomhdhlúite an Ghrúpa an Ollscoil agus a cuid gníomhaíochtaí fochuideachta (mar a shainmhínítear le SORP) Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Ghala, Seirbhísí Ar Líne Choláiste na Tríonóide faoi Theorainn Ráthaíochta, Seirbhísí Tráchtála Branda Choláiste na Tríonóide Teoranta, Seirbhísí Pte. Áise Choláiste na Tríonóide Teoranta, Fondúireacht Choláiste na Tríonóide, Ciste Dearlaice Oideachais Choláiste na Tríonóide, Iontaobhas Choláiste na Tríonóide, Cumann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ciste Ollscoil Átha Cliath. Déantar cuntas do Chiste Dearlaice Choláiste na Tríonóide laistigh de ráitis airgeadais ar leithligh na hOllscoile de réir an SORP. Ní dhearnadh gnóthais eile a bhfuil suim ag an Ollscoil iontu, mar atá léirithe i Nóta 28, a chomhdhlúthú de bhonn neamhábharthachta nó nach bhfuil siad faoi rialú na hOllscoile. Faightear réidh le hioncam agus le caiteachas ion-Ghrúpa go hiomlán arna gcomhdhlúthú.

Ní dhearnadh ráitis airgeadais na gCistí Pinsin agus na gComhlachtaí Caipitíochta a chomhdhlúthú ó tharla nach bhfuil siad faoi rialú na hOllscoile.

#### Aitheantas Ioncaim

Aithnítear deontais atarlaithe ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfaightear iad.

Déileáiltear le deontais neamhatarlaithe ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí rialtais eile a fhaightear i ndáil le fáil nó le tógáil sócmhainní seasta mar dheontais chaipitil iarchurtha agus amúchtar iad ag teacht le dímheas thar shaol na sócmhainní.

Aithnítear ioncam ó tháillí acadúla ar bhonn fabhraithe go cothrom thar thréimhse bliana ó thús na bliana acadúla, an chéad lá de théarma na Féile Michíl gach bliain. De bharr go dtosaíonn téarma na Féile Michíl ag deireadh mhí Lúnasa go hiondúil, léirítear sa bhliain airgeadais eilimintí de tháillí acadúla a bhaineann le dhá bhliain acadúla ar leith.

Tá ioncam ó dheontais thaighde, ó chonarthaí agus ó sheirbhísí soláthraithe eile san áireamh go dtí deireadh an chonartha nó na seirbhíse atá i gceist. Is ionann sin go ginearálta agus suim den chaiteachas cuí a tabhaíodh le linn na bliana agus aon ranníoca i dtreo forchostas.

Caitear le hioncam ó chomhaontaithe lamháltais mar ioncam tarchurtha agus cuirtear chun sochar an Ráitis maidir le hIoncam Cuimsitheach é de réir an chirt chun comaoine a thuilltear de réir na dtéarmaí conartha.

#### Deonacháin agus dearlaicí

Déantar ioncam infheistíochta agus luachmhéadú dearlaice a thaifeadadh san ioncam sa bhliain a dtagann siad i gceist, agus mar ioncam srianta nó neamhshrianta, de réir na dtéarmaí a bhaineann leis an gCiste Dearlaice. Tá ceithre phríomhchineál deonacháin agus dearlaice taobh istigh de chúlchistí.

*1. Deonacháin shrianta*
Tá sé sonraithe ag an deontóir go gcaithfear an deonachán a úsáid do chuspóir ar leith.

*2. Dearlaicí buana neamhshrianta*
Tá sé sonraithe ag an deontóir go bhfuil an maoiniú le hinfheistiú feasta chun sreabhadh ioncaim a ghiniúint do leas na hOllscoile go ginearálta.

*3. Dearlaicí inídithe srianta*
Tá cuspóir ar leith sonraithe ag an deontóir seachas sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach nó a thógáil, agus tá de chumhacht ag an Ollscoil an caipiteal a úsáid.

*4. Dearlaicí buana srianta*
Tá sé sonraithe ag an deontóir go bhfuil an maoiniú le hinfheistiú feasta chun sreabhadh ioncaim a ghiniúint ar mhaithe le cuspóir ar leith.

**Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite**

**Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)**

Is deonacháin agus dearlaicí idirbhearta nach bhfuil coinníollacha feidhmíochta ag baint leo. Aithnítear deonacháin agus dearlaicí atá curtha i bhfeidhm ag an deontóir taobh istigh den Ráiteas Comhdhlúite maidir le hIoncam Cuimsitheach nuair a bheidh an Ollscoil i dteideal na gcistí. Coinnítear ioncam taobh istigh den chúlchiste srianta nó go mbaintear leas as de réir na srianta sin. Is ag an bpointe sin a scaoiltear leis an ioncam chuig cúlchistí neamhshrianta trí aistriú cúlchiste. Taifeadtar deonacháin nach bhfuil aon srianta orthu taobh istigh den Ráiteas Comhdhlúite maidir le hIoncam Cuimsitheach nuair a fhaightear iad nó nuair is féidir iad a fháil.

**Meastacháin agus Breithiúnais Chuntasaíochta**
Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, rinneadh go leor meastachán, breithiúnais agus boinn tuisceana a bhfuil tionchar acu ar mhéideanna a thuairiscítear mar shócmhainní, dliteanais, ioncam agus caiteachas. Déantar athbhreithniú ar mheastacháin agus ar bhoinn tuisceana a úsáidtear ar bhonn leanúnach.

Tá na príomh-mheastacháin, breithiúnais agus boinn tuisceana a úsáideadh sna ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018, mar a leanas:

*1. Soláthair Phinsin*
Ríomhtar an soláthar pinsin bunaithe ar thoimhdí achtúireacha a chuireann achtúire ar fáil gach bliain. Tá san áireamh leis na toimhdí achtúireacha, rátaí lascaine, méaduithe tuarastail, méaduithe pinsin agus rátaí boilscithe.

*2. Maoin, Fearas agus Trealamh*
Ríomhtar dímheas de réir meastachán agus boinn tuisceana ar shaol eacnamaíoch úsáideach agus luach iarmharach measta na sócmhainne.

*3. Maoin Infheistíochta*
Tomhaistear maoin infheistíochta ag luach cothrom. Déanann luachálaí neamhspleách proifisiúnta athluacháil ar mhaoin infheistíochta gach bliain.

*4. Laguithe*
Baintear úsáid as breithiúnas chun a chinneadh cé acu an dtugtar le tuiscint nó nach dtugtar le tuiscint go bhfuil lagú déanta ar shócmhainní na hOllscoile.

*5. In-aisghabhálacht Féichiúnaithe.*
Ríomhtar an soláthar do dhrochfhiach de réir ionchas an lucht bainistíochta maidir le hin-aisghabhálacht fiach. Agus an soláthar do dhrochfhiacha á ríomh, cuirtear na fachtóirí seo a leanas san áireamh: an t-achar atá na fiacha amuigh, an stair a bhaineann le coinníollacha iasachtaí a chomhlíonadh roimhe seo, scéal an fhéichiúnaí faoi láthair agus cúinsí reatha margaidh.

*6. Sochair fhostaithe*
Tá an fabhrú le haghaidh laethanta saoire a tuilleadh ach nár glacadh bunaithe ar mheastacháin an phá iomlán saoire lúide laethanta saoire a glacadh.

**Sócmhainní seasta inláimhsithe**
*1. Talamh agus Foirgnimh*
Rinne an Ollscoil athluacháil ar a cuid talún ar bhonn luach cothrom amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014 (dáta an athraithe go dtí FRS102) agus úsáidtear na luachanna athbhreithnithe anois mar chostas measta na talún. Ní dhímheastar talamh ruílse.

Rinne Bord na hOllscoile foirgnimh na hOllscoile a luacháil i 1998 ar chostas caighdeánach €2,413 an méadar cearnaithe. Cuirtear san áireamh foirgnimh a fuarthas ó rinneadh luacháil orthu sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais ag costas lúide dímheas carntha. Dímheastar foirgnimh thar a saol úsáideach measta eacnamaíoch don Ollscoil idir 25 bliana agus 87 bliana. In 2017, rinne luachálaí maoine gairmiúil seachtrach athbhreithniú ar an saol úsáideach a bhí fanta ag roinnt de mhaoine na hOllscoile a thabhairt chun críche. Bhreithnigh siad saol eacnamaíoch measta ina mbainfidh an Ollscoil úsáid as na foirgnimh sin agus luadh freisin gur ar mhaithe le húsáid acadúla, oideachais nó taighde nó úsáidí gaolmhara eile lena n-áirítear cóiríocht do mhic léinn a úsáideadh na foirgnimh sin go príomha.

Nuair a fhaightear foirgnimh le cabhair ó dheontais shainiúla rialtais déantar iad a chaipitliú agus a dhímheas mar atá thuas. Cuirtear na deontais ghaolmhara chun sochair cuntas ioncaim iarchurtha agus scaoiltear iad chuig an Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach thar saol eacnamaíoch úsáideach measta na sócmhainne gaolmhaire ar bhonn comhsheasmhach leis an mbeartas dímheasta.

**Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite**

**Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)**

*2. Daingneáin agus feistí agus trealamh*

Díscríobhtar trealamh le costas níos lú ná €10,000 in aghaidh gach earra ar leith go dtí an Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach sa bhliain ina bhfaightear é. Déantar gach trealamh eile a chaipitliú ag costas. Dímheastar trealamh caipitlithe thar a saol eacnamaíoch úsáideach mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Sócmhainní Léasaithe | 20 bliain nó príomhthréimhse léasa, más níos giorra |
| Daingneáin agus Feistí | 10 bliana |
| Trealamh Eile | 5 bliana |
| Bogearraí Ríomhaireachta | 5 bliana |
| Trealamh ríomhaireachta | 3 bliana |

Nuair a fhaightear trealamh le cabhair ó dheontais shainiúla rialtais, déantar iad a chaipitliú agus a dhímheas de réir an bheartais thuas, leis an deontas gaolmhar curtha chun sochair cuntas deontais chaipitil iarchurtha agus scaoiltear iad chuig an Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach thar shaol eacnamaíoch úsáideach measta an trealaimh ghaolmhair sin. Muirearaítear costas na gnáthchothabhála ceartaithí chuig an Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach sa tréimhse ar tabhaíodh é.

**Sócmhainní Oidhreachta**

Sealbhaíonn agus coinníonn an Ollscoil sócmhainní oidhreachta ar leith ar nós pictiúir, airgead, dealbha agus lámhscríbhinní nach féidir luach a chur orthu. Caomhnaíonn an Ollscoil na sócmhainní seo ar mhaithe le taighde agus teagasc agus ar mhaithe le hidirghníomhú idir an Ollscoil agus an pobal.

Ní dhéantar sócmhainní oidhreachta a fhaightear roimh 1 Deireadh Fómhair 2006 a chaipitliú sna ráitis airgeadais ó tharla go mbreithnítear nach féidir aon fhíor-luach a leagan orthu de bharr easpa eolais a bheith ann ar an gcostas a bhain len iad a cheannach an chéad uair agus de bharr nach féidir na sócmhainní seo a réadú go réidh. Tá gach costas a tabhaíodh maidir lena gcaomhnú tugtha de réir mar a tabhaíodh iad.

Maidir le breiseanna sócmhainní Oidhreachta a fuarthas tar éis an 1 Deireadh Fómhair 2006, nach bhfuil á gcoinneáil chun críocha teagaisc agus taighde, déanann an Ollscoil iad seo a chaipitliú de réir a gcostas i gcás éadálacha de chuid na hOllscoile, nó de réir a luacha cothrom i gcás deonachán. Ní dhéantar sócmhainní oidhreachta a bhfuil luach €150,000 nó níos lú ná sin acu a chaipitliú sna ráitis airgeadais.

**Maoin Infheistíochta**

Déantar maoin infheistíochta a thomhas ar dtús ag costas agus ina dhiaidh sin ar luach cothrom, agus gluaiseachtaí aitheanta sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach. Déanann luachálaithe gairmiúla neamhspleácha athluacháil ar mhaoin infheistíochta gach bliain agus ní dhéantar í a dhímheas ná a amúchadh.

**Infheistíochtaí**

Luaitear infheistíochtaí ag na luachálacha seo a leanas:

Luaitear infheistíochtaí luaite ag luach an mhargaidh bunaithe ar phraghsanna a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an Ráitis maidir leis an Staid Airgeadais. Luaitear iontaobhais aonaid ag an glanluach sócmhainní arna lua ag na bainisteoirí infheistíochta ag dáta dheireadh na bliana. Luaitear infheistíochtaí arna gcoinneáil i gcistí bainistithe agus i gcistí aonadnasctha ag praghsanna tairgthe amhail dáta an Ráitis maidir leis an Staid Airgeadais. Déantar luachanna margaidh infheistíochtaí a ainmnítear in airgeadraí coigríche a aistriú chuig euro trí na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag deireadh na bliana a úsáid.

Tuairiscítear athruithe ar luach margaidh infheistíochtaí dearlaice sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach mar ghnóthachain nó mar chaillteanais ar infheistíochtaí.

**Infheistíochtaí Eile**

Luaitear infheistíochtaí airgeadais eile ag luach an mhargaidh agus déantar iad a nochtadh faoi shócmhainní neamhreatha nó sócmhainní reatha ag brath ar leachtacht punainne.

**Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite**

**Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)**

**Fardail**
Luaitear fardail ag a gcostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú ar an mbunús an ceann is túisce isteach, is túisce amach. Nuair is gá leis, déantar soláthar d'fhardal críon, a bhíonn ag gluaiseacht go mall nó a bhíonn lochtach. Gearrtar caiteachas a thabhaíonn an Ollscoil ar leabhair agus ar fhardail inchaite ó dheontais atarlaithe chuig an Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach.

**Cánachas**

Ó tharla go bhfuil stádas díolúinte cánach ag an Ollscoil, ní bhíonn sí faoi dhliteanas Cháin Chorparáide ná Cáin Ioncaim ar aon cheann dá cuid gníomhaíochtaí carthanachta.

Déantar roinnt gníomhaíochtaí tráchtála a mbíonn an Ollscoil ina mbun a riar trí roinnt dá cuid fochuideachtaí, atá faoi dhliteanas cháin chorparáide.

Aithnítear cánachas iarchurtha i ndáil le fochuideachtaí, nach bhfuil stádas carthanais acu agus atá faoi dhliteanas cháin chorparáide dá bharr sin, i leith difríochtaí uainiúcháin uile a tharla ach nach ndearnadh iad a mhalartú amhail dáta an chláir chomhardaithe. Déantar soláthar maidir leis na rátaí a bhfuiltear ag súil leo nuair a dhéantar na difríochtaí uainiúcháin sin a mhalartú. Is ionann difríochtaí uainiúcháin agus difríochtaí idir brabús agus torthaí inchánach mar atá luaite sna ráitis airgeadais a eascraíonn nuair a áirítear gnóthachain agus caillteanais i mbrabús inchánach i dtréimhsí eile seachas sna tréimhsí ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Meastar gur féidir glansóchmhainn cánach iarchurtha a in-aisghabháil agus dá bhrí sin, ní dhéantar é a aithint ach sa chás, ar bhonn na fianaise uile a bheidh ar fáil, gur féidir a mheas gur dócha go mbeidh brabús inchánach oiriúnach ann óna bhféadfar malairt na difríochta uainiúcháin a tharlóidh amach anseo a bhaint astu.

**Soláthairtí, dliteanais theagmhasacha agus sócmhainní teagmhasacha**
Aithnítear soláthairtí sna ráitis airgeadais nuair:

a) a bhíonn oibleagáid reatha (dlí nó tógála) ar an Ollscoil mar thoradh ar imeacht san am a caitheadh,
b) a d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh aistriú sochair eacnamaíoch riachtanach chun an oibleagáid a shocrú; agus
c) is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide

Déantar an méid a aithnítear mar sholáthar a chinneadh tríd an sreabhadh airgid a bhfuiltear ag súil leis amach anseo a lascainiú ag ráta roimh cháin a léiríonn na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas.

Tagann dliteanais theagmhasacha chun cinn mar thoradh ar imeacht a tharla san am a caitheadh a chuireann oibleagáid a d'fhéadfadh a bheith ann ar an Ollscoil ach nach ndéanfar an oibleagáid sin a dheimhniú ach sa chás is go dtarlódh imeachtaí neamhchinnte nó eile amach anseo nach mbeidh go hiomlán faoi rialú na hOllscoile. Tagann dliteanais theagmhasacha chun cinn chomh maith i gcásanna go mbeadh soláthar déanta de ghnáth murach sin ach go bhféadfadh sé tarlú go mbeadh eis-sreabhadh acmhainne riachtanach nó ní bheifear ábalta méid na hoibleagáide a thomhas go hiontaofa.

Tagann sócmhainn teagmhasach chun cinn i gcás gur tharla imeacht a thugann sócmhainn a d'fhéadfadh a bheith ann don Ollscoil. Ní dhéanfar an tsócmhainn sin a dheimhniú ach amháin i gcás ina dtarlódh imeachtaí neamhchinnte nó eile amach anseo nach mbeidh go hiomlán faoi rialú na hOllscoile.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha ná dliteanais theagmhasacha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ach déantar iad a nochtadh sna nótaí de réir mar is gá.

**Léasanna airgeadais**
Déantar léasanna ina nglacann an Ollscoil rioscaí agus luach saothair uile úinéireacht na sócmhainne léasaithe a chatagóiriú mar léasanna airgeadais. Bíonn na sócmhainní san áireamh i sócmhainní seasta agus léirítear an ghné chaipitil de na tiomantais ar léas mar oibleagáidí faoi léas airgeadais. Dímheastar sócmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais thar shaol úsáideach na sócmhainne gaolmhaire má tá cinnteacht réasúnta ann go bhfaighidh an Ollscoil úinéireacht orthu faoi dheireadh théarma an léasa. Seachas sin, dímheastar iad thar théarma ar léas nó thar shaol úsáideach, cibé acu is lú.

Ar dtús, nuair a bhíonn íocaíochtaí sceidealta níos lú ná an muirear úis don bhliain, cuirtear an ghné úis nár íocadh leis an oibleagáid cíosa atá fós gan íoc. Seachas sin caitear le cíosanna léasaithe mar chíosanna a bhfuil gnéithe caipitil agus úis san áireamh leo. Feidhmítear an ghné chaipitil chun na hoibleagáidí neamhíoctha a laghdú agus gearrtar an ghné úis ar an Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach i gcomhréir leis an ngné chaipitil neamhíoctha atá ag laghdú.

## Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

### Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

#### Léasanna oibríochta

Gearrtar costais chíosa agus ioncam i leith léasanna oibríochta don Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach i méideanna comhionann bliantúla thar thréimhse an léasa.

#### Ionstraimí airgeadais

Airgead ar láimh, taiscí atá inaisíoctha ar éileamh agus rótharraingtí atá san airgead tirim.

Infheistíochtaí gearrthéarmacha, fíorleachtacha is ea coibhéisí airgid atá in-chomhshóite go héasca go méideanna airgid atá ar eolas agus gan mórán baoil go dtiocfaidh athrú ar a luach. Cáilíonn éarlais mar choibhéis airgid nuair atá aibíocht 3 mhí aige nó níos lú ó dháta na fála. Rangaítear taiscí eile a bhfuil aibíochtaí níos faide mar infheistíochtaí.

Tá iasachtaí lamhháltais faighte ag an Ollscoil ón mBanc Eorpach Infheistíochta chun a clár leanúnach infheistíochta caipitil a mhaoiniú. Is éard is iasachtaí lamhháltais ann ná iasachtaí a thugtar nó a fhaightear idir Eintiteas Sochair Phoiblí (PBE) agus tríú páirtí ar ráta níos ísle ná ráta úis an mhargaidh nach bhfuil inaisíoctha ar éileamh. De réir alt FRS 102, alt 34, tomhaistear na hiasachtaí ar dtús de réir an méid atá i gceist leo agus déantar iad a choigeartú chun aon ús fabhraithe agus/nó aisíocaíocht caipitil a léiriú.

#### Sochair Scoir

Tá socruithe sochair scoir shainithe áirithe ag an Ollscoil atá mionsonraithe i Nóta 29.

Feidhmíonn Fondúireacht Choláiste na Tríonóide scéim ranníocaíochtaí shainithe. Léiríonn an méid a gearradh chuig an Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach an ranníocaíocht atá iníoctha leis an scéim maidir leis an tréimhse cuntasaíochta.

#### Costais shochair scoir

Maidir le scéimeanna shochair scoir shainithe, déantar an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéime (más ann dóibh) agus luach reatha dliteanas na scéime a measadh go hachtúireach, agus a ríomhtar trí úsáid a bhaint as an modh creidmheasa aonaid fortheilgthe a nochtadh ar an ráiteas maidir leis an staid airgeadais.

Is ionann an méid a ghearrtar ar an Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach agus costas na sochar scoir a gealladh do na fostaithe agus a thuill siad i rith na bliana agus a cinneadh go hachtúireach móide aon fheabhsúcháin shochair a bronnadh ar chomhaltaí i rith na bliana.

Léirítear an t-aischur ionchais ar shócmhainní na scéime sochair scoir (más ann dóibh) i rith na bliana agus an t-ardú ar dhliteanais na scéime mar gheall ar dhíchornadh na lascaine i rith na bliana mar chostais airgeadais nó mar ioncam infheistíochta sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach.

Aithnítear aon difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní (más ann) agus an toradh a baineadh amach i ndáiríre agus aon athrú ar dhliteanais mar gheall ar athruithe ar bhoinn tuisceana nó mar gheall go raibh an taithí iarbhír i rith na bliana éagsúil ón taithí measta, mar ghnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach.

#### Sócmhainn infhaighte shochair scoir

Cé go mbaineann an tAcht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 go sonrach leis an Máistirscéim Pinsin, agus go mbaineann an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 go sonrach le Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair, mar a dhéantar cur síos breise uirthi i Nóta 29, tá an Ollscoil den tuairim go ndéanfaidh an Stát dliteanais shochair scoir a sheasamh amach anseo don Scéim Shamplach agus don Fhorlíonadh Pinsin ar bhonn íoc mar a thuilltear. Faoi FRS 102, má tá eintiteas cinnte, geall leis, go gcúiteoidh páirtí eile cuid den chaiteachas nó an caiteachas go léir a theastaíonn chun oibleagáid sochair shainithe a shocrú, aithneoidh an t-eintiteas a cheart féin chun cúitimh mar shócmhainn. Caithfidh eintiteas leis na sócmhainní sin ar an gcaoi chéanna agus a chaitear le sócmhainní plean. Mar thoradh air sin, léiríonn na ráitis airgeadais sócmhainn infhaighte a dhéanann frithháireamh iomlán ar an dliteanas sochair scoir. Déantar gluaiseachtaí sa sochar scoir infhaighte seo a chur san áireamh sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach chun go mbeidh siad ar aon dul leis an ngluaiseacht sa dliteanas sochair scoir.

#### Cúlchistí

Rangaítear cúlchistí mar chúlchistí srianta nó cúlchistí neamhshrianta. Tá iarmhéideanna san áireamh le cúlchistí dearlaice srianta agus, trí airgead a thabhairt don Ollscoil, coimeádtar iad mar chiste atá srianta go buan mar ní foláir don Ollscoil an ciste a choinneáil go brách. Ar na cúlchistí srianta eile atá ann, tá iarmhéideanna a bhfuil cuspóir ar leith ainmnithe ag an deontóir nó an maoinitheoir ina leith agus dá bhrí sin, tá srian ar an Ollscoil maidir le húsáid na gcistí seo.

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite**

## 2. Deontais Stáit

| | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Deontas Atarlaithe** | | | | |
| Deontais Stáit | 48,660 | 48,660 | 44,489 | 44,489 |
| **Réiteach deontais a fuarthas chuig ioncam aitheanta** | | | | |
| A fuarthas i leith na bliana reatha | 45,234 | 45,234 | 44,859 | 44,859 |
| Iarchurtha ón mbliain cuntasaíochta roimhe seo | 1,787 | 1,787 | 1,417 | 1,417 |
| Iarchurtha chuig blianta cuntasaíochta ina dhiaidh sin | - | - | (1,787) | (1,787) |
| Infhaighte ag deireadh na bliana | 1,639 | 1,639 | - | - |
| Iomlán | 48,660 | 48,660 | 44,489 | 44,489 |

## 3. Táillí acadúla

| | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Athshonraithe Comhdhlúite 2017 €'000 | Athshonraithe Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ioncam ó tháillí acadúla | 144,146 | 141,440 | 132,401 | 132,401 |
| Ioncam ó tháillí acadúla eile | 2,983 | 2,983 | 2,882 | 2,882 |
| Ioncam Ilghnéitheach ó tháillí | 1,821 | 1,821 | 2,040 | 2,040 |
| Iomlán | 148,950 | 146,244 | 137,323 | 137,323 |

| | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Athshonraithe Comhdhlúite 2017 €'000 | Athshonraithe Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Déantar anailís ar an ioncam ó tháillí acadúla mar seo a leanas:** | | | | |
| Cúrsaí Fochéime AE | 72,551 | 72,551 | 71,387 | 71,387 |
| Cúrsaí Fochéime Neamh-AE | 30,567 | 27,861 | 24,759 | 24,759 |
| Taighde Iarchéime AE | 7,721 | 7,721 | 7,007 | 7,007 |
| Taighde Iarchéime Neamh-AE | 3,775 | 3,775 | 3,554 | 3,554 |
| Iarchéim Múinte AE | 16,293 | 16,293 | 15,722 | 15,722 |
| Iarchéim Múinte Neamh-AE | 13,239 | 13,239 | 9,972 | 9,972 |
| Iomlán | 144,146 | 141,440 | 132,401 | 132,401 |

Íocadh iomlán de €37,690,597 (2017: €37,323,307) a áiríodh san ioncam ó tháillí acadúla go díreach ag an Údarás um Ard-Oideachas (HEA). Áirítear air sin táillí altranais de €3,832,951 (2017: €3,725,945).

Leagtar amach i nóta 31 coigeartú na bliana roimhe sin ina n-athshonraítear ioncam ó tháillí acadúla.

## 4. Deontais taighde agus conarthaí

| | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Stát agus leathstáit | 57,516 | 57,516 | 57,912 | 57,912 |
| An tAontas Eorpach | 18,377 | 18,377 | 19,511 | 19,511 |
| Tionscal | 4,102 | 4,102 | 4,234 | 4,234 |
| Forchostais SFI | 7,987 | 7,987 | 7,063 | 7,063 |
| Eile | 11,698 | 11,698 | 11,353 | 11,353 |
| Iomlán | 99,680 | 99,680 | 100,073 | 100,073 |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 5. Ioncam Eile

| | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ioncam ó scoileanna acadúla agus oifigí dáimhe | 3,429 | 7,205 | 5,902 | 6,024 |
| Limistéir Seirbhíse | 3,450 | 3,455 | 3,905 | 3,907 |
| Lónadóireacht | 2,704 | 2,704 | 3,048 | 3,048 |
| Ioncam ó Áiteanna Cónaithe | 13,034 | 13,034 | 11,328 | 11,328 |
| Seirbhísí coimhdeacha eile | 1,508 | 1,554 | 1,444 | 1,468 |
| Ioncam ó chíos | 7,163 | 7,163 | 7,465 | 7,465 |
| Ioncam Leabharlainne | 16,525 | 16,525 | 13,874 | 13,874 |
| Ioncam Iamháltais | 4,125 | 4,125 | 4,115 | 4,115 |
| Gníomhaíochtaí neamhacadúla eile | 4,667 | 4,952 | 216 | 991 |
| Gailearaí Eolaíochta | 1,464 | 1,464 | 1,323 | 1,323 |
| Ioncam eile | 1,777 | 1,776 | 798 | 2,050 |
| Iomlán | 59,846 | 63,957 | 53,418 | 55,593 |

### 6. Ioncam infheistíochta

| | Nóta | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam úis | | 67 | 79 | 178 | 176 |
| Ioncam ó dhearlaicí buana | 22 | 6,758 | 6,758 | 5,812 | 5,812 |
| Ioncam ó dhearlaicí inídithe | 22 | 223 | 223 | 218 | 218 |
| Iomlán | | 7,048 | 7,060 | 6,208 | 6,206 |

### 7. Deonacháin agus dearlaicí

| | Nóta | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Deonacháin neamhshrianta | | 2,020 | 13,048 | 919 | 4,916 |
| Deonacháin le srianta | 23 | 9,613 | - | 12,083 | - |
| Dearlaicí nua | 22 | 3,341 | 3,341 | 1,943 | 1,943 |
| Iomlán | | 14,974 | 16,389 | 14,945 | 6,859 |

### 8. Costais foirne

| | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | 218,604 | 214,804 | 203,824 | 200,723 |
| Costais shlándála shóisialaigh | 18,183 | 17,976 | 16,863 | 16,565 |
| Costais shochair scoir | 26,261 | 25,927 | 25,206 | 25,025 |
| Iomlán | 263,048 | 258,707 | 245,893 | 242,313 |

**Cúiteamh na bpríomhbhall bainistíochta**

Is iad príomhbhaill na bainistíochta ná na daoine sin a bhfuil údarás acu agus freagracht orthu maidir le gníomhaíochtaí na hOllscoile a phleanáil, a stiúradh agus a smachtú. Is iad "príomhbhaill na hOllscoile" baill na foirne sinsearaí arb ionann iad agus Grúpa na nOifigeach Feidhmiúcháin. Is é luach saothair iomlán na bpríomhbhall bainistíochta don bhliain 2018 ná €2.3m (2017: €2.2m).

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite**

**8. Costais Foirne (ar lean)**

**Baill foirne atá ag fáil pá níos airde**

Tá bunluach €60,000 glactha ag an Ollscoil chun baill foirne a fhaigheann pá níos airde a aithint. Mar seo a leanas a bhí luach saothair ball foirne (lena n-áirítear íocaíochtaí ríchíosa ó fhoinsí seachas an Státchiste), i mbandaí tuarastail €10,000:

| Bandaí Tuarastail | Comhdhlúite 2018 Líon na bhfostaithe | Ollscoil 2018 Líon na bhfostaithe | Comhdhlúite 2017 Líon na bhfostaithe | Ollscoil 2017 Líon na bhfostaithe |
|---|---|---|---|---|
| €60,000 – €69,999 | 159 | 157 | 253 | 251 |
| €70,000 – €79,999 | 258 | 254 | 252 | 250 |
| €80,000 – €89,999 | 274 | 270 | 219 | 215 |
| €90,000 – €99,999 | 121 | 118 | 77 | 76 |
| €100,000 – €109,999 | 72 | 71 | 58 | 55 |
| €110,000 – €119,999 | 55 | 54 | 20 | 19 |
| €120,000 – €129,999 | 13 | 10 | 8 | 5 |
| €130,000 – €139,999 | 32 | 32 | 56 | 56 |
| €140,000 – €149,999 | 34 | 34 | 3 | 3 |
| €150,000 – €159,999 | 2 | 1 | 2 | 2 |
| €160,000 – €169,999 | 5 | 5 | 2 | 2 |
| €170,000 – €179,999 | 2 | 2 | 1 | 1 |
| €180,000 – €189,999 | 3 | 3 | 7 | 7 |
| €190,000 – €199,999 | 7 | 7 | 4 | 4 |
| €200,000 – €210,000 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| €210,000 – €220,000 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| €220,000 – €230,000 | 4 | 4 | 7 | 7 |
| €230,000 – €240,000 | 6 | 6 | 1 | 1 |
| €240,000 – €250,000 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| €260,000 – €270,000 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| €270,000 – €280,000 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Iomlán | 1,055 | 1,036 | 978 | 962 |

Is mar seo a leanas a bhí an meánlíon daoine in aghaidh na seachtaine (lena n-áirítear sealbhóirí poist sinsearacha) a bhí fostaithe san Ollscoile i rith na bliana, léirithe mar shealbhóirí comhionann lánaimseartha:

| | Comhdhlúite 2018 FTE | Ollscoil 2018 FTE | Comhdhlúite 2017 FTE | Ollscoil 2017 FTE |
|---|---|---|---|---|
| Teagasc agus Taighde | 2,331 | 2,331 | 2,285 | 2,285 |
| Teicniúil | 137 | 137 | 139 | 139 |
| Seirbhísí tacaíochta | 1,135 | 1,135 | 1,077 | 1,077 |
| Eile | 834 | 780 | 820 | 775 |
| Iomlán | 4,437 | 4,383 | 4,321 | 4,276 |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 9. Costais oibríochta eile

| | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Teileafón agus cumarsáid ghaolmhar | 599 | 599 | 691 | 688 |
| Earraí inchaite | 11,159 | 11,230 | 10,455 | 10,480 |
| Costas earraí díolta | 4,120 | 4,120 | 3,913 | 3,913 |
| Ríomhairí agus trealamh eile | 8,699 | 8,615 | 10,234 | 10,122 |
| Teas, solas, uisce agus cumhacht | 7,694 | 7,694 | 6,808 | 6,808 |
| Leabhair agus tréimhseacháin, priontáil & páipéarachas | 5,065 | 5,064 | 4,858 | 4,856 |
| Deisiúcháin agus cothabháil ghinearálta | 4,829 | 4,829 | 5,438 | 5,437 |
| Árachas | 1,530 | 1,529 | 1,366 | 1,365 |
| Seirbhísí gairmiúla | 7,599 | 8,421 | 8,834 | 8,881 |
| Cíos, rátaí & cáin mhaoine | 3,993 | 3,993 | 3,561 | 3,561 |
| Taisteal agus cothabháil | 6,029 | 6,027 | 6,426 | 6,423 |
| Fáilteachas agus siamsaíocht | 1,032 | 1,032 | 888 | 887 |
| Earcú | 1,607 | 1,606 | 860 | 851 |
| Caipitlíocht | 1,151 | 1,151 | 1,125 | 1,125 |
| Costais maidir le scoláirí agus Comhaltaí | 480 | 480 | 376 | 376 |
| Costais & dámhachtainí a bhaineann le Mic Léinn | 8,505 | 8,505 | 7,239 | 7,223 |
| Costais a bhaineann le fostaithe | 2,463 | 2,435 | 2,110 | 2,065 |
| Fógraíocht & Costais Chaidrimh Phoiblí | 1,748 | 1,810 | 1,551 | 1,495 |
| Muirir bhainc | 784 | 774 | 621 | 620 |
| Measúnú Cáilíochta & Riosca | 329 | 329 | 391 | 391 |
| Conarthaí Seirbhíse | 11,488 | 11,479 | 9,328 | 9,328 |
| Suibscríbhinní & Táillí Ballraíochta | 2,098 | 2,098 | 1,578 | 1,577 |
| Caiteachas díreach Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide | 1,791 | - | 2,290 | - |
| Caiteachas díreach chiste dearlaice | 1,100 | 1,100 | 1,171 | 1,171 |
| Costais eile | 6,589 | 11,790 | 7,250 | 11,605 |
| Iomlán | 102,481 | 106,710 | 99,362 | 101,248 |

### Áirítear ar chostais oibríochta eile:

| | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Luach saothair na n-iniúchóirí (CBL san áireamh) | 194 | 156 | 187 | 144 |
| Táille Iniúchóir C&AG | 36 | 36 | 37 | 37 |
| Iomlán | 230 | 192 | 224 | 181 |

Fostaíonn an Ollscoil iniúchóir inmheánach agus cuireadh na costais sin san áireamh mar chuid de chostais foirne na bliana.

### 10. Ús agus costais airgeadais eile

| | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Athshonraithe Comhdhlúite 2017 €'000 | Athshonraithe Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ús ó Iasachtaí | 1,597 | 1,597 | 1,601 | 1,601 |
| Ús ó Iasachtaí caipitlithe | (1,142) | (1,142) | (907) | (907) |
| Ús ó ghnéithe léasa | 3,481 | 3,481 | 3,500 | 3,500 |
| Iomlán | 3,936 | 3,936 | 4,194 | 4,194 |

Leagtar amach i nóta 31 coigeartú na bliana roimhe ina n-athluaitear ús agus costais airgeadais eile.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 11. Cánachas

Níl ann do mhuirear cánach corparáidigh don Ollscoil ná dá fhochuideachta carthanachta sa bhliain reatha mar gheall go bhfuil stádas díolúinte cánach acu.

Tagann cáin chorparáide chun cinn sa bhliain reatha ar bhrabús a thuill fochuideachta na hOllscoile Seirbhísí Áise Choláiste na Tríonóide Teoranta. Tá an cháin €125,000 ar bhrabús d'fhochuideachta choigríche iníoctha le húdaráis chánach Shingeapór.

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite**

**12. Sócmhainní seasta inláimhsithe**

| | Talamh agus foirgnimh | Daingneáin agus Feistí | Trealamh Ríomhaireachta | Trealamh Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Comhdhlúite** | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas nó luacháil** | | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2017 - Athshonraithe* | 1,166,516 | 17,421 | 21,961 | 191,953 | 1,397,851 |
| Breiseanna | 51,719 | 6,482 | 517 | 8,917 | 67,635 |
| Aistriú ó Mhaoine Infheistíochta (Nóta 14) | 8,500 | - | - | - | 8,500 |
| Diúscairtí | - | - | - | (906) | (906) |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2018 | 1,226,735 | 23,903 | 22,478 | 199,964 | 1,473,080 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2017 | 262,315 | 1,731 | 19,901 | 173,899 | 457,846 |
| Dímheas don bhliain | 13,200 | 1,951 | 1,449 | 7,987 | 24,587 |
| Diúscairtí | - | - | - | (906) | (906) |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2018 | 275,515 | 3,682 | 21,350 | 180,980 | 481,527 |
| **Glanluach leabhair** | | | | | |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2017 - Athshonraithe* | 904,201 | 15,690 | 2,060 | 18,054 | 940,005 |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2018 | 951,220 | 20,221 | 1,128 | 18,984 | 991,553 |

| | Talamh agus Foirgnimh | Daingneáin agus Feistí | Trealamh Ríomhaireachta | Trealamh Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ollscoil** | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas nó luacháil** | | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2017 - Athshonraithe* | 1,166,516 | 17,421 | 21,417 | 191,953 | 1,397,307 |
| Breiseanna | 51,719 | 6,480 | 455 | 8,891 | 67,545 |
| Aistriú ó Mhaoine Infheistíochta (Nóta 14) | 8,500 | - | - | - | 8,500 |
| Diúscairtí | - | - | - | (906) | (906) |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2018 | 1,226,735 | 23,901 | 21,872 | 199,938 | 1,472,446 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2017 | 262,315 | 1,731 | 19,385 | 173,899 | 457,330 |
| Dímheas don bhliain | 13,200 | 1,949 | 1,428 | 7,987 | 24,564 |
| Diúscairtí | - | - | - | (906) | (906) |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2018 | 275,515 | 3,680 | 20,813 | 180,980 | 480,988 |
| **Glan-luach leabhair** | | | | | |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2017 - Athshonraithe* | 904,201 | 15,690 | 2,032 | 18,054 | 939,977 |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2018 | 951,220 | 20,221 | 1,059 | 18,958 | 991,458 |

*Leagtar amach i nóta 31 coigeartú na bliana roimhe ina n-athluaitear sócmhainní seasta

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 12. Sócmhainní seasta inláimhsithe (ar lean)

Tá athluacháil déanta ag an Ollscoil ar a cuid talún ar bhonn luach cothrom amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014, ag baint leasa as forálacha trasdula FRS 102. Cheap an Ollscoil GVA Donal Ó Buachalla, luachálaí seachtrach neamhspleách, arna rialú ag Suirbhéirí Cairte na hInstitiúide Ríoga. Rinneadh an luacháil de réir Luacháil RICS - Caighdeáin Ghairimiúla Aibreán 2015. Amhail an 30 Meán Fómhair 2018, bhí €203m i ndáil le talamh nach ndearnadh é a dhímheas san áireamh i dtalamh agus foirgnimh (amhail an 30 Meán Fómhair 2017: €202m).

Áirítear ar thalamh agus foirgnimh na foirgnimh sin a ndearna Bord na hOllscoile luacháil orthu i 1998 ar chostas caighdeánach €2,413 an méadar cearnaithe arb ionann é agus €330m, arna gcoigeartú le haghaidh breiseanna, diúscairtí agus dímheas ina dhiaidh sin.

Áirítear le talamh agus foirgnimh sócmhainní €79.1m a bhfuil i mbun obair thógála orthu amhail an 30 Meán Fómhair 2018 (amhail 30 Meán Fómhair 2017: €39.1m).

Tá €1.1m costais iasachtaíochta chaipitlithe san áireamh sna breiseanna sócmhainní seasta (2017: €0.9m) a bhain le hiasacht EIB ag ráta úis 1.90% in aghaidh na bliana.

Tá foirgneamh áirithe ag an Ollscoil i talamh agus foirgnimh lena bhfuil dliteanais ghaolmhara de €58.5m (amhail an 30 Meán Fómhair 2017: €58.9m) curtha san áireamh i suimeanna iníoctha (féach nótaí 18/19). B'ionann glan-luach leabhair an fhoirgnimh sin agus €51.4m amhail an 30 Meán Fómhair 2018 (amhail an 30 Meán Fómhair 2017: €52.3m).

Déantar athbhreithniú lagaithe bliantúil ar shócmhainní foirgneamh laistigh den Ollscoil chun sócmhainní a léiríonn lagú déanta orthu a aithint. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin níorbh éigean aon sócmhainní a dhíluacháil sa bhliain airgeadais reatha. Áirítear ar Thalamh agus Foirgnimh tailte Uíbh Eachach a cheannach ar chomaoin €1.9m a tugadh chun críche an 29 Samhain 2017. Áirítear sna breiseanna costais iasachtaíochta chaipitlithe €1.1m a bhain le hiasacht EIB a chuireann maoiniú ar fáil go háirithe do thionscadail áiteanna cónaithe mac léinn Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide agus Chearnóg na Clólainne. Aistríodh an dara hurlár d'Institiúid na nEolaíochtaí Bithleighis, Coláiste na Tríonóide (TBSI) a iompraítear ag €8.5m ó úsáid chun críocha tráchtála go dtí úsáid chun críocha acadúla le linn na bliana, agus tá an tionchar a bhí aige sin á léiriú i nóta 14 - Maoine infheistíochta.

### Sócmhainní Oidhreachta

Sealbhaíonn agus coinníonn an Ollscoil sócmhainní oidhreachta ar leith ar nós pictiúir, airgead, dealbha agus lámhscríbhinní nach féidir luach a chur orthu. Caomhnaíonn an Ollscoil na sócmhainní seo ar mhaithe le taighde, teagasc agus ar mhaithe le hidirghníomhú idir an Ollscoil agus an pobal. Ní dhéantar sócmhainní oidhreachta a fhaightear roimh 1 Deireadh Fómhair 2006 a chaipitliú sna ráitis airgeadais ó tharla go mbreithnítear nach féidir aon fhíor-luach a leagan orthu de bharr easpa eolais a bheith ann ar an gcostas a bhain len iad a cheannach an chéad uair agus de bharr nach féidir na sócmhainní seo a réadú go réidh. Tá gach costas a tabhaíodh maidir lena gcaomhnú tugtha de réir mar a tabhaíodh iad. Téann príomh-shócmhainní oidhreachta a choinníonn an Ollscoil sna catagóirí thíos.

**Leabharlann:**

Tá níos mó ná 5 mhilliún imleabhar clóite i Leabharlann na hOllscoile ina measc bailiúcháin mhóra irisleabhar, lámhscríbhinní, léarscáileanna agus ceoil, a léiríonn breis agus 400 bliain d'fhorbairt acadúil. Tá bailiúchán neamhchoitianta ar taispeáint sa Leabharlann ina bhfuil leabhair agus lámhscríbhinní ársa Leabhar Cheanannais ina measc atá ar taispeáint sa tSean-Leabharlann ó lár an 19ú haois. Tá láithreán gréasáin ag an Leabharlann ag www.tcd.ie/Library. Tá naisc ann chuig caomhnú agus buanchoimeád, eolas catalóige agus taispeántais agus imeachtaí.

**Músaeim:**

I mbailiúcháin na roinne tá níos mó ná 200,000 samplaí carraigeacha, mianraí, iontaisí, dreigítí agus múnlaí mar aon le hábhair ghrianghrafach agus cartlanna chomh maith le samplaí de speicis atá i mbaol agus de bhailiúcháin feithidí agus eiseamail a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint le go leor díobh.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 12. Sócmhainní seasta inláimhsithe (ar lean)

Tá déantáin i *Músaem Weingreen* lárnach do theagasc fochéime faoi stair agus cultúir an Neasoirthir ársa, agus baintear úsáid astu freisin i dteagasc an mhodha seandálaíochta sna modúil i Stair Ársa agus i Seandálaíocht. Tá go leor diosctha stairiúla breátha sa Mhúsaem Anatamaíochta ar féidir le na mic léinn a úsáid chun cur lena dtuiscint ar nádúr 3-thoiseach na colainne.

**Bailiúchán Ealaíne:**
Tá bailiúchán ealaíne mór ag an Ollscoil a bhailigh sí thar thréimhse trí chéad bliain ina bhfuil bailiúchán stairiúil portráidí agus dealbh mór le rá de chuid ealaíontóirí as Éirinn agus idirnáisiúnta agus atá le feiceáil ag an bpobal ar fud na hOllscoile.

**Airgead:**
Luaitear dáta siar chomh fada leis an seachtú aois déag leis an mBailiúchán Airgid agus sa bhailiúchán tá míreanna searmanais, oifigiúla, eaglasta agus plátaí baile, mar aon le míreanna Sheffield agus leictreaphlátála, rogha boscaí snaoisín agus luaithreadán mar aon le cás óir toitíní. Baintear úsáid as Más na hOllscoile agus as Pláta na hOllscoile chun críocha searmanais agus maisiúla ag Searmanais Tionscnaimh agus dinnéir speisialta de chuid na hOllscoile. Baintear úsáid as an mbailiúchán faoi láthair chun críocha oideachais agus taighde agus táthar i mbun breithnithe faoi láthair ar chóir an bailiúchán a chur ar taispeáint amach anseo nó nár chóir.

Rinneadh sócmhainní oidhreachta €0.94m a dheonú ar Choláiste na Tríonóide idir 1 Deireadh Fómhair 2014 agus 30 Meán Fómhair 2018 agus tugtar achoimre orthu thíos. Ní dhearnadh na sócmhainní seo a chaipitliú sna ráitis airgeadais ó tharla go ndéantar gach mír aonair a luacháil ag luach níos lú ná an tairseach €0.15m de réir beartais chuntasaíochta na hOllscoile. Ní raibh aon sócmhainní oidhreachta a dhiúscairt le linn na tréimhse sin.

| | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| Luach na nDámhachtainí de réir deonacháin | €0.46m | €0.25m | €0.05m | €0.06m | €0.12m |

| 13. Infheistíochtaí neamh-reatha<br>Comhdhlúite agus Ollscoil | Dearlaic<br>Sócmhainní<br>€'000 | Iomlán<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ag tús na bliana | 188,271 | 188,271 |
| Breiseanna | 15,930 | 15,930 |
| Diúscairtí | (43,638) | (43,638) |
| Glan-luachmhéadú ar phunann | 7,452 | 7,452 |
| Iomlán | 168,015 | 168,015 |

| Sócmhainní Dearlaice<br>Arna léiriú ag: | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|
| Bannaí | 5 | 35,888 |
| Gnáthscaireanna | 131,792 | 107,533 |
| Maoin | 27,772 | 26,951 |
| Roghanna eile éagsúlaithe | - | 9,040 |
| Infreastruchtúr/Eile | 8,446 | 8,859 |
| Sócmhainní dearlaice iomlána | 168,015 | 188,271 |

| 14. Maoin Infheistíochta<br>Comhdhlúite agus Ollscoil | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ag tús na bliana | 54,515 | 50,020 |
| Glan-luachmhéadú ar mhaoin infheistíochtaí | (285) | 4,495 |
| Glan-aistriú chuig sócmhainní seasta | (8,500) | - |
| Iomlán | 45,730 | 54,515 |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 14. Maoin infheistíochta (ar lean)

Rinne GVA Dónal O Buachalla, Suirbhéirí Cairte, luacháil neamhspleách ar gach maoin infheistíochta amhail an 30 Meán Fómhair 2018 ag luach oscailte an mhargaidh de réir chaighdeáin luachála Suirbhéirí Cairte na hInstitiúide Ríoga.

Tugadh luachálacha 3&4 Sráid Laighean Theas/18-19 Plás Lincoln agus The Tower i gCampas Teicneolaíochta agus Fiontair Choláiste na Tríonóide (TTEC) cothrom le dáta an 30 Meán Fómhair 2018 agus bhí gnóthachain athluachála de €0.1m agus €0.1m in 2018 faoi seach mar thoradh air. Tugadh luachálacha Institiúid na nEolaíochtaí Bithleighis, Coláiste na Tríonóide (gné tráchtála), Teach Lincoln agus 37 Sráid na bhFíníní cothrom le dáta an 30 Meán Fómhair 2018 agus bhí caillteanais athluachála €0.1m, €0.3m agus €0.1m faoi seach mar thoradh air sin.

### 15. Trádáil agus infháltais eile

| | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Infháltais Trádála | 4,184 | 4,122 | 6,040 | 3,785 |
| Deontais agus conarthaí taighde infhaighte | 49,769 | 49,769 | 39,296 | 39,296 |
| Deontais atarlaithe Stáit infhaighte | 1,639 | 1,639 | - | - |
| Deontais chaipitil Stáit infhaighte | 938 | 938 | 3,993 | 3,993 |
| Maoiniú caipitil infhaighte nach maoiniú Stáit é | 1,763 | 1,763 | 1,885 | 1,885 |
| Réamhíocaíochtaí agus infháltais eile | 21,387 | 21,546 | 17,063 | 17,387 |
| Méideanna dlite ó ghníomhaíochtaí fochuideachtaí | - | 3,039 | - | 2,246 |
| Iomlán | 79,680 | 82,816 | 68,277 | 68,592 |

### 16. Fardail

| | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Amhábhair agus earraí inchaite | 142 | 128 | 168 | 160 |
| Earraí críochnaithe le hathdhíol | 427 | 427 | 431 | 431 |
| Iomlán | 569 | 555 | 599 | 591 |

### 17. Infheistíochtaí reatha

| | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Taiscí gearrthéarmacha | 30,000 | 30,000 | 30,000 | 30,000 |
| Infheistíochtaí gearrthéarmacha | 2,150 | 167 | 2,166 | 269 |
| Iomlán | 32,150 | 30,167 | 32,166 | 30,269 |

| Infheistíochtaí gearrthéarmacha | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair | 2,166 | 269 | 1,443 | - |
| Breiseanna | - | - | 529 | 185 |
| Glan-luachmhéadú infheistíochtaí | (16) | (102) | 194 | 84 |
| Amhail an 30 Meán Fómhair | 2,150 | 167 | 2,166 | 269 |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 17. Infheistíochtaí reatha

Áirítear sna hinfheistíochtaí gearrthéarmacha 3,554 scair i Spark Therapeutics a bhfuil luach €0.2 milliún acu (2017: €0.3 milliún) agus punann gnáthscaireanna Irish Life arna coinneáil i gCiste Dearlaice Oideachais Choláiste na Tríonóide a bhfuil luach €1.9 milliún aici amhail an 30 Meán Fómhair 2018 (2017 €1.9 milliún).

### 18. Suimeanna iníoctha: méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

| | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Athshonraithe Comhdhlúite 2017 €'000 | Athshonraithe Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Suimeanna iníoctha trádála | 8,654 | 4,533 | 5,372 | 4,580 |
| Deontais thaighde conartha agus tionscadail nár caitheadh iad | 83,416 | 83,416 | 79,977 | 79,977 |
| Táillí acadúla faighte roimh ré | 56,565 | 56,565 | 51,211 | 51,211 |
| Deontas stáit atarlaithe faighte roimh ré | - | - | 1,786 | 1,786 |
| Maoiniú caipitil faighte roimh ré | 3,419 | 3,419 | 3,354 | 3,354 |
| Fabhruithe agus ioncam iarchurtha | 43,444 | 36,490 | 37,180 | 35,007 |
| Oibleagáidí faoi léas airgeadais | 629 | 629 | 444 | 444 |
| Iasachtaí bainc neamhurraithe | 376 | 376 | 374 | 374 |
| ÍMAT/ÁSPC | 6,038 | 5,995 | 5,643 | 5,611 |
| Suimeanna iníoctha eile | 16,861 | 17,033 | 23,305 | 23,221 |
| Méideanna dlite do ghníomhaíochtaí fochuideachta | - | 10,711 | - | 3,427 |
| Iomlán | 219,402 | 219,167 | 208,646 | 208,992 |

#### Fabhruithe agus ioncam iarchurtha

| | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Fabhruithe | 22,281 | 15,454 | 15,538 | 13,365 |
| Ioncam lamháltais iarchurtha | 4,125 | 4,125 | 4,563 | 4,563 |
| Ioncam Iarchurtha - deontais chaipitil Rialtais | 8,751 | 8,751 | 9,578 | 9,578 |
| Ioncam iarchurtha eile | 8,287 | 8,160 | 7,501 | 7,501 |
| Iomlán | 43,444 | 36,490 | 37,180 | 35,007 |

Leagtar amach i nóta 31 coigeartú na bliana roimhe ina n-athshonraítear táillí acadúla a bhí faighte roimh ré

### 19. Suimeanna iníoctha: méideanna a bheidh dlite tar éis bliana amháin

| | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí bainc neamhurraithe | 145,000 | 145,000 | 145,000 | 145,000 |
| Oibleagáidí faoi léasa airgeadais | 57,833 | 57,833 | 58,463 | 58,463 |
| Ioncam Iarchurtha - deontais chaipitil Rialtais | 234,330 | 234,330 | 238,586 | 238,586 |
| Ioncam lamháltais iarchurtha | 1,719 | 1,719 | 5,944 | 5,944 |
| Ioncam iarchurtha agus fabhruithe eile | 2,467 | 1,576 | 1,576 | 1,476 |
| Iomlán | 441,349 | 440,458 | 449,569 | 449,469 |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 20. Iasachtaí

| | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Tá iasachtaí bainc neamhurraithe inaisíoctha mar seo a** | | | | |
| Méideanna dlite laistigh de bhliain | 376 | 376 | 374 | 374 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 24,718 | 24,718 | 17,330 | 17,330 |
| Dlite tar éis níos mó ná cúig bliana | 120,282 | 120,282 | 127,670 | 127,670 |
| Iomlán | 145,376 | 145,376 | 145,374 | 145,374 |

Áirítear ar iasachtaí bainc neamhurraithe inaisíoctha €0.4m d'ús fabhraithe amhail an 30 Meán Fómhair 2018, atá le híoc ar ais laistigh de bhliain amháin (30 Meán Fómhair 2017: €0.4m).

| | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Tá na hoibleagáidí faoi léasanna airgeadais dlite mar seo a leanas:** | | | | |
| Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | 629 | 629 | 444 | 444 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 4,744 | 4,744 | 3,813 | 3,813 |
| Dlite tar éis níos mó ná cúig bliana | 53,089 | 53,089 | 54,650 | 54,650 |
| Iomlán | 58,462 | 58,462 | 58,907 | 58,907 |

Baineann an oibleagáid leis an socrú airgeadais do Halla na Tríonóide a bhfuil substaint léasa airgeadais aige.

**Mar seo a leanas a bhí iasachtaí bainc neamhurraithe gan íoc an 30 Meán Fómhair 2018:**

| Iasachtóir | Méid €'000 | Caipitil inaisíoctha | Ráta Úis % | Iasachtaí |
|---|---|---|---|---|
| An Banc Eorpach Infheistíochta | 20,014 | 2019 - 2029 | 0.7% os cionn an | Ollscoil |
| An Banc Eorpach Infheistíochta | 20,006 | 2020 - 2040 | 0.6% os cionn an | Ollscoil |
| An Banc Eorpach Infheistíochta | 20,009 | 2020 - 2040 | 0.6% os cionn an | Ollscoil |
| An Banc Eorpach Infheistíochta | 15,017 | 2021 - 2041 | 0.8% os cionn an | Ollscoil |
| An Banc Eorpach Infheistíochta | 70,330 | 2021 - 2046 | 1.90% | Ollscoil |
| Iomlán | 145,376 | | | |

Is ionann na hiasachtaí bainc neamhurraithe agus iasachtaí lamháltais le hús níos ísle ná ráta an mhargaidh atá ann faoi láthair. Tá an ghné chaipitil le híoc ar ais idir 2019 agus 2046 i dtráthchodanna ráithiúla. Níl aon saoráidí iasachta bainc neamhtharraingthe ar fáil amhail an 30 Mean Fómhair 2018.

### 21. Deontais Chaipitil Iarchurtha

| Comhdhlúite agus Ollscoil | Foirgnimh €'000 | Trealamh €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéideanna amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014 | 245,130 | 3,034 | 248,164 |
| Deontais chaipitil faighte/infhaighte | 310 | 3,358 | 3,668 |
| Scaoilte chuig Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach | (5,820) | (2,931) | (8,751) |
| Iarmhéideanna amhail an 30 Meán Fómhair 2018 | 239,620 | 3,461 | 243,081 |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 21. Deontais Chaipitil Iarchurtha (ar lean)

**Comhdhlúite agus Ollscoil**

| | Foirgnimh €'000 | Trealamh €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéideanna amhail an 1 Deireadh Fómhair 2016 | 252,062 | 5,675 | 257,737 |
| Deontais chaipitil faighte/infhaighte | - | 1,032 | 1,032 |
| Aistriú chuig maoiniú caipitil infhaighte nach maoiniú Stáit é. | (1,027) | - | (1,027) |
| Scaoilte chuig Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach | (5,905) | (3,673) | (9,578) |
| Iarmhéideanna amhail an 30 Meán Fómhair 2017 | 245,130 | 3,034 | 248,164 |

**Is féidir anailís a dhéanamh ar dheontais chaipitil iarchurtha mar seo a leanas:**

**Comhdhlúite agus Ollscoil**

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe - méideanna a bheidh dlite | 8,751 | 9,578 |
| Creidiúnaithe - méideanna a bheidh dlite tar | 234,330 | 238,586 |
| Iarmhéideanna ag 30 Meán Fómhair | 243,081 | 248,164 |

### 22. Cúlchistí Dearlaice

Is éard atá i gCiste Dearlaice Choláiste na Tríonóide ná bailiúchán cistí ar leithligh ar deonachán don Ollscoil gach ceann díobh. Is cistí dearlaice buana agus inídithe iad a thugann tacaíocht airgeadais do ghníomhaíochtaí sainiúla na hOllscoile. Is ionann cistí dearlaice buana agus iad sin ina gcaitear an caipiteal a chothú go buan. Déantar na cistí ar leithligh a infheistiú trí aonaid i gcomhscéim infheistíochta atá faomhaithe ag an Údarás Rialála Carthanas (Oifig Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn roimhe seo) faoi Alt 46 den Acht Carthanas 1961. Nuair a rinneadh an oifig seo a lánscoir aistríodh a cuid feidhmeanna chuig an Údarás Rialála Carthanas faoin Acht Carthanas 2009. Is iad an Propast, na Comhaltaí agus Scoláirí Choláiste na Tríonóide Iontaobhaithe na gCistí Dearlaice. De ghnáth ainmnítear daoine faoi na hiontaobhais sonraithe a bhíonn freagrach as dul ar thóir cuspóirí sonraithe na gcistí ar leithligh.

**Comhdhlúite agus Ollscoil**

| | Nótaí | Srianta Buan €'000 | Srianta Inídithe €'000 | 2018 Iomlán €'000 | 2017 Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Caipitil | | 168,958 | 7,192 | 176,150 | 169,316 |
| Ioncam Carntha | | 11,866 | 544 | 12,410 | 11,993 |
| ag 1 Deireadh Fómhair | | 180,824 | 7,736 | 188,560 | 181,309 |
| | | | | | |
| Dearlaicí nua | 7 | 3,341 | - | 3,341 | 1,943 |
| Ardú ar luach margaidh infheistíochtaí | | 7,112 | 340 | 7,452 | 4,891 |
| Ioncam infheistíochta don bhliain | 6 | 6,758 | 223 | 6,981 | 6,030 |
| Caiteachas don bhliain | | (5,020) | (27) | (5,047) | (5,613) |
| Ioncam cuimsitheach dearlaice iomlán don bhliain | | 12,191 | 536 | 12,727 | 7,251 |
| | | | | | |
| Iarmhéideanna ag 30 Meán Fómhair | | 193,015 | 8,272 | 201,287 | 188,560 |
| Arna léiriú ag: | | | | | |
| Caipitil | | 179,411 | 7,532 | 186,943 | 176,150 |
| Ioncam Carntha | | 13,604 | 740 | 14,344 | 12,410 |
| Iarmhéideanna ag 30 Meán Fómhair | | 193,015 | 8,272 | 201,287 | 188,560 |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 22. Cistí Dearlaice - Comhdhlúite agus Ollscoile (ar lean)

Tá mionsonraí thíos faoi na cistí ábhartha atá mar chuid de Chiste Dearlaice Choláiste na Tríonóide agus ar ionann iad agus os cionn 1% de luach iomlán na gcistí dearlaice.

| | | Ioncam Carntha | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Luach Caipitil amhail an 30 Meán Fómhair 2018 | Oscailte Deiridh | Ioncam | Caiteachas | Ioncam aistrigh chuig Go Caipiteal | Iarmhéid Deiridh | Dáta a fuarthas |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | |
| Hitachi | 2,034 | 70 | 60 | 56 | - | 74 | 1991 |
| Chetwood-Aiken | 2,095 | 37 | 62 | - | - | 99 | 1969 |
| Ainmhí Brown | 2,266 | 4 | 67 | 67 | - | 4 | 1973 |
| Lámhscríbhinní Uí Shúilleabháin | 2,425 | 228 | 72 | - | - | 300 | 2002 |
| Léann na Luath-Ghaeilge | 2,747 | - | 82 | 82 | - | - | 1996 |
| Smurfit | 2,831 | - | 84 | 84 | - | - | 1989 |
| Ciste Ellen Mayston Bates | 3,011 | 39 | 58 | - | 71 | 26 | 2016 |
| Ciste Forbartha Acadúla an Phropaist | 3,682 | 107 | 109 | 200 | - | 16 | 1992 |
| Nunn | 3,804 | 766 | 113 | 62 | - | 817 | 1994 |
| Coca Cola | 3,914 | 2 | 116 | 116 | - | 2 | 1993 |
| Loyola | 4,161 | 59 | 124 | 87 | - | 96 | 2013 |
| Taispeántais Iontrála Reid | 4,565 | 128 | 136 | 95 | - | 169 | 1888 |
| Taighde ar an Luath-Óige | 4,828 | 260 | 143 | 137 | - | 266 | 2005 |
| Cistí Dáimhe | 7,532 | 544 | 223 | 27 | - | 740 | 2009 |
| Iona Technologies | 8,808 | 205 | 262 | - | - | 467 | 1997 |
| Ciste Forbartha Caipitil Dearlaice | 51,857 | 108 | 1,541 | 1,649 | - | - | 1995 |
| | 110,560 | 2,557 | 3,252 | 2,662 | 71 | 3,076 | |

**Hitachi**
Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1991 chun Léachtóireacht in ainm Hitachi a bhunú le cur i bhfeidhm sa réimse eolaíocht ríomhaireachta.

**Chetwood-Aiken**
Bunaíodh an dearlaic bhun shrianta seo i 1969 in uacht Bhean Uí Chetwood-Aiken chun tacú le taighde ar ailse.

**Ainmhí Brown**
Bunaíodh an dearlaic bhun shrianta seo i 1973 chun tacú le Léachtóir a choimeád san Ollscoil faoi Léachtóireacht Thomas Brown.

**Lámhscríbhinní Uí Shúilleabháin**
Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo in 2002 in uacht an Uasail William Uí Shúilleabháin. Tá an t-ioncam seo le húsáid chun lámhscríbhinní a cheannach do Leabharlann na hOllscoile agus sin amháin.

**Léann na Luath-Ghaeilge**
Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1996 chun Ollúnacht i Léann na Luath-Ghaeilge a mhaoiniú.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 22. Cistí Dearlaice - Comhdhlúite agus Ollscoile (ar lean)

**Smurfit**
Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1989 chun tacú le hOllúnacht sa Ghéineolaíocht.

**Ciste Ellen Mayston Bates**
Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo in 2016 chun Ollúnacht i Néarafíseolaíocht ar Thiteamas a mhaoiniú.

**Ciste Forbartha Acadúla an Phropaist**
Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1992 chun tacaíocht acadúil a chur ar fáil de réir mar a cheadaíonn an Propast.

**Nunn**
Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1994 in uacht Angela Lilian Nunn, chun críocha Taighde Liachta.

**Coca Cola**
Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1993 chun Ollúnacht i Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta.

**Loyola**
Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo in 2012 chun tacaíocht acadúil a chur ar fáil de réir mar a cheadaíonn an Propast.

**Taispeántais Iontrála Reid**
Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1888 in uacht Richard Touhill Reid, chun scoláireachtaí breise a mhaoiniú. Tá na dámhachtainí, nach mó ná cúig iad, ar fáil do mhic léinn ar acmhainní teoranta ar as Contae Chiarraí iad, agus iad sin amháin. Deonaítear iad ar iarrthóirí cáilithe ar bhonn thorthaí a scrúdaithe poiblí agus maireann siad dhá bhliain.

**Taighde ar an Luath-Óige**
Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo in 2005 chun tacú le croí-mhaoiniú a chur ar fáil agus chun Ollamh le Léann na Luath-Óige a cheapadh san Ionad Taighde ar an Luath-Óige.

**Cistí Dáimhe**
Bunaíodh an dearlaic inídithe shrianta seo in 2009, chun tacú le croí-mhúinteoireacht agus taighde neamh-mhaoinithe a sholáthar.

**Iona Technologies**
Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1997 chun leithdháileadh bliantúil a chur ar fáil don Choiste Taighde chun tacú le gníomhaíocht taighde.

**Ciste Forbartha Caipitil Dearlaice**
Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1995 chun sruth ioncaim bliantúil rialta a sholáthar a mbeadh ar fáil don Bhord chun mórfhorbairtí caipitil san Ollscoil a éascú.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 23. Cúlchistí srianta

| | Nóta | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| ag 1 Deireadh Fómhair | | 16,821 | 452 | 12,287 | 2,985 |
| Deonacháin nua | 7 | 9,613 | - | 12,083 | - |
| Caiteachas | | (16,468) | (237) | (7,549) | (2,533) |
| (Caillteanas)/ioncam cuimsitheach srianta | | (6,855) | (237) | 4,534 | (2,533) |
| Iarmhéideanna ag 30 Meán Fómhair | | 9,966 | 215 | 16,821 | 452 |
| **Tá cúlchistí deiridh comhdhéanta de na cistí seo a leanas:** | | | | | |
| Cistí arna gcoinneáil le Fondúireacht Choláiste na Tríonóide | | 9,966 | - | 16,821 | - |
| Cistí arna gcoinneáil san Ollscoil | | - | 215 | - | 452 |
| Iarmhéideanna ag 30 Meán Fómhair | | 9,966 | 215 | 16,821 | 452 |

### 24. Cúlchiste athluachála

| | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéideanna ag 1 Deireadh Fómhair | 517,993 | 517,993 | 517,993 | 517,993 |
| Athluacháil sa bhliain | - | - | - | - |
| Iarmhéideanna ag 30 Meán Fómhair | 517,993 | 517,993 | 517,993 | 517,993 |

### 25. Airgead tirim nó a choibhéis

**Comhdhlúite**

| | 1 DF 2017 €'000 | Sreafaí Airgid €'000 | 30 M Fómh 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim nó a choibhéis - athshonraithe | 185,615 | (30,444) | 155,171 |

**Ollscoil**

| | 1 DF 2017 €'000 | Sreafaí Airgid €'000 | 30 M Fómh 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim nó a choibhéis | 166,487 | (31,473) | 135,014 |

Áirítear ar airgead tirim nó a choibhéis €4.4m (2017: €9.3m) d'airgead srianta a bhaineann le comhthionscadail taighde le hinstitiúidí eile agus airgead srianta Chiste Dearlaice Choláiste na Tríonóide €33.1m (2017: €0.1m) a dhéanfar a athinfheistiú i maoin agus in aicmí sócmhainní bonneagair laistigh den phunann infheistíochta.

Leagtar amach i nóta 31 coigeartú na bliana roimhe ina n-athluaitear airgead tirim agus a choibhéis.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 26. Tiomantais chaipitil

| | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Conradh déanta ach gan curtha ar fáil fós | 50,125 | 1,977 | 84,751 | 5,607 |
| Iomlán | 50,125 | 1,977 | 84,751 | 5,607 |

Áirítear €48.1m sna tiomantais chaipitil chomhdhlúite (2017: €79.1m) do thionscadail forbartha (áiteanna cónaithe Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide agus Chearnóg na Clólainne).

### 27. Oibleagáidí léasa

| Iomlán cíosanna iníoctha faoi léasanna oibríochta | Comhdhlúite 2018 €'000 | Ollscoil 2018 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Meáníocaíochtaí léasa amach anseo dlite:** | | | | |
| Nach déanaí ná bliain amháin | 735 | 735 | 735 | 735 |
| Níos déanaí ná bliain amháin agus nach déanaí ná cúig bliana | 1,103 | 1,103 | 1,837 | 1,837 |
| Iomlán | 1,838 | 1,838 | 2,572 | 2,572 |

| Iomlán ioncaim ó chíosanna dlite faoi léasanna oibríochta | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Meáníocaíochtaí léasa amach anseo dlite** | | | | |
| Nach déanaí ná bliain amháin | 3,270 | 3,270 | 3,416 | 3,416 |
| Níos déanaí ná bliain amháin agus nach déanaí ná cúig bliana | 14,328 | 14,328 | 14,374 | 14,374 |
| Níos déanaí ná cúig bliana | 7,469 | 7,469 | 10,101 | 10,101 |
| Iomlán | 25,067 | 25,067 | 27,891 | 27,891 |

An 29 Márta 2015 ghlac an Ollscoil, mar léasaí, léas cúig bliana nárbh fhéidir a chealú ar fhoirgneamh sa Lárionad Seirbhísí Airgeadais atá á úsáid chun críocha acadúla. Sholáthair an léasóir a bhí ann roimhe seo ciste trochlaithe €1.7m chun an mhaoin a athchóiriú go dtí an leagan amach agus riocht bhunaidh ag deireadh an léasa. Tá an ciste seo san áireamh san ioncam iarchurtha eile laistigh de shuimeanna iníoctha: suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin.

### 28. Páirtithe Gaolmhara

#### Gníomhaíochtaí Fochuideachta

**Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Ghala:** Is é tógáil agus athchóiriú maoine na hOllscoile príomhghníomhaíocht na cuideachta. Is leis an Ollscoil 100% de scairchaipiteal na cuideachta seo.

**Seirbhísí Ar Líne Choláiste na Tríonóide Teoranta faoi Theorainn Ráthaíochta:** Is í príomhghníomhaíocht na cuideachta ná oideachas a chur chun cinn trí raon cúrsaí oideachais ar líne a fhorbairt agus a sholáthar le haghaidh na hOllscoile.

**Seirbhísí Pte. Áise Choláiste na Tríonóide Teoranta** Tá an chuideachta teoranta ag scaireanna agus ionchorpraíodh í an 25 Aibreán 2017. Is í príomhghníomhaíocht na cuideachta ná teagasc na mac léinn Ollscoile i Singeapór. Is leis an Ollscoil 100% de scairchaipiteal na cuideachta seo.

**Seirbhísí Tráchtála Bhranda Choláiste na Tríonóide Teoranta:** Is í príomhghníomhaíocht na cuideachta branda agus maoine intleachtúla Choláiste na Tríonóide a thráchtálú. Is leis an Ollscoil 100% de scairchaipiteal na cuideachta seo.

Meastar gur gníomhaíochtaí fochuideachta de chuid na hOllscoile iad na ceithre eintiteas seo a leanas de réir shainmhíniú an SORP ar rialú. Is chun leasa na hOllscoile agus sin amháin a gcuid gníomhaíochtaí.

**Fondúireacht Choláiste na Tríonóide:** Iontaobhas carthanachta a bunaíodh agus é mar chuspóir leis cistí a bhailiú chun tacú le forbairt na hOllscoile.

**Ciste Dearlaice Oideachais Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Iontaobhas Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath:** Bunaíodh Iontaobhas Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i 1955 chun obair Chiste Dearlaice Oideachais Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath a mhéadú agus leanúint léi. Is é aidhm an Iontaobhais seo dearlaicí na hOllscoile a mhéadú agus deontais a dhéanamh leis an Ollscoil chun taighde nó oideachas a chur chun cinn sa chiall is leithne.

**Cumann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath:** Is ann do Chumann Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath chun teagmhálacha a chothú idir a comhaltaí agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus chun tacú leis an Ollscoil inter alia trí chuspóirí Iontaobhas Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath a chur chun cinn.

**Ciste Ollscoil Átha Cliath:** Bunaíodh an t-iontaobhas seo chun tacú le críocha oideachais na hOllscoile in Éirinn agus sna Stáit Aontaithe araon. Tríd an gCiste, tugtar deis do alumni agus do chairde Choláiste na Tríonóide, sna Stáit Aontaithe, tacaíocht airgeadais a thabhairt i leith críocha oideachais na hOllscoile.

Cuireadh deireadh le hidirbhearta le fochuideachtaí na hOllscoile ar chomhdhlúthú.

### Idirbhearta le páirtithe gaolmhara eile

Ba chuideachta ghaolmhar theoranta í Institiúid Haughton. Ba iad príomh-chuspóirí na hInstitiúide forbairt a éascú, i gcomhar le hospidéil, ar oideachas agus oiliúint iarchéime liachta chomh maith le bainistíocht agus taighde. Bhí leas 33.3% ag Coláiste na Tríonóide i scairchaipiteal Institiúid Haughton. Cuireadh Institiúid Haughton faoi leachtú an 26 Feabhra 2018. Aistríodh gach ciste agus cúlchiste taighde chuig Fondúireacht San Séamas Teoranta de réir mar a aontaíodh leis na comhaltaí. Ní choinníonn TCD ná aon chomhalta eile scairsheilbh sna cistí a aistrítear. I rith na tréimhse, rinne Coláiste na Tríonóide íocaíochtaí €Nialas (2016/17: €43,049) 100,905) le hInstitiúid Haughton agus fuair sé €82,663 (2016/17: €100,441) do sheirbhísí a cuireadh ar fáil d'Institiúid Haughton. Ar bhonn neamhthuilleamaíoch a rinneadh na hidirbhearta go léir. Amhail an 30 Meán Fómhair 2018, bhí méid de €Nialas (2016/17: €Nialas) dlite d'Institiúid Haughton ó Choláiste na Tríonóide agus suim de €Nialas (2016/17: €9,432) dlite ó hInstitiúid Haughton.

Is cuideachta ghaolmhar faoi theorainn ráthaíochta, nach bhfuil scairchaipiteal aici agus atá cláraithe gan an focal "Teoranta" ina hainm é MMI Clinical Research Development Ireland (Molecular Medicine Ireland (MMI) roimhe seo). Is iad príomhghníomhaíochtaí na cuideachta ná taighde ar bhunúis mhóilíneacha do ghalair, oideachas d'iarchéimithe, oiliúint, taighde agus obair chomhairleach sna bitheolaíochtaí. Tá cúig phríomh-scairshealbhóir (institiúid chomhpháirtíochta) i gceist - NUIG, RCSI, UCC, UCD agus Coláiste na Tríonóide. I rith na tréimhse, rinne Coláiste na Tríonóide íocaíochtaí de €378,895 (2016/17: €Nialas) le MMI agus fuair sé €Nialas (2016/17: €Nialas). Amhail an 30 Meán Fómhair 2018, bhí méid de €Nialas (2016/17: €Nialas) dlite do MMI agus méid de €Nialas (2016/17: €Nialas) dlite ón MMI. Ar bhonn neamhthuilleamaíoch a rinneadh na hidirbhearta go léir. B'ionann glansócmhainní MMI de réir a ráiteas airgeadais amhail an 30 Meán Fómhair 2017 agus €nialas (2016: €Nialas) agus b'ionann an barrachas don bhliain agus €Nialas (2016: €Nialas).

Tá an tIonad Náisiúnta um Thaighde Digiteach (NDRC) Teoranta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aige. Is comhalta de NDRC Teoranta é Coláiste na Tríonóide. I rith na tréimhse, rinne Coláiste na Tríonóide íocaíochtaí de €35,363 (2016/17: €Nialas) le NDRC agus fuair sé €Nialas (2016/17: €Nialas). Amhail an 30 Meán Fómhair 2018, bhí €1,538 (2016/17: €Nialas) dlite ó NDRC Teoranta. B'ionann na glansócmhainní de réir a ráiteas airgeadais iniúchta amhail an 31 Nollaig 2017 agus €1,726,191 (2016: €1,990,049) agus b'ionann an t-easnamh don bhliain agus €263,858 (2016: barrachas de €459,684).

Níl scairchaipiteal ag an Academy of Dramatic Art Limited (ar a dtugtar 'The Lir' freisin) de chuid Coláiste na Tríonóide agus tá sé teoranta trí ráthaíocht. Is páirtí gaolmhar é The Lir mar go bhfuil dhá ionadaí Ollscoile ann as deich gcomhalta iomlán an Bhoird. Is iad a phríomhghníomhaíochtaí Acadamh a bhunú agus a fheidhmiú do sholáthar seirbhísí oideachais, oiliúna agus taighde maidir le drámaíocht. Tá maoin (2,202 méadar cearnach) ar léas ag an Ollscoil le The Lir go dtí an 30 Meán Fómhair 2021, ar chíos ainmniúil €10 in aghaidh na bliana. Tugadh maoin bhreise (636 méadar cearnach) ar léas do The Lir i nDeireadh Fómhair 2014 ar feadh 8 mbliana ar chíos ainmniúil bliantúil de €10. Amhail an 30 Meán Fómhair 2018, bhí €126,072 (2016/17: €159,767) dlite ó The Lir. Ba iad glandhliteanais The Lir de réir a nDréachtráitis Airgeadais amhail an 30 Meán Fómhair 2018 ná €238,306 (2017: €291,960) agus b'ionann an t-easnamh don bhliain agus €53,655 (2017: barrachas de €208,235).

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 28. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

Níl scairchaipiteal ag an nGailearaí Idirnáisiúnta Eolaíochta (ar a dtugtar an 'SGI' freisin) agus tá sé teoranta trí ráthaíocht. Is páirtí gaolmhar é SGI toisc dhá ionadaí de chuid na hOllscoile a bheith i measc na seacht gcomhalta iomlán an Bhoird. Is é an príomhchuspóir lenar bunaíodh an Chuideachta ná oideachas a chur chun cinn trí chruthaitheacht agus fionnachtain a spreagadh tráth a dtagann ealaíon agus eolaíocht le chéile trí líonra idirnáisiúnta de ghníomhaíochtaí eolaíochta a fhorbairt lena n-áirítear taispeántais cuairte, ceardlanna oideachais, cláir agus imeachtaí oiliúna. I rith na tréimhse, rinne an Ollscoil íocaíochtaí €56,527 (2016/17: €87,266) le SGI agus fuair sé €266,550 (2016/17): €554,978) do sheirbhísí a cuireadh ar fáil do SGI. Ar bhonn neamhthuilleamaíoch a rinneadh na hidirbhearta go léir. Amhail an 30 Meán Fómhair 2018, bhí méid de €271,581 (2017: €116,338) dlite ón SGI agus suim de €61,500 (2017: €9,359) dlite don SGI. Ba iad glandliteanais SGI de réir a gcuntas bainistíochta amhail an 30 Meán Fómhair 2018 ná €157,501 (2017: €232,255) agus b'ionann an t-easnamh don bhliain agus €91,471 (2017: barrachas de €76,061).

Is cuideachta theoranta faoi theorainn ráthaíochta é Gailearaí Dhubhghlas de hÍde agus níl scairchaipiteal aici. Is iad príomh-chuspóirí na cuideachta ná staidéar ar na mínealaíona a chur chun cinn agus tuiscint orthu a chothú, ionad buan do thaispeántais saothar ealaíne a chothabháil agus taighde, imscrúdú agus saothair thurgnamhacha a dhéanamh sna healaíona. Is páirtí gaolmhar é Gailearaí Dhubhghlas de hÍde toisc ceathrar as ochtar de chomhaltaí an bhoird a bheith ceaptha ag Coláiste na Tríonóide. I rith na bliana airgeadais, rinne Coláiste na Tríonóide íocaíochtaí €17,360 (2017: €106,735)do Ghailearaí Dhubhghlas de hÍde agus fuair íocaíochta €4,192 (2017: €36,083) i leith cíosa agus costas eile a bhaineann le spás oifige agus taispeántas a sholáthar san Ollscoil. Amhail an 30 Meán Fómhair 2018, bhí méid de €2,482 (2017: €1,600) dlite ó Ghailearaí Dhubhghlas de hÍde agus suim €1,794 (2017: €Nialas) dlite do Ghailearaí Dhubhghlas de hÍde. B'ionann glansócmhainní Institiúid Dhubhghlas de hÍde de réir na ráiteas airgeadais iniúchta amhail an 31 Nollaig 2017 agus €34,557 (2016: €49,350) agus b'ionann an t-easnamh don bhliain agus €14,793 (2016: €23,316).

Is cuideachta faoi theorainn Fondúireacht Bhithgheilleagar na hÉireann (IBF), a ionchorpraíodh i Márta 2017. Is iad Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Comhairle Contae Thiobraid Árann, CMP agus Glanbia Ireland na comhaltaí bunaidh faoi leith.
Is é is cuspóir d'Fhondúireacht Bhithgheilleagar na hÉireann (IBF) tiontú earraí agus seirbhísí ó acmhainní caipitil nádúrtha talún agus mara na hÉireann ina dtáirgí ardluacha a chur chun cinn d'fhonn bithgheilleagar inbhuanaithe a fhorbairt atá iomaíoch ar bhonn domhanda. I rith na tréimhse, rinne Coláiste na Tríonóide íocaíochtaí €5,000 (2016/17: €Nialas) chuig IBF. B'ionann glansócmhainní Fhondúireacht Bhithgheilleagar na hÉireann de réir a ráiteas airgeadais amhail an 31 Nollaig 2017 agus €1,122 agus b'ionann an barrachas don bhliain agus €1,122.

### 29. Sochair Scoir

#### a) Scéim ranníocaíochtaí shainithe agus Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (PRSAnna)

Oibríonn Fondúireacht Choláiste na Tríonóide scéim ranníocaíochta shainithe de réir na brí in Acht na bPinsean 1990. Plean Réitigh Scoir Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide a thugtar uirthi. Thosaigh an scéim an 1 Feabhra 1999. Is ionann an muirear sochair scoir don tréimhse agus ranníocaíochtaí atá le híoc ag Fondúireacht Choláiste na Tríonóide leis an scéim agus b'ionann sin agus €0.09m (2017: €0.10m).

Ina theannta sin agus de réir chomhlíonadh fhorálacha Acht na bPinsean 1990 (arna leasú), tá soláthróirí Chuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (PRSA) ceaptha ag Seirbhísí Ar Líne Choláiste na Tríonóide faoi Theorainn Ráthaíochta. B'ionann an muirear sochair scoir don tréimhse agus ranníocaíochtaí atá le híoc ag Seirbhísí Ar Líne Choláiste na Tríonóide faoi Theorainn Ráthaíochta thar ceann a fostaithe agus €0.04m (2017: €0.04m).

#### b) Scéimeanna shochair scoir shainithe

Bhí na socruithe sochair scoir shainithe seo a leanas ar bun ag an Ollscoil i rith na bliana:

- Máistirscéim Pinsin
- An Scéim Shamplach
- Forlíonadh Pinsin
- Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair

**Máistirscéim**

Sular tharla na hathruithe thíosluaite, rinne an Ollscoil maoiniú ar Mháistirscéim Pinsin, a bhí comhdhéanta de scéim sochair scoir agus de scéim ioncaim míchumais fadtréimhseach, ag feidhmiú faoi Ghníomhas Iontaobhais. Soláthraíonn an Mháistirscéim Pinsin teidlíochtaí sochair scoir d'fhostaithe áirithe, atá bunaithe ar phá inphinsin deiridh agus a chinntítear ag ranníocaíochtaí ón Ollscoil agus ó na fostaithe. Bíonn an Mháistirscéim Pinsin seo i bhfeidhm le fostaithe inphinsin a ceapadh roimh 31 Eanáir 2005 agus tá sí dúnta d'iontrálaithe nua a chuaigh i mbun fostaíochta leis an Ollscoil an 1 Feabhra 2005 nó ina dhiaidh sin. In 2009, achtaíodh reachtaíocht áirithe (féach tuilleadh mionsonraí thíos) le soláthar a dhéanamh do shócmhainní na scéime seo a aistriú chuig Cúlchiste Náisiúnta Pinsin an Stáit, agus le go dtabharfadh an Stát ráthaíocht go n-íocfadh sé teidlíochtaí sochair scoir le comhaltaí ar bhonn íoc mar a thuilltear.

Cuireadh teorainn de 15% den tuarastal inphinsin ar ranníocaíocht na hOllscoile de bharr srianadh ar leibhéal ráta ranníocaíochta na hOllscoile a chuir an HEA i bhfeidhm.

**An Scéim Shamplach**

Bunaíodh an Scéim Eiseamláireach in 2005, tar éis don Roinn Airgeadais agus an Roinn Oideachais agus Scileanna í a cheadú. Tá d'oibleagáid ar an Ollscoil, áfach, ag an HEA sochair scoir a sholáthar faoi rialacha na scéime do dhaoine nua ar an bhfoireann a cheaptar ó 1 Feabhra 2005 go dtí 31 Nollaig 2012. Is socrú sochair scoir shainithe neamh-mhaoinithe é an scéim seo a fheidhmíonn ar bhonn íoc mar a thuilltear. In 2018, cuireadh bonn reachtúil faoin Scéim Shamplach, nuair a ritheadh IR 393 de 2018, faoinar glacadh na rialacha i ndáil le Rialachán a bhí ann cheana i ndáil le Comhaltaí Scéim Pinsin na Seirbhísí Poiblí 2014 (IR 582 de 2014) mar rialacha na Scéime Samplaí, faoi réir athruithe áirithe mar a shonraítear in IR 393 de 2018.

**Forlíonadh Pinsin**

Baineann seo le méaduithe sochair iarscoir do gach ball foirne nach maoinítear iad agus a íoctar ar bhonn íoc mar a thuilltear ó chroí-dheontas atarlaithe na hOllscoile ón HEA.

**Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair**

Bíonn Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair i bhfeidhm le gach ball foirne nua a chuaigh isteach san earnáil phoiblí mar iontrálaithe nua an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Is scéim shochair scoir shainithe í agus tá cuntas déanta ag an Ollscoil dá sciar measta d'oibleagáidí shochair shainithe na scéime seo de réir FRS 102. Íoctar gach ranníocaíocht shochair scoir fostaithe don Scéim Aonair le cuntas pinsin stáit. Feidhmíonn an scéim seo ar bhonn íoc mar a thuillte

**Athruithe bunúsacha ar shocruithe sochair scoir**

Tugadh cainteanna leantacha thar roinnt blianta idir na hollscoileanna, an HEA agus an Rialtas i ndáil le socruithe sochair scoir athbhreithnithe san fhadtéarma a eascraíonn as an staid easnaimh i roinnt scéimeanna sochair scoir de chuid na hOllscoile chun críche in 2009 agus tugadh athruithe reachtúla móra isteach i bhfoirm an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009.

Achtaíodh an tAcht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 an 26 Meitheamh 2009 agus áiríodh ann, i ndáil le Máistirscéim Pinsin na hOllscoile, soláthairtí áirithe, tar éis Ordú Aistrithe ón Aire Airgeadais agus ón Aire Oideachais, le haghaidh sócmhainní na Máistirscéime Pinsin a aistriú chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsin agus le haghaidh íocaíocht leanúnach sochar a bhí le híoc cheana ón Máistirscéim Pinsin.

Cuireadh an t-ordú aistrithe don Mháistirscéim Pinsin i gcrích an 31 Nollaig 2009 agus mar a foráladh sa reachtaíocht:

- cuireadh deireadh leis an iontaobhas a bhí ann agus tháinig deireadh le héifeacht an ghníomhais iontaobhais;
- aistríodh na sócmhainní sochair scoir go léir go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsin;
- Leanann an Ollscoil agus gach ball ag íoc an ráta céanna a íocadh roimhe seo, agus íoctar na ranníocaíochtaí seo chun sochair an Státchiste nó iad a dhiúscairt chun sochair an Státchiste;
- tá an oibleagáid maidir le sochair a íoc de réir na scéime sochair scoir fós mar oibleagáid ar an Ollscoil maidir leis an scéim seo;
- má bhíonn na ranníocaíochtaí comhiomlána a d’íoc baill agus fostaithe nó atá á gcoinneáil thuas neamhleordhóthanach chun oibleagáidí na hOllscoile a chomhlíonadh maidir leis na sochair sin a íoc de réir na Scéime, cúiteoidh an tAire Airgeadais an t-easnamh trí íocaíochtaí a dhéanamh leis an Ollscoil ó chiste arna gcur ar fáil ag an Oireachtas chun na críche sin. Mar sin, tugann an Stát ráthaíocht go ndéanfar oibleagáidí sochair scoir na Máistirscéime Pinsin a íoc agus go n-íocfar iad ar bhonn íoc mar a thuilltear.

Is é tuairim na hOllscoile gurbh ionann cainteanna a tionóladh idir an earnáil, an HEA agus an Rialtas sular tugadh an reachtaíocht chumasúcháin isteach agus dearbhuithe go dtabharfadh an Stát ráthaíocht faoi gach dliteanais shochair scoir de chuid na hOllscoile, i.e. na dliteanais sin a bhaineann leis an Máistirscéim Pinsin agus le socruithe sochair scoir shainithe eile atá ar bun ag an Ollscoil.

Cé go mbaineann an reachtaíocht thuas a achtaíodh i rith 2009 go sonrach leis an Máistirscéim Pinsin, tá an Ollscoil den tuairim go seasfadh an Stát dliteanais shochair scoir amach anseo don Scéim Shamplach agus don Fhorlíonadh Pinsin ar bhonn íoc mar a thuilltear. Tugann an Stát ráthaíocht go n-íocfar dliteanais na hOllscoile faoi Acht Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair ag an Stát faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Mar thoradh air sin rinne an Ollscoil an glan-easnamh sna scéimeanna shochair scoir shainithe a fhritháireamh go hiomlán, le sócmhainn infhaighte pinsin dlite ón Stát á haithint sa Ráiteas Staid Airgeadais atá comhionann leis an nglan-dliteanas sochair scoir.

Sa Bhliain Airgeadais 2018, cuireadh bonn reachtúil faoi IR 393 de 2018 trínar cuireadh bonn reachtúil faoin Scéim Eiseamláireach. Glacann sé le Rialacha i ndáil le Rialachán a bhí ann cheana i ndáil le Comhaltaí Scéim Pinsin na Seirbhísí Poiblí 2014 (IR 582 de 2014) mar rialacha na Scéime Samplaí, faoi réir athruithe áirithe mar a shonraítear in IR 393 de 2018 agus mar sin, measann an Ollscoil go bhfuil sé réasúnach, ar chomhairle a fháil óna comhairleoirí dlí, tagairt don Stát a bheith ag cur ráthaíocht 'de facto' ar fáil i leith na Scéime Samplaí. Féachfaidh an Ollscoil le tuilleadh soiléirithe a fháil ón HEA i ndáil leis an gceist seo.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 29. Sochair Scoir (ar lean)

| **Comhdhlúite agus Ollscoil** | **2018 €'000** | **2017 €'000** |
|---|---|---|
| Luach reatha dhliteanais an phlean | (1,674,748) | (1,701,923) |
| Sochar scoir infhaighte neamhreatha (cearta cúitimh) | 1,674,748 | 1,701,923 |
| | - | - |

| **Anailís ar dhliteanas sochair scoir** | **2018 €'000** | **2017 €'000** |
|---|---|---|
| Máistirscéim Pinsin | (1,018,212) | (1,054,774) |
| Scéim Shamplach agus Forlíonadh Pinsin | (623,838) | (623,940) |
| Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair | (32,698) | (23,209) |
| Luach reatha na n-oibleagáidí neamh-mhaoinithe | (1,674,748) | (1,701,923) |

| **Athruithe ar luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir sainithe** | **2018 €'000** | **2017 €'000** |
|---|---|---|
| Oibleagáid sochair shainithe ag tús na tréimhse | 1,701,923 | 1,743,816 |
| Costas seirbhíse reatha | 69,284 | 74,932 |
| Costas Úis | 38,293 | 27,631 |
| Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe na scéime | 2,325 | 2,222 |
| Éifeacht choigeartuithe ó thaithí ar oibleagáid sochair scoir shainithe | 8,927 | 40,869 |
| Athruithe ar bhoinn tuisceana airgeadais | (110,660) | (153,755) |
| Íocaíochtaí sochair ó chearta aisíocaíochta | (35,344) | (33,792) |
| Oibleagáid sochair scoir shainithe ag deireadh na tréimhse | 1,674,748 | 1,701,923 |

| **Athruithe ar luach cothrom na gcearta aisíocaíochta** | **2018 €'000** | **2017 €'000** |
|---|---|---|
| Luach cothrom na gcearta cúitimh ag tús na tréimhse | 1,701,923 | 1,743,816 |
| Ioncam úis | 38,293 | 27,846 |
| Toradh ar chearta aisíocaíochta | (58,759) | (62,915) |
| Ranníocaíochtaí ón bhfostóir | 26,597 | 25,026 |
| Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe na scéime | 2,325 | 2,222 |
| Íocaíochtaí sochair ó chearta aisíocaíochta | (35,344) | (33,792) |
| Costais riaracháin arna íoc ó chearta cúitimh | (287) | (280) |
| Luach cóir ar chearta cúitimh ag deireadh na bliana | 1,674,748 | 1,701,923 |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 29. Sochair Scoir (ar lean)

| Comhdhlúite agus Ollscoil | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Seo a leanas méideanna a aithnítear i Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach i ndáil leis an bplean: | | |
| **An méid san áireamh i gcostais foirne** | | |
| Costais sheirbhíse reatha | 69,284 | 74,932 |
| Iomlán | 69,284 | 74,932 |
| **Méid a aithnítear in Ioncam Cuimsitheach Eile** | | |
| Toradh ar chearta cúitimh sochair scoir | 58,759 | 62,915 |
| Coigeartuithe ó thaithí | 8,927 | 40,869 |
| Athruithe ar bhoinn tuisceana mar bhonn taca ag luach reatha an phlean | (110,660) | (153,755) |
| (Gnóthachain)/caillteanais iomlána | (42,974) | (49,971) |

Ní áirítear sna suimeanna thuas an tionchar atá ag gluaiseachtaí gaolmhara ar an sochar scoir infhaighte a dhéantar a fhritháireamh in aghaidh na suimeanna a luaitear thuas.

### Glandliteanas sochair scoir

Tá luacháil oibleagáidí sochair shainithe na hOllscoile chun críche nochtuithe FRS 102 déanta ag achtúire neamhspleách atá cáilithe go gairmiúil amhail dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais.

Mar seo a leanas a bhí na boinn tuisceana a d'úsáid na hachtúirí chun na dliteanais a luacháil amhail an 30 Meán Fómhair 2018:

### Boinn tuisceana airgeadais:

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Modh Luachála | Aonad Fortheilgthe | Aonad Fortheilgthe |
| Ráta lascaine | 2.30% | 2.25% |
| Ráta boilscithe | 1.75% | 1.75% |
| Arduithe ar thuarastal | 3.25% | 3.25% |
| Forlíonadh pinsin | 2.25% | 2.25% |

Tá an ráta lascaine 2.30% bunaithe ar Innéacs Cuair Toraidh Mercer le haghaidh bannaí corparáideacha ardchaighdeáin, mar is cuí fad a mhairfidh dliteanais na scéimeanna.

Tá na boinn tuisceana a bhaineann le fad saoil atá mar bhonn taca do na dliteanais phinsin ag dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais bunaithe ar thháblaí básmhaireachta achtúireacha caighdeánacha agus ceadaíonn siad d'fheabhsúcháin ar fhad saoil amach anseo. Is ionann na boinn tuisceana agus a bheith ag súil go mairfidh duine 65 bliain d'aois roinnt blianta mar seo a leanas:

### Básmhaireacht

| Ionchais saoil mheasta ar dhul ar scor ag aois 65 | an 30 Meán Fómhair 2018 | | an 30 Meán Fómhair 2017 | |
|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | Fir | Mná |
| Ag dul ar scor inniu (aois 65) | 22.4 | 24.3 | 23.0 | 25.0 |
| Ag dul ar scor i gceann 25 bliain (aois inniu 40) | 24.6 | 26.5 | 25.8 | 27.9 |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 29. Sochair Scoir (ar lean)

B'ionann ranníocaíochtaí measta an fhostóra don bhliain airgeadais 2019 agus €25.5m. B'ionann ranníocaíochtaí an fhostóra don bhliain airgeadais 2018 agus €26.6m.

### 30. Dliteanas Teagmhasach

In 2017, chuaigh an Ollscoil i mbun dhá chomhaontú ainmniúcháin gearrthéarmacha, faoina bhfuil an Ollscoil faoi dhliteanas i ndáil le heasnamh maidir le líon áiteanna cónaithe mac léinn a ligean amach ar cíos. Is €17.6m uasluach an dliteanais amhail an 30 Meán Fómhair 2018. Níl an Ollscoil ag súil le haon dhliteanas a thabhú mar thoradh ar na conarthaí seo ós rud é go bhfuiltear ag súil go ligfear gach áit chónaithe ar cíos de réir na gcomhaontuithe ainmniúcháin.

Fuarthas aighneacht i ndáil le híocaíocht bhreise faoin Ordú Fostaíochta Earnála (Earnáil na Tógála) 2017 (SEO), ó phríomhchonraitheoir na n-oibreacha ar thionscadal caipitil. Níl glactha ag Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Ghala leis an éileamh agus i bhfianaise na neamhchinnteachtaí a bhaineann leis an éileamh, níl aon soláthar déanta i ndáil le haon dhliteanais a bhaineann leis an éileamh seo sna ráitis airgeadais.

### 31. Coigeartuithe na Bliana Roimhe Sin

| Ioncam ó Tháillí Acadúla | Mar a sonraíodh roimhe seo 2017 €'000 | Coigeartú 2017 €'000 | Athshonraithe 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó tháillí acadúla - nóta 3 | 136,846 | 477 | 137,323 |
| Táillí acadúla faighte roimh ré - nóta 18 | 60,293 | (9,082) | 51,211 |
| Cúlchiste neamhshrianta tosaigh | | 8,605 | |

Tá athbhreithniú déanta ag an Ollscoil ar an bpolasaí atá aici chun ioncam a bhaineann le táillí acadúla a aithint, atá ag teacht go hiomlán anois leis an mbliain airgeadais ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 30 Meán Fómhair agus áirítear ann gnéithe de tháillí a bhaineann le dhá bhliain acadúla éagsúla. Déantar táillí acadúla a thabhú ó mhic léinn fochéime ó thús théarma na Féile Michíl ag deireadh mhí Lúnasa gach bliain. Is féidir le mic léinn fochéime incháilithe clárú agus tá na táillí acadúla iníoctha ón dáta sin ina gcuimsítear teagasc, rochtain i gcaitheamh na bliana ar an bhfoireann agus ar na háiseanna, páipéir scrúdaithe a cheartú agus scrúduithe a shuí arís más gá. Dá réir sin, mar thoradh ar an athrú ar pholasaí, tá glanioncam breise €1.2m maidir le táillí acadúla aitheanta ag Coláiste na Tríonóide i ráitis airgeadais na bliana reatha.

Bhí tionchar ar ráitis airgeadais na bliana roimhe sin chun an glanioncam breise €0.5m maidir le táillí acadúla in 2016/2017 a aithint (nóta 3). Méadaíodh na cúlchistí neamhshrianta tosaigh amhail an 1 Deireadh Fómhair 2016 €8.6m chun aitheantas i ndáil le táillí acadúla breise roimh an dáta sin a léiriú i gcomhréir leis an mbeartas athbhreithnithe. Laghdaíodh na táillí acadúla a fuarthas roimh ré (nóta 18) amhail Meán Fómhair 2017 €9.1m.

| Ús ó Iasachtaí Caipitlithe | Mar a sonraíodh roimhe seo 2017 €'000 | Coigeartú 2017 €'000 | Athsonraithe €'000 |
|---|---|---|---|
| Talamh agus Foirgnimh (Glanluach Leabhair) - nóta 12 | 902,623 | 1,578 | 904,201 |
| Ús agus costais airgeadais eile - nóta 10 | 1,601 | (907) | 694 |
| Cúlchiste neamhshrianta tosaigh | | 671 | |

Tá beartas maidir le costais iasachta a chaipitliú sa bhliain reatha glactha ag an Ollscoil ar an mbun go gcuireann an beartas cuntasaíochta athbhreithnithe eolas níos cuí ar fáil maidir leis an staid airgeadais. Ba é an tionchar a bhí i gceist leis an mbliain reatha ná na breisithe a bhain le sócmhainní seasta a mhéadú (nóta 12) de mhéid úis a caipitlíodh; €1.1m, agus an t-ús iníoctha a laghdú an méid céanna (nóta 10).

Ba é an tionchar a bhí i gceist maidir le ráitis airgeadais na bliana roimhe sin ná glanluach leabhair na sócmhainní seasta a mhéadú €1.6m (nóta 12) agus an t-ús iníoctha a laghdú €0.9m (nóta 10). Ba é an tionchar a bhí i gceist roimh 2017 ná glanluach leabhair na sócmhainní seasta agus na cúlchistí neamhshrianta tosaigh amhail an 1 Deireadh Fómhair 2016 a mhéadú €0.7

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 31. Coigeartuithe na Bliana Roimhe Sin (ar lean)

| Ciste Ollscoil Átha Cliath a chomhdhlúthú | Mar a sonraíodh roimhe seo 2017 €'000 | Coigeartú 2017 €'000 | Athsonraithe €'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid - nóta 25 | 185,331 | 284 | 185,615 |
| Cúlchiste neamhshrianta tosaigh | | 284 | |

Iontaobhas carthanais atá i gCiste Ollscoil Átha Cliath a bunaíodh sna Stáit Aontaithe i 1954 chun críocha tacú le cuspóirí oideachais Choláiste na Tríonóide in Éirinn agus sna Stáit Aontaithe araon. Measann an Ollscoil anois gur gnóthas fochuideachta atá i gCiste Ollscoil Átha Cliath anois i gcomhréir le FRS102 agus le SORP mar gur chun leasa na hOllscoile agus sin amháin atá gníomhaíochtaí Chiste Ollscoil Átha Cliath.

Ba é an tionchar a bhí aige ar ráitis airgeadais na bliana roimhe sin ná airgead tirim agus coibhéisí airgid a mhéadú (nóta 25) €0.3m agus cúlchistí neamhshrianta tosaigh amhail an 1 Deireadh Fómhair 2016 a mhéadú den mhéid chéanna.

Is mar seo a leanas a bhí an tionchar foriomlán ar ráitis airgeadais na Bliana Airgeadais 2017 mar thoradh ar choigeartuithe na bliana roimhe sin atá luaite thuas:

| | Mar a sonraíodh roimhe seo 2017 €'000 | Coigeartú 2017 €'000 | Athsonraithe €'000 |
|---|---|---|---|
| **Comhdhlúite** | | | |
| Easnamh don bhliain | (4,860) | 1,384 | (3,476) |
| Glansócmhainní amhail an 30 Meán Fómhair 2017 | 800,288 | 10,945 | 811,233 |
| Glansócmhainní amhail an 30 Meán Fómhair 2016 | 805,148 | 9,561 | 814,709 |
| **Ollscoil** | | | |
| Easnamh don bhliain | (9,168) | 1,384 | (7,784) |
| Glansócmhainní amhail an 30 Meán Fómhair 2017 | 779,581 | 10,660 | 790,241 |
| Glansócmhainní amhail an 30 Meán Fómhair 2016 | 788,749 | 9,276 | 798,025 |

### 32. Imeachtaí i ndiaidh na tréimhse tuairiscithe

Síníodh comhaontú iasachta €100m leis an mBanc Infheistíochta Eorpach an 5 Deireadh Fómhair 2018. Tá an sceideal chun an iasacht sin a tharraingt anuas le socrú fós.

Níor tharla aon imeachtaí eile a éilíonn go nochtfar iad tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

### 33. Na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite a cheadú

Cheadaigh Bord na hOllscoile na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite an 27 Márta 2019.

**34. Bainistíocht ar Dheontais ó Chistí Státchiste agus Cuntasacht i leith na gCistí sin**

**Deontais Taighde**

| Deontóir | Roinn/Oifig um Mhaoiniú Rialtais | Deontas Iarchurtha / (Dlite) 01/10/17 | Airgead tirim faighte 2017/18 | Glactha san Ioncam 2017/18 | Deontas Iarchurtha / (Dlite) 30/09/18 |
|---|---|---|---|---|---|
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | 13,198 | 33,766 | 42,346 | 4,618 |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | An Roinn Oideachais agus Scileanna | (832) | 305 | 253 | (780) |
| HRB | An Roinn Sláinte | 2,502 | 7,569 | 8,215 | 1,856 |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 2,153 | 6,316 | 6,787 | 1,682 |
| Fiontraíocht Éireann | An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | 1,079 | 4,272 | 6,203 | (852) |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil | (574) | 738 | 913 | (749) |
| Foras na Mara | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | (3) | 134 | 26 | 105 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | An Roinn Sláinte | 82 | 315 | 257 | 140 |
| Gníomhaireachtaí Rialtais na hÉireann/Stáit eile | Ranna éagsúla | (28) | 246 | 387 | (169) |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | (116) | 417 | 212 | 89 |
| Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann | An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil | 53 | 182 | 312 | (77) |
| An Roinn Sláinte agus Leanaí | An Roinn Sláinte agus Leanaí | 325 | 2,845 | 322 | 2,848 |
| An Roinn Ealaíon | An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta | (187) | 235 | 193 | (145) |
| Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath | An Roinn Oideachais agus Scileanna | (36) | 166 | 155 | (25) |
| Teagasc | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | (35) | 124 | 179 | (90) |
| An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 17 | 46 | 38 | 25 |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil | (17) | 87 | 97 | (27) |
| Altranas & Cnáimhseachas Pleanáil & Forbairt | An Roinn Sláinte | 40 | (12) | 17 | 11 |
| An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta | 69 | - | 12 | 57 |
| Cúnamh Éireann | An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála atá freagrach as an mBreatimeacht | (1) | - | - | (1) |
| Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann | An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil | 149 | - | 79 | 70 |
| Tithe an Oireachtais | Roinn an Taoisigh | 129 | - | 112 | 17 |
| Deontais Taighde Státchiste Iomlána | | 17,967 | 57,751 | 67,115 | 8,603 |
| Deontais Taighde Neamh-Státchiste Iomlána | | 19,339 | 36,880 | 36,302 | 19,917 |
| **Iomlán de réir cuntas Taighde** | | **37,306** | **94,631** | **103,417** | **28,520** |
| Coigeartuithe eile | | 3,375 | (1,985) | (3,737) | 5,127 |
| **Deontais taighde agus conarthaí de réir Ráiteas Airgeadais** | | **40,681** | **92,646** | **99,680** | **33,647** |

**Deontais chaipitil**

Fuair an Ollscoil ioncam deontais €3.1m (FY16/17: €3.0m faoin gclár taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI V) sa tréimhse. Tugann Coláiste na Tríonóide tuairisceáin don HEA ar bhonn ráithiúil, bunaithe ar an gcaiteachas iarbhír a thabhaítear ar dheontais chaipitil arna maoiniú ag an HEA. Tá gach caiteachas den chineál sin a thabhaítear ar aon dul le téarmaí agus coinníollacha sonracha an deontais chaipitil. Caitear le gach maoiniú a fhaightear ón HEA le haghaidh Deontas Chaipitil ar aon dul le téarmaí agus coinníollacha sonracha mar atá leagtha amach ag an HEA agus ag teacht le beartais agus treoirlínte Rialtais.

Mhaoinigh na gníomhaireachtaí seo a leanas gnéithe de chaiteachas Taighde a tuairiscíodh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite:

**An Rannóg Seirbhísí Airgeadais**
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath
5 Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2
Éire

**T 01 896 1000**
**R financial.services@tcd.ie**

Chun níos mó eolais a fháil,
déan teagmháil le
Rannóg Seirbhísí Airgeadais na hOllscoile.

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil arna tíolacadh do Thithe an Oireachtais

## Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018 mar a éilítear faoi Acht na nOllscoileanna, 1997. Tá na ráitis airgeadais ar leathanaigh 19 go 50 comhdhéanta de

- ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile maidir le hioncam cuimsitheach
- ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar athruithe sa chúlchiste
- ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas comhdhlúite maidir le sreafaí airgid
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na hOllscoile agus ghrúpa na hOllscoile amhail an 30 Meán Fómhair 2018 agus ar ioncam agus ar chaiteachas na hOllscoile agus ghrúpa na hOllscoile don bhliain dar críoch ar an dáta sin de réir Chaighdeán Tuairiscíochta Airgeadais (FRS) 102 - *an Caighdeán Tuairiscíochta Airgeadais atá infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

### Béim ar ábhar - maoiniú sócmhainne pinsin iarchurtha

Gan mo thuairim ar na ráitis airgeadais a cháiliú, tarraingím aird ar Nóta 29 Sochair Scoir.

Déantar sócmhainní maoinithe pinsin iarchurtha i ndáil leis an Máistirscéim Pinsin (€1,018 milliún) agus le Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí (€33 milliún) a aithint de réir fhorálacha reachtúla a bhaineann le maoiniú na scéimeanna sin.

Léirítear tríd an tsócmhainn pinsin iarchurtha €624 milliún maidir leis an Scéim Eiseamláireach agus leis an Scéim Pinsin Fhorlíontach a aithint go gcuirfidh an Stát maoiniú ar fáil chun freastal ar dhliteanais phinsin de réir mar a bhíonn siad dlite. Tá bonn tuisceana sa chur chuige cuntasaíochta seo go gcuirfear aon ioncam a ghineann an Ollscoil i bhfeidhm ar dtús i dtreo costas reatha agus go bhfreastalóidh aon mhaoiniú ón Stát ar aon easnamh sócmhainní a bheadh i gceist chun dliteanais pinsin a chomhlíonadh amach anseo.

### Bunús Tuairime

Thug mé faoin iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an Ollscoil agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de *réir Chód Eiticí na hEagraíochta Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta* comhlíonta agam.

Le linn dom an t-iniúchadh a sheoladh, féachaim le bheith ag brath ar fhianaise ó iniúchadh na ráiteas airgeadais ag iniúchóirí arna bhfostú ag an Ollscoil.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam leordhóthanach agus oiriúnach chun bunús a thabhairt do mo thuairim.

## Tuarascáil ar fhaisnéis seachas faisnéis atá sna ráitis airgeadais agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an Ollscoil chomh maith leis na ráitis airgeadais. Tá sin comhdhéanta de thuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais, an ráiteas ar fhreagrachtaí, an ráiteas ar rialachas agus ar rialú inmheánach agus [ar leathanach 51) an ráiteas ar bhainistiú agus ar chuntasacht deontas ó chistí Státchiste.


Déantar cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le faisnéis den chineál sin agus ar nithe áirithe eile a dtuairiscím trí eisceacht.

*Soláthar i ndáil le táillí mac léinn nach bhfuil íoctha*

Nochtar sa ráiteas ar rialachas agus ar rialú inmheánach (leathanach 11) gur teipeadh suimeanna a bhí gan íoc a leanúint suas i gcúinsí áirithe de bharr nach raibh réiteach ar tháillí mac léinn curtha i gcrích i dtréimhsí roimhe sin. Áirítear i ráitis airgeadais 2017/18 soláthar €1.2 milliún i ndáil le táillí a bhfuil sé socraithe ag an Ollscoil go mbeidh sé deacair iad a aisghabháil. Leagtar amach sa ráiteas na céimeanna atá á nglacadh chun na suimeanna gan íoc sin a aisghabháil agus mar a rachfar i ngleic leis an laigeacht a aithníodh.

*Neamhchomhlíonadh i ndáil le rialacha soláthair*

Nochtar sa ráiteas ar rialachas agus ar rialú inmheánach (leathanach 11) gur thabhaigh an Ollscoil caiteachas ollmhór ar earraí agus ar sheirbhísí agus nach raibh an soláthar a deineadh ina leith ag comhlíonadh na nósanna imeachta iomchuí.



Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

29 Márta 2019

Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Tá na comhaltaí freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú ar an modh atá leagtha amach faoi Acht na nOllscoileanna 1997
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- oiriúnacht úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a mheas, agus,
- rialú inmheánach dá leithéid a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi Acht na nOllscoileanna 1997 ráiteas airgeadais na hOllscoile a iniúchadh agus tuairisciú ina leith chuig Tithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i gcrích agam ná teacht ar dhearbhú réasúnach ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is cinnteacht ag ardleibhéal atá i gceist le cinnteacht réasúnta, ach ní dearbhú é sin go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna ar aon mhíráiteas ábhartha má bhíonn a leithéid i gceist ann. Is féidir le míráitis teacht chun cinn de bharr calaoise nó earráide agus breithnítear gur míráitis ábhartha atá i gceist, as féin nó go comhiomlán, más rud é go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíochta a ghlacfadh úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus cloím le sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Lena linn sin déanaim,

- na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé acu atá sé mar thoradh ar chalaois nó earráid a shainaithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta a leagan amach agus a chur i gcrích atá freagrúil do na rioscaí sin; fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach dtiocfar ar mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois seachas mar gheall ar earráid, ós rud é go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó rialú inmheánach a shárú a bheith i gceist.
- tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá oiriúnach sna himthosca, ach nach bhfuil chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúnacht na meastachán cuntasaíocht agus na nochtuithe ábhartha a mheas.
- oiriúnacht maidir le húsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a chinneadh, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, maidir le cibé acu a bhfuil éiginnteacht ábhartha ann nó nach bhfuil a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na hOllscoile leanúint de bheith ina gnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé de cheanglas orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe ábhartha atá sna ráitis airgeadais, nó mura leor nochtuithe dá leithéid, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh sé tarlú go gcaithfeadh an Ollscoil stopadh dena bheith ina gnóthas leantach de bharr imeachtaí nó coinníollacha amach anseo áfach.
- Déanaim cur i láthair, struchtúr agus ábhar ginearálta na ráiteas airgeadais a mheas, lena n-áirítear nochtuithe, agus cibé an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na himeachtaí ar bhealach trína mbaintear amach cur i láthair atá cothrom.

Déanaim teagmháil leosan a leagtar de chúram orthu rialachas maidir le, i measc ábhair eile, scóip agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní bhaineann mo thuairim a thugaim ar na ráitis airgeadais le haon fhaisnéis eile a ndéantar a chur i láthair sna ráitis sin, agus ní thugaim aon deimhniú conclúideach de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá de sé cheanglas orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó sin an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist san fhaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí a fhaigheann maoiniú substaintiúil ón Stát maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tuairiscím má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thug m'iniúchadh ar aird aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím trí eisceacht chomh maith más rud é, de réir mo thuairime,

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach raibh taifid chuntasaíochta an chomhlachta leordhóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.